# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

*Cúram Níos Sábhailte agus Níos Fearr*

# Clár


**Réamhrá an Chathaoirligh** 3

**Réamhrá an POF** 6

**Ráiteas ó Phríomhchigire na Seirbhísí Shóisialta** 8

**1 Maidir leis an ÚFCS** **11**

1.1 Réamhrá 11

1.2 Ár mandáid agus ár ngníomhaíochtaí 11

**2 Rialachas agus bainistíocht** **13**

2.1 Ár mBord 13

2.2 Cruinnithe an Bhoird 16

2.3 Coistí an Bhoird 16

2.4 An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin 17

2.5 Rialachas corparáideach 18

**3 Cuspóirí straitéiseacha** **19**

3.1 Ráiteas misin, léargas agus luachanna 19

3.2 Cuspóirí straitéiseacha 21

2020 i bhfigiúirí 22

**4 Príomhghníomhaíochtaí** **23**

4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomhchigire agus na Stiúrthóireachta Rialála 23

*4.1.1 Rialáil na dtithe altranais* *24*

*4.1.2 Rialáil na n-ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas (daoine fásta agus leanaí)* *37*

*4.1.3 Clár dearbhaithe agus rialála a chur ar fáil maidir le cáillíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúraim shóisialta sainithe i leith leanaí in Éirinn* *47*

*4.1.4 Seirbhísí sláinte* *53*

*4.1.5 Tacaíochtaí COVID-19 do sheirbhísí agus d'athchóiriú rialála* *58*

4.2 Measúnú na teicneolaíochta sláinte agus sintéis na fianaise 64
*4.2.1 Sintéis na fianaise agus comhairle maidir le COVID-19 65*
*4.2.2 MTS (Measúnú na teicneolaíochta sláinte) 69*
*4.2.3 An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh (CCNS) -Tacaíocht do shintéis na fianaise 71*
*4.2.4 BTS-CEAEC - Tacaíocht do na Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta 72*
*4.2.5 Fianaise i leith Beartais 76*
*4.2.6 Teagmháil le na Geallsealbhóirí 78*

4.3 Caighdeáin an tsláinte agus an chúraim shóisialta 81
*4.3.1 Cumas agus inniúlacht a thógáil sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta 81*
*4.3.2 Caighdeáin náisiúnta 85*

4.4 Faisnéis sláinte 89
*4.4.1 Caighdeáin Theicniúla 89*
*4.4.2 Cáilíocht na Faisnéise Sláinte 93*
*4.4.3 An Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim 96*

4.5 An Rannán um Oibríochtaí, Cumarsáid agus Teagmháil is Faisnéis na nGeallsealbhóirí 100
*4.5.1 Freagairt ar an gCOVID-19 100*
*4.5.2 An Rannán Faisnéise 101*
*4.5.3 Cumarsáid agus teagmháil le na geallsealbhóirí 102*
*4.5.4 Oibríochtaí 103*

**5 Ráitis an airgeadais bliantúla 105**

**Aguisíní** 143
Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil ar nochtaí cosanta 143
Aguisín 2: Cairt Seirbhíse 144
Aguisín 3: Tuarascáil um Shaoráil Faisnéise 145
Aguisín 4: Ídiú fuinnimh 146
Aguisín 5: Bainistíocht na ngearán 148
Aguisín 6: An tAcht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann 2014 149
Aguisín 7: Comhdhálacha agus léachtaí 150
Aguisín 8: Foilseacháin acadúla 151

# Réamhrá an Chathaoirligh



**An t-Ollamh Pat O'Mahony,**
Cathaoirleach

**Ní mar an gcéanna le ceann eile ar bith a bhí sa bhliain 2020 agus léiríonn Tuarascáil Bhliantúil 2020 an ÚFCS a leithéid. Ba an-dheacair an bhliain í do go leor againn. Thar ceann ÚFCS, gabhaim mo chomhbhrón ó chroí dóibh siúd go léir a chaill duine dá muintir don COVID-19.**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann go léir as díogras a gcuid oibre agus as an stuaim lena ndeacaigh siad i ngleic le dúshláin nua na bliana 2020, chomh maith lena chinntiú gur chomhlíonamar ár gcuspóirí i rith na bliana. Molaim iad as a gcuid solúbthacht agus as an obair thar an ngnáth a rinneadar i rith na géarchéime náisiúnta. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don obair gan staonadh a rinne an fhoireann sláinte agus cúraim ar fud chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar an bpaindéim.

Agus sinne ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár sainchúraim agus ag comhlíonadh cuspóirí ár bplean gnó, bhaineamar úsáid as ár gcuid cumhachtaí, ár gcuid acmhainní agus ár gcuid saineolais chun cur leis an gcomhrac náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoinne an ghalair. Mar chomhalta den Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (FNÉSP) agus a cuid foghrúpaí, chuamar i dteagmháil leis an Rialtas agus leis an gcóras sláinte phoiblí ó thús na héigeandála. I rith na bliana, rinneamar teagmháil lenár ngeallsealbhóirí agus d'oibríomar go dlúth leo chun dul i ngleic le chéile le mórán na ndúshlán a mbaineann leis an COVID-19.

Mar an comhlacht atá freagrach as measúnuithe teicneolaíochta sláinte a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais náisiúnta agus seirbhíse sláinte in Éirinn, chuireamar eolas chun cinn faoin víreas a bhí ag teacht chun cinn. Chuir ár gcuid oibre sintéise fianaise comhairle ar fáil do chinnteoirí maidir le conas a d'fhéadfaí COVID-19 a aithint, a rianú agus a aimsiú níos fearr, agus conas coimirce níos fearr a thabhairt dóibh siúd ar lagchuidiú. Bhunaíomar Grúpa Comhairleach Saineolaithe ildisciplíneach an COVID-19 chun sain-ionchur a chur ar fáil dár gcuid obair sintéise fianaise, agus rinneamar forbairt ar ár gcomhairle do FNÉSP.

As Mar rialtóir, leanamar ag déanamh monatóireachta ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, ag freagairt don riosca agus ag déanamh teagmháil le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun cuidiú níos fearr leis na seirbhísí sin a raibh tacaíocht ag teastáil uathu. Tuigeann an pobal go léir an tionchar a bhí ag COVID-19 sna tithe altranais go háirithe, agus táimid geallta do leanúint as aird a tharraingt ar na hathruithe riachtanacha maidir leis an reachtaíocht agus leis an mbeartas chun ár muintir ar lagchuidiú a chosaint.

Mar chuid dár ngníomhaíochtaí monatóireachta i leith na seirbhísí cúram sláinte, rinneamar cleachtadh measúnaithe riosca achomair um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe thar ceann an FNÉSP, a baineadh úsáid as chun cabhrú lena chuid cinnteoireacht maidir le riosca agus le tacaíochtaí breise a chur ar fáil do na hospidéil ghéarmhíochaine sa réimse lena bhain. Rinneamar an uirlis féinmheasúnaithe seo a oiriúnú chomh maith chun cabhrú leis an bhFSS a measúnuithe féin a dhéanamh ina dhiaidh sin sna hospidéil phríobháideacha. De réir mar a tháinig tionchar an COVID-19 níos soiléire i rith na bliana, thugamar faoi deara na heasnaimh sa chreat rialála do sheirbhísí cúraim shóisialta atá ar fáil dúinn.

Cé gur iarramar cheana féin an creat a athchóiriú, scríobh mé mar Chathaoirleach chuig an Aire ag lorg leasuithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar an reachtaíocht atá dírithe ar choimirce níos fearr a chur ar fáil don mhuintir ar lagchuidiú atá faoi chúram. Táimid ag obair anois leis an Roinn Sláinte chun cuid de na leasaithe seo a chur i bhfeidhm.

Chuireamar leis na hiarrachtaí náisiúnta freisin tríd an rianú teagmhála, trí bhaill dár bhfoireann a ath-lonnú chuig comhlachtaí sláinte eile, agus trí thacaíochtaí a fhorbairt don earnáil níos fairsinge. Mar shampla, bhunaíomar an Mol um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe chun tacú le hionaid ainmnithe, agus chuireamar modúl r-fhoghlama nua maidir le cosc agus rialú an ionfhabhtaithe chun tacaíocht agus uasoiliúint a thabhairt d’foirne sláinte agus cúraim shóisialta. Tá rochtain ag os cionn 16,000 duine ar an gclár seo, a bhformhór ag obair sna seirbhísí sláinte nó cúraim shóisialta.

Tá sé mar aidhm ag ÚFCS cáilíocht na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn a fheabhsú. Le linn na bliana 2020, leanamar leis an obair seo thar roinnt réimsí, ina measc cosaint na ndaoine fásta sna seirbhísí a chur chun cinn, agus forbairt a dhéanamh ar na caighdeáin náisiúnta nua maidir le taithí na leanaí sna seirbhísí a fheabhsú.

Ag tús na bliana, d’fhoilsíomar na torthaí a tháinig as ár gcuid cigireachtaí ar na haonaid mháithreachais agus na hospidéil mháithreachais ar fud na tíre, ag leagan amach roinnt moltaí chun feabhsú a chur ar an gcúram máithreachais atá ar fáil do mhná na hÉireann. I mí Dheireadh Fómhair, chonaiceamar torthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí an Mháithreachais in Éirinn, agus d’fhreagair 85% de na máithreacha nua go bhfuair siad cúram mhaith nó an-mhaith. Is fiú trácht air gur léirigh na mná na réimsí a bhfuil feabhas uathu agus leanaimid orainn ag obair i dteannta leis an bhFSS agus leis an Roinn Sláinte ina leith.

Chuir imeachtaí na bliana 2020 béim bhreise ar an ngá le forbairt a dhéanamh ar ár gcuid beartais, ár gcuid córais agus an reachtaíocht a mbaineann le faisnéis na tsláinte. Agus sinne ag déileáil leis na príomh-cheisteanna ar nós rianú teagmhála agus rolladh amach an vacsaínithe, cuirtear an béim ar an ngá le gnéithe lárnacha na r-Shláinte atá sa straitéis Sláintecare. D’fhorbraíomar moltaí maidir le hachoimre náisiúnta leictreonach ar othair a chur i bhfeidhm don Aire Sláinte agus rinneamar suirbhé ar thuairimí phobal na hÉireann maidir le bailiú, úsáid agus comhroinnt a gcuid faisnéise sláinte. Is céimeanna suntasacha iad seo chun an r-Shláinte a chur i bhfeidhm in Éirinn, agus cuirfimid an obair tábhachtach seo chun cinn i réimse samhaltú na faisnéise sa bhliain 2021.

Ag féachaint amach romhainn, leanfaidh an COVID-19 ina dhúshlán dúinn go léir san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta sna blianta atá le teacht. Oibreoimid chun moltaí Phainéal Saineolaithe na dTithe Altranais maidir le COVID-19 a chur i bhfeidhm. Ullmhóimid freisin chun freagrachtaí nua a ghlacadh, iad siúd atá leagtha amach i gClár an Rialtais agus in áiteanna eile, lena n-áirítear forbairt an Bhille um Shábháilteacht Othar, rialáil na n-ionad cónaithe do leanaí agus seirbhísí cúram baile chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar ionaid an tsoláthair dhírigh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le baill Bhord an ÚFCS as an gcomhairle agus an treoir a thug siad dom i rith bliana an-ghnóthach, agus lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte. Táim ag tnúth le leanúint as na cuspóirí a leagadh amach inár bPlean Corparáideach a sheachadadh sa bhliain 2021, a chinnteoidh go leanfaidh ÚFCS ag glacadh páirt dearfach agus lárnach i gcáilíocht agus i sábháilteacht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**An t-Ollamh Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

# Réamhrá an POF



**Phelim Quinn,**
POF

**Cuireann an tuarascáil bhliantúil seo léargas ar fáil ar ár gcuid oibre sa bhliain 2020 chun ár gcúram a chomhlíonadh, agus sinne ag obair oibrímid chun géarchéim na paindéime COVID-19 a sharú.**

Mar Phríomhfheidhmeannach, is cúis bhróid dom gur ghlac an ÚFCS ról gníomhach agus suntasach san fheachtas náisiúnta i gcoinne an COVID-19.

Ba mhaith liom solúbthacht agus freagrúlacht fhoireann an ÚFSC a aithint agus í ag seachadadh ní amháin a clár oibre pleanáilte, ach ag baint cuspóirí breise amach d'ainneoin d'ainneoin na n-éileamh nach bhfacthas riamh. Ar bhonn leanúnach le bliain anuas, bhí ár bhfoireann ag obair go déanach agus le linn deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí ar mhaithe leis an leas náisiúnta. Agus é sin á dhéanamh aige, lean an ÚFSC ag díriú ar a chuid príomhchuspóirí maidir le seirbhísí a dhéanamh níos sábháilte, ag cinntiú i gcónaí go gcuirtear cáilíocht an chúraim is airde ar fáil, ag soláthar comhairle agus fianaise chun treoir a thabhairt do chinntí áitiúla agus náisiúnta maidir le sheirbhísí agus beartas, agus ag leanúint ar aghaidh le foinse faisnéise iontaofa a chur ar fáil don phobal agus dár ngeallsealbhóirí.

Mar a thuairiscíonn Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, ba cheann de na tionchair is mó ar ár n-eagraíocht agus ar ár bhfoireann ná éifeacht na paindéime ar an gcuid den phobal is mó ar lagchuidiú agus ar a gcuid teaghlaigh. Is mian liom comhbhrón ó chroí a dhéanamh le teaghlaigh agus le daoine muinteartha iad siúd a fuair bás den COVID-19. Tá éifeacht an víris ar theaghlaigh agus ar ghaolta le feiceáil go soiléir i líon suntasach na ndaoine a rinne teagmháil lenár línte tacaíochta ag lorg comhairle, treoraíochta agus faisnéise faoi thionchar na paindéime ar a gcuid gaolta.

Táim bródúil as an mbealach a raibh foireann an ÚFSC in ann ár gcláir rialála a chothabháil go sábháilte, chomh maith leis an obair a bhí á déanamh acu chun tacú le pleanálaithe, lucht déanta polasaithe agus soláthraithe na seirbhíse agus iad ag cur seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil in ainneoin na ndúshlán. Chuir an taithí a fuaireamar as rialáil le linn na paindéime an béim ar an ngá leis an gcaoi a chuirtear seirbhísí ar fáil dár saoránaigh aosta go háirithe a athchóiriú agus, chomh maith le sin, ar an ngá le cosaint níos fearr a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i seirbhísí neamhrialaithe.

Beidh leasú na rialála mar cheann de phríomhaidhmeanna an ÚFCS sna blianta amach romhainn, de réir mar a théann na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta i ngleic ar thorthaí fadtéarmacha na paindéime.

Ina theannta sin, chuamar in oiriúint ar na hathruithe maidir le éilimh agus riachtanais an fhreagra náisiúnta sláinte poiblí ar an bpaindéim. Bhí siad seo le feiceáil go háirithe ní amháin in obair sofhreagrach ár bhFoireann Sintéise Fianaise maidir le hathbhreithnithe agus comhairle fianaise idirnáisiúnta a chur ar fáil don FNÉSP, don Roinn Sláinte agus don FSS ar bhonn seachtainiúil, ach sa chaoi ar ath-lonnaíomar baill foirne laistigh agus lasmuigh den eagraíocht chomh maith chun cabhrú leis an iarracht náisiúnta.

Rinneamar ár ndícheall freisin maidir leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre, faoi trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú i leith an chaoi a ndéantar cinntí sláinte, faoin bhfaisnéis a fuaireamar amach mar thoradh ar chigireachtaí, agus faoi na cásanna ina raibh gá le faisnéis cháilíochta nó sláinte níos fearr. Leanamar orainn le caighdeáin nua do sheirbhísí a fhorbairt chun cúram agus tacaíocht a fheabhsú, agus le moltaí a dhéanamh chun faisnéis sláinte in Éirinn a fheabhsú.

I rith na bliana, d'fhoilsíomar ár gcomhairle don FNÉSP agus os cionn 1,100 tuarascáil cigireachta go tráthúil chun an phobal a chur ar shuaimhneas. D'óstáileamar roinntí seimineár gréasáin lenár gcuid geallsealbhóirí, agus rinneamar tuilleadh forbartha ar uirlisí nua r-fhoghlama chun feabhsú na cáilíochta sna seirbhísí a chur chun cinn.

Tháinig dúshláin nua theicneolaíocha chun solas as an gcianobair a bhain le hoiriúnú don obair iargúlta agus rinneamar oiriúnú go tapa dóibh, ag cinntiú go raibh an trealamh agus an teicneolaíocht riachtanach ag ár bhfoireann chun go mbeadh siad in ann obair sa bhaile. Is cúram leanúnach don ÚFCS iad an tsábháilteacht agus folláine na foirne. Le linn na bliana, rinneamar oiriúnú ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid le, teagmháil le agus tacaíocht dár bhfoireann ar líne trí roinnt tionscnamh, mar ár gClár Folláine.

Thar ceann na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBord as an tacaíocht agus an chomhairle a thug siad dom i rith na bliana.

Geallaim daoibh go leanfaidh an ÚFCS ar aghaidh lena chuid oibre chun na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú ar mhaithe mhuintir in Éirinn sa bhliain 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

**Phelim Quinn**
POF

# Ráiteas Príomh-Cigire na Seirbhísí Sóisialta[1]



**Mary Dunnion,**
Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus Stiúrthóir na Rialála

**Inár dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, rinne mé cur síos ar na treochtaí fairsinge sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ó thaobh an rialálaí de. De ghnáth, cuirtear caighdeánán ard cúraim ar fáil ina mbraitheann na cónaitheoirí go bhfuil siad sábháilte agus go dtugtar aire mhaith dóibh. Bíonn roinnt seirbhísí ann i gcónaí, áfach, a dteastaíonn feabhas orthu agus de ghnáth is féidir liom a rá cad a rinneamar chun na soláthraithe cláraithe a choinneáil cuntasach. Ach ní gnáthbhliain a bhí sa bhliain 2020. Chuir an phaindéim COVID-19 gach gné eile an tsaoil faoi scáth. D'fhás an eagla agus an faitíos faoin víreas ina n-imní faoi ghaolta agus éiginnteacht faoi cad a bhí le teacht.**

Is fíor é seo ar leith i gcás na ndaoine a chónaíonn faoi chúram - na daoine aosta sna tithe altranais, na leanaí atá i mbaol agus na daoine faoi mhíchumas. Athraíodh a saol laethúil as aithne. Chaith an fhoireann trealamh cosanta pearsanta, cuireadh srian ar chuairteoirí agus cuireadh deireadh le tionól sóisialta ann, rud a bhí mór-thionchar aige ar an ngníomhaíocht sóisialta do go leor. D'fhág sé seo lorg domhain, go háirithe orthu siúd faoin néaltrú nó nach raibh an cumas acu cad a bhí ag tarlú a thuiscint. Faraoir, tháinig go leor cónaitheoirí agus baill foirne sna seirbhísí seo i dteagmháil leis an víreas.

Ó thús na paindéime, rinne baill den phobal a bhí buartha teagmháil linn. Ina measc, bhí gaolta méala agus, uaireanta, iad siúd a bhí eaglach faoi cad a bhí i ndán do chónaitheoirí agus d'othair nach raibh in ann cuairt a fháil óna mbaill teaghlaigh nó labhairt leo agus nár thuig cad a bhí ag tarlú dóibh. Thabharfadh roinnt de na gaolta seo cuairt ar a ngaolta go laethúil roimh COVID-19 agus ghlac siad páirt ghníomhach ina gcúram. D'inis roinnt ball teaghlaigh dúinn faoin gcaoi ar chaill siad an t-am chun caitheamh lena gcuid gaolta ag deireadh a saoil.

---

1 Séard atá sa tuarascáil bhliantúil seo ná tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, mar atá mínithe san Acht Sláinte 2007.

Le linn laethanta luatha na paindéime, chinneamar ar stad sealadach a chur ar chigireachtaí monatóireachta ar an láthair go dtí go mbeadh tuilleadh soiléireachta ann ó thaobh an tsláinte poiblí de maidir le cineál agus leathadh an víris. Le linn na tréimhse seo, choinníomar i dteagmháil le gach ionad ainmnithe, ag tabhairt comhairle agus tacaíochta dóibh de réir mar ba ghá. Áiríodh leis seo treorú a thabhairt dóibh chuig seirbhísí tacaíochta breise, mar ár Mol um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe, nó ceisteanna a chur ar aghaidh go dtí na húdaráis ábhartha, mar shampla, maidir le rochtain ar threalamh cosanta pearsanta, ar thástáil nó ar ghanntanas foirne.

Atosaíodh na cigireachtaí ar an láthair i mí Aibreáin agus dhíríomar ár n-iarrachtaí ar dhá phríomhréimse: cigireachtaí riosca agus measúnuithe pleanála teagmhasacha. Dhírigh cigireachtaí riosca ar na seirbhísí le ráigeanna gníomhacha an COVID-19. Fuair ár gcigirí oiliúint iomlán sa treoir ba uasdátraithe maidir le ráig a bhainistiú in ionaid cúraim chónaithe agus cuireadh an trealamh riachtanach ar fáil dóibh freisin chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht na ndaoine a ndeachaigh siad i dteagmháil leo a chinntiú. Bhí sé mar aidhm ag measúnuithe pleanála teagmhasacha a chinntiú go raibh seirbhísí nach raibh ráig fós orthu réidh chun aon chás a aithint agus a bhainistiú dá dtiocfadh siad chun cinn. Caithfear díograis ár bhfoireann rialála a mholadh go hard agus chuir a gcuid oibre go mór le hiarracht náisiúnta oibrithe cúram sláinte uile an líne tosaigh chun an muintir ar lagchuidiú a chosaint.

Agus cuairt á tabhairt againn ar ionaid agus iniúchadh á dhéanamh orthu, bhuaileamar agus labhraíomar le go leor cónaitheoirí agus baill foirne a bhí ag obair sna seirbhísí cúraim shóisialta. Cé gur léirigh na cónaitheoirí an eagla agus an aonrú a bhí orthu, mhol siad na baill foirne agus lucht na bainistíochta a rinne a ndícheall chun iad a choinneáil slán. Chuir baill foirne na n-ionad in iúl dár gcigirí faoin méid a d'fhulaing siad de dheasca na paindéime: na sealanna oibre maslacha sa bhreis; na comhghleacaithe agus na cónaitheoirí a chailleadh de dheasca breoiteachta, féin-iargúltachta nó fiú amháin an bháis; an sólás a bhí orthu a thabhairt do na cónaitheoirí; agus na glaonna imníoch gutháin a fhreagairt óna gcuid gaolta agus a gcuid cairde. Cuireann dúthracht na foirne agus na bainistíochta chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí i gcuimhne dúinn gur gairm bheatha í obair an chúraim sláinte agus sóisialta an oiread agus is gairm oibre í.

De réir mar a lean an bhliain ar aghaidh, tháinig léargas níos soiléire maidir leis na seirbhísí a bhí ag déileáil go héifeachtúil chun solas agus le na cásanna a raibh gá le feabhsú agus le tacaíocht bhreise a chur ar fáil. D'éirigh le go leor tithe altranais an víreas a choinneáil amach astu go hiomlán nó le cosc a chur ar scaipeadh na ráigeanna. Bhí leibhéal mhór tacaíochta ag teastáil ó chuid eile acu agus, i gcásanna áirithe, bhí ga le idirghabháil díreach ó fhoireann bainistíochta géarchéime ón bhFSS.

Ar an gcaoi chéanna, nocht an COVID-19 tuilleadh bearnaí agus easnaimh inár gcreat rialála. D'iarr an ÚFCS arís agus arís eile ar phróiseas athbhreithnithe chun na rialacháin reatha a dhéanamh oiriúnach don fheidhm agus i gcomhréir leis na múnlaí cúraim a bhíonn ag athrú i gcónaí a fheicimid ar fud na tíre. Teastaíonn feabhas ar leith ar an rialachas cliniciúil agus ar leibhéil foirne, chomh maith le rialachas agus bainistíocht éifeachtach.

Tá aird á tarraingt i gcónaí againn ar na háitribh as dáta, ina bhfuil mórán seomraí agus saoráidí á roinnt againn le heagraíochtaí eile agus nach bhfuil oiriúnach chun caighdeán an chúraim a chur ar fáil mar is cóir dár saoránaigh. Ní ligeann na rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair domsa, mar Phríomhchigire, an beart is cuí a dhéanamh i gcásanna ina gcuirtear sábháilteacht agus príobháideacht na gcónaitheoirí i mbaol.

Creidimid go gcaithfear leasú a dhéanamh ar an gcreat chun sláinte agus cúram sóisialta a rialáil. Tá an bealach a gcuirtear cúram agus tacaíocht ar fáil in Éirinn ag síorathrú; mar shampla, tá cur síos déanta ag an Rialtas ar a rún chun seirbhísí cúram baile a chur ar bhonn reachtúil agus leanann seirbhísí an mhíchumais ag aistriú ó shuíomhanna seasta go dtí tacaíochtaí níos pearsantaithe agus níos dírithe ar an duine féin. Tá múnlaithe cúraim eile a ligeann do dhaoine fanacht níos faide sa bhaile nó ina bpobail féin ag teacht chun cinn, ach níl siad lán-fhorbartha fós. Ba cheart dúinn féachaint lenár gcóras rialála a leasú chun déileáil leis na hathruithe seo. Ciallaíonn sé sin tuilleadh solúbthachta a thabhairt do na sholáthraithe maidir leis an gcaoi a ndéanann siad forbairt ar na seirbhísí agus a gcuireann siad iad ar fáil, leis an bhfócas a chur ar an tseirbhís féin, in áit ar an bhfoirgneamh fisiciúil ina ndéantar an cúram.

Tógfaidh sé tamall sula mbeidh tuiscint iomlán ar thoradh paindéim na bliana 2020. Agus an bhliain 2021 á tosú againn, tá fios maith againn nach bhfuil an éigeandáil sláinte poiblí seo críochnaithe fós. Agus an bhliain 2021 á tosú againn, tá fios maith againn nach bhfuil an éigeandáil sláinte poiblí seo críochnaithe fós. Leanfaimid lenár gcuid oibre chun na seirbhísí a rialáil. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí na cónaitheoirí agus na daoine a mbaineann úsáid as an seirbhísí seo a choinneáil i gcroílár na rudaí á ndhéanamh againn. Leanfaimid orainn ag dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir agus an cás á dhéanamh againn maidir le leasú na rialála chun go freastalófar ar riachtanais an náisiúin san 21ú hAois.



**Mary Dunnion**

Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus Stiúrthóir na Rialála

# 1 Maidir leis an ÚFCS

## 1.1 Réamhrá

Sé atá san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) ná an t-údarás neamhspleách a bhunaíodh sa bhliain 2007 chun cúram ardcháilíochta agus sábháilte a chothú do na daoine a mbaineann úsáid as na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Sé ról an ÚFCS na caighdeáin a mbaineann a fhorbairt, scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do na cinntí eolasacha ar an gcaoi a gcuirtear na seirbhísí ar fáil.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo breac-chuntas ar obair an ÚFCS ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020, de réir an Achta Sláinte 2007, agus leagtar socruithe an ÚFCS amach ann chun cloí leis an gCód Rialachais maidir le chomhlachtaí poiblí. Tá Tuarascáil an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta, an Tuarascáil Bhliantúil ar Rialachas agus Comhlíonadh de réir an Achta Sláinte 2007, agus ár ráitis airgeadais bhliantúla ar fáil ann freisin.

## 1.2 Ár mandáid agus ár ngníomhaíochta

Síneann ár mandáid thar raon ar leith de na seirbhísí sna hearnálacha phoiblí, phríobháideach agus dheonach. Tuairiscíonn an ÚFCS don Aire Sláinte, pléann sé leis an Aire Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Comhtháthú agus an Óige agus tá sé freagrach as:

- **Na caighdeáin a leagan síos maidir le na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta -** Caighdeáin agus treoir atá dírithe ar an duine féin a fhorbairt, atá bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, maidir leis na sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Rialáil na seirbhísí cúraim shóisialta -** Tá an Príomhchigire a oibríonn laistigh den ÚFCS freagrach as seirbhísí cónaithe na ndaoine aosta agus na ndaoine faoi mhíchumas, agus as na haonaid chúraim speisialta leanaí, a chlárú agus a iniúchadh.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil -** Rialáil na nochta míochaine don radaíocht ianaíoch.
- **Seirbhísí monatóireachta -** Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta na leanaí, agus imscrúdú a dhéanamh de réir mar is gá ar ábhair imní thromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a mbaineann úsáid as na seirbhísí seo.

- **Measúnú na teicneolaíochta sláinte -** Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chostéifeachtúlacht na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, na trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí bolscaireachta agus cosanta sláinte, agus comhairle chun togha na húsáide a bhaint as acmhainní agus na torthaí is fearr a chur ar fáil dóibh siúd a mbaineann úsáid as ár seirbhís sláinte.
- **Faisnéis sláinte -** Comhairle a thabhairt maidir le bailiú agus comhroinnt na faisnéise sláinte, caighdeáin a leagan síos, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sheachadadh agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- **An Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim -** Suirbhéanna náisiúnta ar thaithí úsáideoirí na seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus an bhFSS.

Tá na feidhmeanna reachtúla faoi bhun obair an ÚFCS luaite san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 agus 2001 (arna leasú), san Acht Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachais Speisialta 2004, agus san Acht um Míchumas 2005.

# 2 | Rialachas agus bainistíocht

## 2.1 Ár mBord

Sé an Bord comhlacht rialaithe an ÚFCS agus bunaíodh ar dtús é ar an 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí an ÚFCS, ag cinntiú go bhfuil córais éifeachtúla ar fáil maidir leis an rialú inmheánach, leis an gcomhlíontacht reachtúil agus oibríochtúil agus le bainistíocht an riosca. Is astu siúd a thagann na gnéithe riachtanacha chun rialachas corparáideach éifeachtach agus chomhlíontacht a chinntiú.

Siad comhaltaí den Bhord ná an Cathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin a cheap an tAire Sláinte. Tá taithí agus eolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird ar na ceisteanna a bhaineann le feidhmeanna an ÚFCS, agus tagann siad ó raon gairmeacha agus tionscail san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

Ar an mBord le linn na bliana 2020 bhí:



**An t-Ollamh Pat O'Mahony** (Cathaoirleach)

Príomhfheidhmeannach, Forbairt Taighde Cliniciúla na hÉireann; Iar-Chathaoirleach Bord Bainistíochta, Gníomhaireacht Leigheasra na hEorpa; Iar-Leas-Ard-Rúnaí agus Ceannasaí an Rialachais agus na Feidhmíochta ag an Roinn Sláinte; Iar-Phríomhfheidhmeannach, Údarás Rialála na dTáirgí Sláinte.



**Bernadette Costello**

Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir Cairte. Iar-Stiúrthóir an Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistíocht an Riosca, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh; comhalta reatha den Bhord agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar Champas Coinneála na Leanaí, Baile an Oibricigh; den Bhord agus de Choiste an Airgeadais, Bord Oideachas agus Oiliúint na Gaillimhe agus Ros Comáin; den Bhord agus de Choiste Iniúchta agus Riosca, Calafort na Gaillimhe.



**Dr Jim Kiely**

Leas-Chathaoirleach, Bord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta; ball den Choiste Tosaithe, Trasdula agus Comhtháthaithe, Ospidéal Náisiúntana na Leanaí; Iar-Phríomhoifigeach Leighis na Ranna Sláinte.



**Dr Paula Kilbane**

Iar-POF, Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann; Iar-Stiúrthóir Sláinte Poiblí, Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann; tá sí ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha príobháideacha, poiblí agus carthanúla.



**Tony McNamara**

Insight Management Consultancy; Iar-POF Ospidéal Ollscoile Chorcaí; d'fhóin sé ar chomhlachtaí comhairleacha agus comhairliúcháin náisiúnta éagsúla don Roinn Sláinte; iar-chomhalta de Bhord Fuilaistriúcháin na hÉireann, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus den Údarás Árachais Sláinte.



**Lynsey Perdisatt**

Gairmí AD sinsearach san earnáil phríobháideach agussan earnáil phoiblí; taithí shuntasach i gcaidreamh fostaithe, i gcaidreamh tionsclaíoch agus i mbainistíocht an athraithe.



**An t-Ollamh Michael Rigby**

Taithí fairsing i bhforbairt agus i seachadadh na seirbhíse sláinte, agus i dtaighde ar bheartas agus bainistíocht sláinte sa RA agus in Éirinn; ball de mheitheal na saineolaithe a ceapadh chun tacú le Grúpa Comhairleach Teicniúil um Shláinte Digiteach EDS (WHO).



**Caroline Spillane**

Ard-Stiúrthóir Innealtóirí Éireann; Iar-POF Chomhairle Leighis na hÉireann; Iar-Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta an FSS; Iar-POF na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an mBord sa bhliain 2020:



**Enda Connolly**

Cathaoirleach (Ainmnithe), Ospidéal Beaumont; Iar-Phríomhfheidhmeannach, An Bord Taighde Sláinte; iar-bhall den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, IDA Ireland.



**Molly Buckley**

Altra sláinte poiblí; Leas-Chathaoirleach Chomhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann; stiúrthóir agus cathaoirleach ar roinnt eagraíochtaí agus tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta um chuimsiú sóisialta.



**Martin Sisk**

Aturnae; Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Bhord Eatramhach na hOifige Soláthair Rialtais; Stiúrthóir, Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa; Cathaoirleach, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann; Coimisinéir, Coimisiún na Scrúduithe Stáit.



**Stephen O'Flaherty**

Cuntasóir cáilithe le Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte a d'oibrigh le Baincéireacht Ghnó AIB agus atá anois ina stiúrthóir le BDO.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

De réir an Achta Sláinte 2007, caithfidh an Bord teacht le chéile sé huair sa bhliain ar a laghad. Tháinig Bord an ÚFCS le chéile 11 uair san iomlán le linn na bliana 2020 chun roinnt ceisteanna suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Caibidil 5 chun tuilleadh eolais a fháil ar ghníomhaíochtaí an Bhord sa bhliain 2020).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tugann ceithre choiste tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Bhoird maidir leis an ÚFCS a rialú:

- Déanann an **Coiste Rialála** maoirseacht ar an éifeachtacht, an rialachas, an gcomhlíontacht agus na rialuithe maidir le seachadadh feidhmeanna rialála an ÚFCS.
- Tacaíonn an **Coiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas** an Bord maidir lena chuid fhreagrachtaí as na ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais a mbaineann leo. Tá an coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí an iniúchta. Tugann an coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.
- Déanann an **Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht** maoirseacht ar na socruithe rialachais, ina measc an comhlíontacht agus na rialuithe, i leith na bhfeidhmeanna a mbaineann le forbairt na gcaighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú na teicneolaíochta sláinte.
- Déanann **Coiste Maoirseacht na n-Acmhainní** monatóireacht ar éilimh acmhainní an ÚFCS lena chinntiú go bhfuil siad ar chomhlíne le straitéis chorparáideach an ÚFCS, lena n-áirítear an mhaoirseacht ar na rioscaí a mbaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, déanann an coiste maoirseacht ar na riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

## 2.4 An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léiríonn struchtúr eagrúcháin an ÚFCS na croífheidhmeanna agus na gníomhaíochtaí maidir le Rialáil, le Measúnacht na Teicneolaíochta Sláinte agus le Faisnéis agus Caighdeáin na Sláinte, chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuid cuspóirí corparáideacha a bhaint amach: Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, Oibríochtaí, Rannán Faisnéise agus Cumarsáid agus Rannpháirtíocht na nGeallsealbhóirí. Tá an eagraíocht faoi stiúir na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as ár bhfeidhmeanna gnó.

I measc ballraíocht Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an ÚFCS le linn na bliana 2020 bhí:



**Phelim Quinn**

Príomh-fheidhmeannach



**Dr Máirín Ryan**

Stiúrthóir Measúnú na Teicneolaíochta Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach



**Mary Dunnion**

Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus Stiúrthóir na Rialála



**Rachel Flynn**

Stiúrthóir Faisnéise agus Caighdeán Sláinte



**Sean Angland**

Príomhoifigeach Oibríochtaí Gníomhach

## 2.5 **Rialachas corparáideach**

Tá Bord an ÚFCS freagrach as ár gcóras rialuithe inmheánacha agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe seo, lena n-áirítear rialú an airgeadais, na hoibríochta agus an chomhlíontachta, agus bainistíocht an riosca.

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh, glacann an Coiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas ról gníomhach maidir le comhordú na ndearbhuithe a thagann ó fhoinsí éagsúla, mar shampla:

- Obair iniúchta inmheánaigh
- iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- bainistíocht an riosca
- athbhreithniú ar rialú an airgeadais
- athbhreithniú ar ráitis an airgeadais.

Ina theannta:

- Cuireann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil ar fáil don Bhord, a leagann amach na rialuithe a chuimsíonn iomláine fheidhmeanna an ÚFCS.
- Cuirtear tuarascálacha rialacha maidir le feidhmíocht corparáideach ar fáil don Bhord, lena n-áirítear na rioscaí corparáideacha.
- Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar fáil ag gach cruinniú an Bhoird.
- Tugann na ceithre choiste tuairisceáin don Bhord.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá Cód Rialachais, Cód Iompair Ghnó agus beartais agus nósanna imeachta rialachais lena mbaineann ag an ÚFCS lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais leasaithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Athdheimhníodh an ÚFCS de réir Chaighdeán Rialachais SWiFT 3000 ag an an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Leagtar tuarascáil bhliantúil mionsonraithe ar Rialachas agus Comhlíontacht amach sna ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2020.

# 3 | Cuspóirí Straitéiseacha

## Ráiteas misin

Ag obair chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú do mhuintir na hÉireann.



## Ár bhfís

**Seirbhísí Níos Sábháilte**
Oibrímid chun úsáideoirí na seirbhíse a chosaint

**Cúram Níos Fearr**
Oibrímid chun cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú

**Cinntí Níos Fearr**
Cuirimid comhairle, fianaise agus faisnéis ar fáil chun cabhrú le cinntí áitiúla agus náisiúnta i leith seirbhísí a dhéanamh

**Measúnú Neamhspleách**
Cuirimid foinse iontaofa faisnéise ar fáil don phobal agus dár ngeallsealbhóirí

## Ár luachanna


Spreagtar an ÚFCS ag a chuid luachanna, a léiríonn croílár na reachtaíochta a shainíonn ár gcúram.

| Luachanna an ÚFSC | I ndáiríre, sé sin: |
| --- | --- |
| **An pobal sa chéad áit** | Riachtanais, guthanna, cearta agus cosaint na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur i gcroílár ár gcuid oibre. |
| **Ceart agus cóir** | Cothromaíocht agus neamhchlaontacht agus sinne ag plé le daoine agus le heagraíochtaí. |
| **Díreach agus freagrach** | An cineál agus na torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl agus freagracht iomlán a ghlacadh as ár gcuid gníomhartha. |
| **Ag iarraidh barr feabhais** | Feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht ár gcuid oibre agus úsáid a bhaint as an bhfianaise is fearr atá ar fáil. |
| **Ag obair le chéile** | Ag éisteacht leo siúd a bhfuil na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta á maoiniú, á bpleanáil, á gcur ar fáil agus á n-úsáid acu. |


## 3.2 Cuspóirí straitéiseacha

Leagann Plean Corparáideach an ÚFCS 2019–2021 amach an creat agus na cuspóirí straitéiseacha a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Tugann an plean seo breac-chuntas ar threo agus ar fhócas na heagraíochta don tréimhse, agus leagann sé ár gcuspóirí straitéiseacha amach, mar a leanas:


### Ár bhfís




### Ár gcuid Cuspóirí Straitéiseacha




### Cad a theastaíonn uainn le go n-éireoidh linn




Comhlíontar na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na gealltanais seo, a chuirtear in iúl sa Phlean Corparáideach, trí na cuspóirí a leagtar amach inár bplean gnó bliantúil. Mar thoradh ar an bpaindéim coronavirus domhanda, rinneadh athbhreithniú mór ar ár bplean gnó tar éis chéad ráithe na bliana 2020 chun freastal ar dhúshláin an COVID-19 in Éirinn. Tá plean gnó na bliana 2020 le léamh ar www.hiqa.ie. Tá achoimre ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí seo a bhaint amach ar fáil sa chéad chaibidil eile.

# 2020 i bhfigiúirí

## 1,242
chigireacht ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta



## 49
dtuarascáil sintéis fianaise forbartha ar COVID-19



## 16,362
dhuine a thóg ár modúl r-fhoghlama ar chosc agus rialú an ionfhabhtaithe





## 1,450
duine ag ár seimineáir ghréasáin ar ullmhacht don COVID-19 in ionaid ar leith



## 1,838
léiriú imní a fuarthas faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta



## 4,842
dhuine a thóg ár modúl r-fhoghlama ar chosaint na n-aosach

National Maternity Experience Survey

## 3,204
bhean a ghlac páirt sa chéad Suirbhé Náisiúnta ar an Máithreachas Suirbhé na Taithí



## 1,200
duine ag glacadh páirt sa Suirbhé Náisiúnta ar Rannpháirtíocht an Phobail i bhFaisnéis na Sláinte



## 588
soláthraithe fiaclóireachta ag ár seimineáir ghréasáin ar rolladh amach na gcigireachtaí ar sheirbhísí X-gha fiaclóireachta

# 4 Príomhghníomhaíochtaí

**Leag ár bPlean Gnó 2020 clár oibre uaillmhianach amach chun na cuspóirí straitéiseacha inár bPlean Corparáideach 2019–2021 a chomhlíonadh. Leagtar amach sa chaibidil seo an chaoi ar shásaigh an ÚFCS na cuspóirí seo, agus ár bhfís á comhlíonadh againn ag an am céanna.**

## 4.1 Tuarascáil an Phríomhchigire agus Stiúrthóireacht na Rialála

Bunaíodh an ÚFCS chun cúram sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur chun chinn dóibh siúd a mbaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Déantar é seo trí na sheirbhísí sóisialta a rialáil agus trí iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte poiblí agus ar sheirbhísí sóisialta na leanaí.

Déanann Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus Stiúrthóireacht Rialála an ÚFCS cigireacht agus monatóireacht ar chaighdeán agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun iad a meas agus chun moltaí a dhéanamh maidir lena bhfeabhsúchán, nuair is gá.

Déanann an Príomhchigire maoirseacht ar chlárú agus ar rialáil na n-ionad ainmnithe d'aosaigh agus do leanaí, agus tá Stiúrthóir na Rialála freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na sláinte agus ar na seirbhísí sóisialta neamhchláraithe.

Roinntear rialáil agus monatóireacht na seirbhísí ina cheithre bhuntéama speisialtachta:

- ionaid ar leith d'aosaigh
- ionaid ar leith do dhaoine faoi mhíchumas
- cúram na sláinte
- seirbhísí na leanaí.

Ina theannta sin, faighimid, déanaimid anailís agus déanaimid measúnú riosca ar an bhfaisnéis ó raon foinsí éagsúla. Ina measc tá fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le himeachtaí ar leith, mar a leagtar amach sna rialacháin, chomh maith le cónaitheoirí, daoine a mbaineann úsáid as na seirbhísí, gaolta, baill foirne agus abhcóidí nó tríú páirtithe a chuireann faisnéis isteach chugainn. Úsáidtear an fhaisnéis seo uile chun ár measúnú ar chomhlíontacht agus ar an riosca laistigh de na seirbhísí a threorú, agus chun tuilleadh treoracha a thabhairt dár gclár monatóireachta agus cigireachta.

Foilsítear gach breithiúnais rialála a dhéanaimid. Dá bhrí sin, is féidir linn an trédhearcacht a chinntiú agus bheith cinnte go bhfuil úsáideoirí na seirbhíse, a ngaolta, na hionadaithe poiblí, soláthraithe seirbhísí agus na ranna rialtais lena mabineann ar an eolas faoi leibhéil an chomhlíontachta leis na rialacháin agus na caighdeáin shainordaithe, faoi réimsí an dea-chleachtais agus faoi leibhéal an riosca ar fud na seirbhísí.

Ina theannta sin, is féidir leis an ÚFCS imscrúdú a dhéanamh maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí a thuairiscítear in alt 8 (1) (b) den Acht Sláinte má chreideann an ÚFCS, ar chúis réasúnacha, go bhfuil riosca tromchúiseach ann don shláinte nó do leas na ndaoine a mbaineann úsáid as na seirbhísí sin. Is féidir leis an Aire treoir a thabhairt don ÚFCS chomh maith imscrúdú a dhéanamh de réir Alta 9 den Acht.

### 4.1.1 Rialáil na dtithe altranais

D'éirigh dúshláin nach bhfacthas riamh in earnáil na dtithe altranais le linn na bhliana 2020. Tháinig an COVID-19 go dian ar shaol na ndaoine aosta a bhí cónaí orthu sna tithe altranais, ar a gcuid gaolta, orthu siúd a bhí na seirbhísí á gcur ar fáil acu, ar bhaill foirne na dtithe altranais agus ar na pobail níos leithne sna ceantair ina raibh siad lonnaithe.

Ba rábach é tionchar an COVID-19 ar na tithe altranais agus is cúis bróin dúinn go léir gur cailleadh go leor daoine aosta a bhí cónaí orthu iontu dá dheasca. Ba mhór an méala é dá gcomhchónaitheoirí, dá dteaghlaigh, don fhoireann cúraim agus don phobal ar leathan. Cuireadh isteach go mór ar saol na ndaoine a bhfuil cónaí fós orthu sna tithe altranais mar ghealll ar na srianta a mheastar a bheith riachtanach chun iad a chosaint, mar shampla an scaradh fisiceach, úsáid an trealaimh chosanta phearsanta (TCP), leithlisiú fisiceach laistigh dá dteach agus laghdú mór ar líon na gcuairteanna óna gcuid theaghlaigh agus óna gcuid chairde.

Mar atá luaite sa tuarascáil seo, tuairiscíodh cás amháin dearbhaithe COVID-19 ar a laghad i measc na foirne nó na gcónaitheoirí in 82% de thithe altranais sa bhliain 2020. Ach ní léiríonn an céatadán seo an imní leanúnach atá ar na soláthraithe agus ar a bhfoireann agus iad ag athdhíriú ón cosc ar dtús go dtí, más gá, aithint, bainistíocht agus srianadh na ráige. Le bliain anuas, b'éigean dóibh cloí le treoir náisiúnta maidir le bainistíocht an COVID-19 agus á phróiseáil d'ainneoin go raibh sé ag athrú go minic. Ina theannta sin, bhí dúshláin bhreise os comhair soláthraithe nuair nach raibh a gcuid pleananna teagmhasacha láidir go leor chun dul i ngleic le dúshlán na ráige, agus nach raibh bunlíon na mball fóirne ann chun go gcruthófar na meithileacha ("pods") a d'fhéadfadh tionchar na ráige a mhaolú.

Tacaíodh na soláthraithe agus na baill foirne ina gcomhrac i gcoinne an COVID-19 ag comhiarrachtaí an phobail chúraim shláinte níos fairsinge, ina measc an Roinn Sláinte, oifigigh sláinte poiblí áitiúla, agus foirne seaneolaíochta agus míochaine a tháinig i dteagmháil leo ó na seirbhísí géarmhíochaine. Ghlac na foirne bainistíochta géarchéime, a cuireadh le chéile i ngach eagraíocht sláinte pobail de chuid an FSS, páirt ríthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do go leor ionad cúraim a bhí i ngéarchéim.

Ó thús na paindéime seo, lean an ÚFCS as teagmháil rialta a dhéanamh le soláthraithe na dtithe altranais, as monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid cumas an ráig a bhainistiú agus as na tacaíochtaí riachtanacha a thabhairt ina leith. Roinneamar an méid a d'fhoghlaimíomar as taithí teach altranais amháin leis na tithe eile, threoraíomar na soláthraithe chun tacaíochtaí breise a fháil agus, nuair ba ghá, chuireamar na ceisteanna a luaigh ag na soláthraithe agus na bainisteoirí dúinn faoi bhráid an FSS, ina measc rochtain ar TCP; tástáil sraitheach; cosc agus rialú an ionfhabhtaithe in ionaid ar leith; comhairle maidir le sláinte poiblí; rochtain ar mhaoiniú; agus, i gcásanna áirithe, iarratais ar bhaill foirne ionaid ar bhonn eatramhach.

D'ainneoin an dóchais a bhaineann le vacsaíniú, is baol dáiríre fós é an COVID-19 do gach éinne a chónaíonn nó a oibríonn sna tithe altranais. Idir an dá linn chun an galar a shárú, ní mór dúinn a bheith faireach agus gach rud is féidir a dhéanamh chun an muintir ar lagchuidiú a chosaint ón víreas seo. Leanfaimid ar aghaidh ag obair le soláthraithe na dtithe altranais uile chun sábháilteacht na ndaoine a chinntiú, agus go mbeadh beatha sásamh acu chomh maith.

**Clárú**

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 573 ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine aosta (tithe altranais) in Éirinn, agus 32,091 leaba cláraithe iontu.

Is ionann na figiúirí seo agus laghdú 12 ar líon na dtithe altranais ó dheireadh na bliana roimhe sin, ach méadú beag (+122) ar líon na leapacha cláraithe. I rith na bliana, mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, rinne an FSS roinnt tithe altranais a athshlánú chun feidhmiú mar aonaid céim síos, mar aonaid freagartha COVID-19 nó saoráidí cúraim gearrthéarmacha eile. Mar thoradh air sin, tá 113 teach altranais arna soláthar ag an Stát anois i gcomparáid le 122 ag deireadh na bliana 2019.


Baineann úinéireacht na dtithe altranais le roinnt eintiteas dlíthiúil éagsúil, lena n-áirítear:

- An FSS
- Comhlachtaí arna maoiniú ag an bhFSS de réir alt 38 agus 39 den Acht Sláinte2004
- soláthraithe príobháideacha

Is le soláthraithe príobháideacha formhór mór na dtithe altranais (80%).

Leagtar amach próifíl úinéireachta na tithe altranais ag deireadh na bliana 2020 i bhFigiúr 1.

**Figiúr 1 - Tithe altranais arna n-aicmiú de réir úinéireachta[2]**




## Líon na leapacha

Sa bhliain 2020, cuireadh leapacha nua sna tithe altranais ar fáil trí 11 theach altranais nua a chlárú agus trí 28 teach altranais reatha a shíneadh. Chuir na tithe altranais nua 668 leaba nua ar fáil, agus tháinig 462 leaba eile as síneadh na dtithe altranais a bhí ann cheana.

Is le soláthraithe príobháideacha iad 79% de na leapacha nua a cláraíodh sa bhliain 2020, agus tá an fuílleach faoi úinéireacht reachtúil nó ag oibriú mar lárionaid reachtúla.[3] Tógadh ceithre cinn[4] ó na tithe altranais reachtúla nua a gcláraíodh sa bhliain 2020 in áit áiseanna as dáta agus, dá bharr, is féidir iad a mheas mar leapacha ionaid seachas leapacha nua.

2 Luaitear in alt 38 an Achta Sláinte 2004 gur féidir leis an bhFSS socrú a dhéanamh le duine chun seirbhís sláinte nó seirbhís shóisialta pearsanta a chur ar fáil thar ceann FSS. Deirtear in alt 39 an Achta Sláinte 2004 gur féidir leis an bhFSS cúnamh a chur ar fáil d'éinne nó do chomhlacht a chuireann seirbhís cosúil le seirbhís an FSS ar fáil.

3 I measc na n-ionad reachtúil tá ionaid atá faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag an bhFSS, chomh maith le hionaid a fhaigheann maoiniú de réir alt 38 agus 39 an Achta Sláinte 2004.

4 Tháinig Ionad Cúraim Chónaithe Phort Láirge in áit Ospidéal Phádraig i bPort Láirge. Tháinig Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine Aosta i gCaiseal in ionad Ospidéal Phádraig i dTiobraid Árann. Tháinig Aonad Altranais Pobail Tigh Motháin Thuaidh in áit Theach Naomh Bríd i mBaile Átha Cliath. Tháinig Seirbhís Cúram Sláinte Mullach na Pise do Dhaoine Scothaosta in ionad Cúram Sláinte Mullach na Pise i mBaile Átha Cliath.

**Tábla 1 - Suíomh geografach na leapacha nua a cláraíodh sa bhliain 2020**


| Contae | Líon na leapacha nua |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 501 |
| Phort Láirge | 169 |
| Thiobraid Árann | 132 |
| Ciarraí | 81 |
| Chorcaí | 44 |
| Chill Dara | 40 |
| Gaillimh | 33 |
| Chill Chainnigh | 33 |
| Luimneach | 26 |
| An Mhí | 26 |
| Dún na nGall | 21 |
| Loch Garman | 18 |
| Muineachán | 4 |
| Lú | 2 |

Tháinig athrú freisin ar líon na leapacha cláraithe mar gheall ar thithe altranais a ndúnadh nó mar thoradh ar laghdú ar líon na leapacha i dteach altranais reatha. Sa bhliain 2020:

- Tháinig laghdú 171 leaba a scaipeadh thar 33 ionad
- Laghdaíodh 837 leaba dá bharr 23 ionad a dhúnadh
  - Dúnadh 21 ionad go deonach
  - Dúnadh dhá ionad faoi Alt 59 an Achta Sláinte 2007.


Luaitear dáileadh geografach reatha na dtithe altranais agus líon na leapacha a chláraigh an Príomhchigire ar an 31 Nollaig 2020 i dTábla 2.

**Tábla 2 - Líon na leapacha cláraithe sa chontae sa bhliain 2020**




Bhí 100 leaba nó níos mó i 7% de na tithe altranais sa bhliain 2020; méadú measartha de cheithre theach ar líon na bliana 2019.


**Figiúr 2 - Líon na leapacha in ionaid ainmnithe cláraithe do dhaoine aosta, amhail an 31 Nollaig 2020**




## Cigireachtaí

Sa bhliain 2020, rinneamar 392 chigireacht ar 323 theach altranais. Is féidir an iniúchadh ar theach altranais a fhógairt, a bheith ar ghearrfhógra[5] nó gan fógra. Bhí formhór na gcigireachtaí (57%) gan fógra, fógraíodh 14% díobh agus rinneadh 28% díobh ar ghearrfhógra.


**Figiúr 3 - Céatadán na n-iniúchtaí fógartha, ar ghearrfhógra agus gan fógra ar thithe altranais a rinneadh sa bhliain 2020**




Fuair formhór mór na dtithe altranais a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2020 iniúchadh amháin i rith na bliana. Ach mar thoradh at thuairiscí maidir le neamhchomhlíonadh rialála agus buairthí a bhain leo i leith churam agus leas na gcónaitheoirí, áfach, rinneadh níos mó ná dhá iniúchadh i líon beag ionad. Bhí trí iniúchadh nó níos mó ag teastáil i sé theach altranais. B'ionann sin agus 2% de na tithe altranais uile a ndearnadh cigireacht orthu i rith na bliana.

5 Tugann cigireachtaí ar ghearrfhógra fógra 48 uair an chloig ar a mhéad don tsoláthraí roimh an iniúchadh.

**Figiúr 4 - Líon na gcuairteanna cigireachta in aghaidh an ionaid sa bhliain 2020**




## Géarchéim Náisiúnta na Sláinte Poiblí – COVID-19

Ar an 12 Márta 2020, mar fhreagairt ar thús na paindéime COVID-19, chuir an Príomhchigire gach gnáth-iniúchadh rialála agus monatóireachta ar fionraí go sealadach. Ba riachtanach é an cinneadh seo go dtí go mbeadh níos mó soiléireachta sláinte poiblí ann maidir le cineál agus leathadh an víris.

Ina theannta sin, chríochnaigh cigirí 1,896 mheasúnacht comhlíonta ar fud 189 ionad a bhí saor ón gCOVID-19 idir an 29 Aibreán agus an 26 Bealtaine 2020 lena chinntiú go raibh bearta teagmhasacha i bhfeidhm acu le haghaidh ráige an COVID-19. Bhí na measúnuithe seo bunaithe ar an gcreat measúnaithe rialála maidir le hullmhacht na n-ionad ainmnithe do dhaoine aosta le haghaidh ráige an COVID-19.

Ina theannta sin, chríochnaigh cigirí 1,896 mheasúnacht comhlíonta ar fud 189[6] ionad a bhí saor ón gCOVID-19 idir an 29 Aibreán agus an 26 Bealtaine 2020 lena chinntiú go raibh bearta teagmhasacha i bhfeidhm acu le haghaidh ráige an COVID-19. Bhí na measúnuithe seo bunaithe ar an gcreat measúnaithe rialála maidir le hullmhacht na n-ionad ainmnithe do dhaoine aosta le haghaidh ráige an COVID-19.


Críochnaíodh an clár measúnaithe ar an 26 Bealtaine 2020 nuair a thosaigh cigireachtaí an riosca ar thithe altranais. Dhírigh na cigireachtaí seo ar na tithe altranais siúd a thuairiscigh ráig den COVID-19 iontu. Tá torthaí na measúnuithe seo sna tithe altranais leagtha amach i dtuarascáil a foilsíodh i mí Iúil na bliana 2020 dar teideal *The impact of COVID-19 on nursing homes in Ireland.* Leagtar amach léargas ar thorthaí na cigireachta sa tuarascáil, agus déantar cur síos ann freisin ar thaithí na gcónaitheoirí agus na foirne mar a tuairiscíodh do na cigirí. Chuir na cónaitheoirí a lán eagla agus imní in iúl agus bhí sé deacair dóibh déileáil leis an aonrú de dheasca na srianta cuairte. Thug na foirne agus na luchtanna bainistíochta cuntais do na cigirí faoin mbrú a bhí orthu maidir leis na cónaitheoirí a chosaint chomh maith leis an mbrú breise mar thoradh ar ghanntanas na bhfoirne.

6 Athraíodh ceann de na 189 measúnacht theagmhasach go dtí iniúchadh an riosca nuair a tháinig na cigirí chuig an ionad.

### Faisnéis a fháil

Má tharlaíonn imeacht suntasach san ionad, caithfidh na soláthraithe nó na daoine atá i gceannas fógra ina leith a chur isteach laistigh de thrí lá, agus an Príomhchigire a chur ar an eolas gach ráithe faoi aon cheist ar leith eile a baineann leis an ionad. Déantar measúnú riosca ar na fógraí seo agus tugann siad bonn eolais dár ngníomhartha rialála. Le linn na bliana 2020, tháinig 18,475 fhógra chugainn ó na tithe altranais.

**Figiúr 5 - Fógraí rialála a fuarthas ó thithe altranais sa bhliain 2020**





Léiríonn sé seo méadú 3,683 fhógra ón mbliain 2019, agus tháinig an méadú is suntasaí i líon na bhfógraí a bhain leis an monatóireacht.

Faighimid ráitis imní freisin faoi thithe altranais ón bpobal a bhfuil imní nó fadhb acu leis an gcúram a chuirtear ar fáil do na cónaitheoirí. Le linn na bliana 2020, fuaireamar 1,213 mír faisnéise gan iarraidh a bhain leis na tithe altranais, méadú 71% ar an líon a fuarthas sa bhliain roimhe sin. I measc na gcineálacha faisnéise gan iarraidh a fhaighimid tá imní maidir le cead iontrála agus conarthaí, gearáin, teagmháil leis an bpobal, leas ginearálta agus forbairt, rialachas agus bainistíocht, sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht an riosca, cúram sláinte, bainistíocht na gcógas, cearta na gcónaitheoirí, áitribh, coimirce agus sábháilteacht, riachtanais chúraim shóisialta agus an lucht saothair. Déantar rátáil riosca ar gach mír faisnéise gan iarraidh agus déantar an beart is cuí chun tacú lenár gclár cigireachta.

### Fógraí faoi COVID-19 sna tithe altranais

Caithfidh sholáthraithe na dtithe altranais fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi gach ráig galair thógálacha san ionad. I gcomhthéacs an COVID-19, caithfidh na soláthraithe fógra a thabhairt don Phríomhchigire nuair a bhíonn amhras ann nó má dheimhnítear go bhfuil an COVID-19 ar aon chónaitheoir nó ball foirne.[7]

**Figiúr 6 - Líon na bhfógraí a fuarthas ó Mhárta go Nollaig 2020 ag dearbhú go bhfuil COVID-19 ar cónaitheoir nó ar bhall foirne**




Dearbhaíodh an chéad chás COVID-19 i dteach altranais in Éirinn don ÚFCS ar an 13 Márta 2020. Faoin 31 Nollaig 2020, bhí:


- cás amháin ar a laghad COVID-19 deimhnithe (cónaitheoirí nó baill foirne) tuairiscthe ag 82% na dtithe altranais
- 18% na dtithe altranais fós gan cás amhrasta COVID-19 (cónaitheoirí nó baill foirne). Díobh seo,
  - thuairiscigh 13% acu cás amhrasta, ach cuireadh in iúl níos déanaí nach COVID-19 a bhí ann i ndáiríre
  - níor thuairiscigh 5% acu aon chás COVID-19 dearbhaithe nó ar amhras.

7 Ar an 20 Aibreán 2020, d'eisigh an Príomhchigire fógra rialála maidir le foirm fógraíochta trí thairseach fheabhsaithe (ar líne) chun dualgas rialála an tsoláthraí i leith fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi aon ráig galair infhógartha a dhéanamh níos éasca agus chun maoirseacht na rialála a chinntiú.

Léirigh tuairisciú an COVID-19 sna tithe altranais scaipeadh croineolaíoch na paindéime tríd an daonra ina hiomláine. Taispeánann athbhreithniú ar na fógraí gur thuairiscigh 81% na dthithe altranais faoi úinéireacht phríobháideach agus 82% na n-ionad cúram reachtúla[8] cás dearbhaithe COVID-19 amháin ar a laghad ar cónaitheoir nó ar bhall foirne.

Amhail an 31 Nollaig, tuairiscíodh 702 ráig[9] ar fud na dtithe altranais cláraithe.

**Figiúr 7 - Céatadán na n-ionad a thuairiscigh go raibh níos mó ná ráig COVID-19 amháin ag a n-ionad sa bhliain 2020**





Chomh maith le fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi ráigeanna deimhnithe nó amhrasta an COVID-19, caithfidh sholáthraithe na dtithe altranais an Príomhchigire a chur ar an eolas faoi bhásanna gan choinne. Léiríonn líon na mbásanna a tuairiscíodh don Phríomhchigire sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2019 an méadú suntasach a tháinig ar líon na mbásanna gan choinne sna tithe altranais.


8 Áirítear anseo na hionaid arna reáchtáil dhireach ag an bhFSS agus na hionaid a oibrítear faoi Alt 38 agus Alt 39 an Achta Sláinte 2007.

9 Cónaitheoir nó ball foirne amháin nó níos mó a dheimhníodh go raibh an COVID-19 air.

**Figiúr 8 - Fógraí faoi bhás gan choinne sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2019**




**Figiúr 9 - Fógraí faoi bhás gan choinne idir mí Eanáir agus mí Nollaig na bliana 2020**



## Teagmháil le geallshalbhóirí

Tháinig méadú suntasach ar líon na ngaolta a rinne teagmháil linn de bharr thionchar an COVID-19 ar chónaitheoirí na dtithe altranais agus ar a gcuid teaghlach. Bhí cuid acu ag iarraidh na cigirí a chur ar an eolas faoi na ceisteanna imní a bhí acu maidir le cúram a gcuid gaolta sna tithe altranais, agus bhí roinnt eile ag lorg faisnéise maidir le cúram a ngaoil a fuair bás go brónach. I mí Iúil na bliana 2020, rinneamar d'fhoilsíomar sé thuarascáil i leith tionchar na paindéime COVID-19 ar thithe altranais in Éirinn a rinne cur síos ar thaithí na gcónaitheoirí, a ngaolta agus na foirne mar a insíodh dúinn le linn chéad ruathar na paindéime.

Bhí tionchar ag an gCOVID-19 freisin ar roinnt gnéithe dár dteagmháil le príomh-gheallsealbhóirí seirbhísí na ndaoine aosta. Mar shampla, mar thoradh ar an ngá le cruinnithe móra daoine a sheachaint cealaíodh ár bhfóraim réigiúnacha bliantúla le soláthraithe agus cónaitheoirí. Ina áit sin, ghlacamar páirt i bhfóraim ar líne a bhí dírithe ar roinnt na faisnéise agus an dea-chleachtais maidir leis na cónaitheoirí agus na baill foirne a choinneáil sábháilte sna tithe altranais le linn na paindéime náisiúnta.

Is gné bhunúsach dár gcuid gníomhaíochta iniúchta é éisteacht leis na cónaitheoirí agus breathnú ar a dtaithí ó lá go lá. D'ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta a úsáid (go háirithe na maisc), scaradh fisiceach a choinneáil agus a chinntiú nach rachadh comhráite thar 15 nóiméad, leanamar orainn ag labhairt leis na cónaitheoirí le linn na gcigireachtaí agus ag éisteacht lena dtuairimí faoin tseirbhís a fuair siad. Le linn na bliana, rinneamar athbhreithniú chomh maith ar an gcaoi a gcuirimid aiseolas na gcónaitheoirí i láthair inár dtuarascálacha cigireachta.

## Oireachtas

D’fhreastail ár bPríomhfheidhmeannach, Phelim Quinn, agus Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, Mary Dunnion, ar Dháil Éireann ar an 26 Bealtaine chun ceisteanna ag Coiste Speisialta um Fhreagairt Covid-19 maidir leis an gCOVID-19 sna tithe altranais a fhreagairt.

An 10 Meán Fómhair 2020, d’fhreastail ár bPríomhfheidhmeannach Phelim Quinn, Príomhchigire na Seirbhísí Sóisialta Mary Dunnion, agus an Leas-Phríomhchigire Susan Cliffe ar Coiste Speisialta an Oireachtais um Fhreagairt Covid-19 chun ceisteanna ar ár dtuarascáil *The impact of COVID-19 in nursing homes* a phlé agus a fhreagairt.



### 4.1.2 Rialáil na n-ionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas

I mí Márta na bliana 2020, thosaigh an COVID-19 ag dul i bhfeidhm go mór ar shaol agus ar thaithí na n-aosach agus na leanaí faoi mhíchumas a bhí cónaí orthu in ionaid chónaithe nó a bhí ag baint leas as na seirbhísí faoisimh. I gcás go leor cónaitheoirí, chiallaigh srianta sláinte poiblí gur dúnadh a gcuid seirbhísí lae pobalbhunaithe agus go raibh orthu iad féin a aonrú sa bhaile. Chuaigh sé seo go mór ar a ngnáthshaol laethúil, ar a gcuid cairdeas, ar an teagmháil lena theaghlaigh agus ar a gcuid oibre.

Tháinig sraith dúshlán suntasach do sholáthraithe na seirbhísí míchumais as an éigeandáil ar shláinte an phobail chun riosca an COVID-19 agus a thionchar ar acmhainní foirne a bhainistiú ionas go gcinnteofar leanúnachas na tacaíochta agus an chúraim d'áitritheoirí sna hionaid ainmnithe. In a lán ionad, tá fadhbanna sláinte bunúsacha ag cónaitheoirí, rud a fhágann siad ar riosca ardaithe an ionfhabhtaithe agus a dhéanann sé níos tábhachtaí fós go mbeadh pleananna bainistíochta láidre i leith an COVID-19 ag na soláthraithe.

Ba chuid ríthábhachtach í d'fhreagra rialála an Phríomhchigire ar an bpobal maidir leis an éigeandáil sláinte ná tacú leis na soláthraithe an COVID-19 a fhreagairt chomh maith lena bpleananna bainistíochta riosca COVID-19 féin agus an chomhairle sláinte poiblí a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Mar shampla, i mí Mhárta na bliana 2020 chuir an Príomhchigire forálacha sealadacha i bhfeidhm chun a chur ar chumas na soláthraithe freagairt go tapa ar athruithe riachtanacha ina n-ionaid nó áitribh bhreise a chur lena n-ionaid chláraithe chun cabhrú le ráig an COVID-19 a bhainistiú, agus na cigirí ag leanúint orthu ag cinntiú go raibh na cónaitheoirí fós faoi chosaint ag na rialacháin.

I bhformhór na n-ionad, fuaireamar amach go raibh na soláthraithe ag obair gan staonadh chun a chinntiú go gcuirfí sonas beatha na gcónaitheoirí chun cinn laistigh de na srianta náisiúnta. Le linn gach tréimhse dianghlasála, bhí fianaise mhaith ann go raibh eagraíochtaí na soláthraithe ag obair le chéile chun an riosca do na cónaitheoirí a bhainistiú agus bhí an fhianaise le feiscint freisin maidir leis an gcomhoibriú éifeachtach a bhí ann idir na soláthraithe, an FSS agus córas sláinte an phobail.


Le linn na tréimhse seo, dhírigh na cigirí ar chearta na gcónaitheoirí agus a gcuid taithí i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. I roinnt cásanna, d'aithin cigirí an iomarca srianta á gcur ar chearta na gcónaitheoirí áit ag na soláthraithe. Mar shampla, nuair a maolaíodh na srianta náisiúnta chun ligean do dhaoine bualadh le chéile le go poiblí agus iad ag cloí leis an scaradh fisiceach, níor cuireadh na socruithe seo ar fáil do roinnt cónaitheoirí i roinnt ionad ainmnithe. Lean aonrú na gcónaitheoirí seo ón bpobal agus óna gcuid teaghlach ar leibhéal ard. Chuir na cigirí a leithéid srianta in iúl do na soláthraí i gceist agus d'éiligh siad orthu beart a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh gach srian bunaithe ar riachtanais tacaíochta measúnaithe an chónaitheora agus de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí i réim ag an am.

## Clárú

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 1,340 ionad cláraithe ag soláthar seirbhísí cónaithe do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas. Cé go bhfuil a bhformhór mór ag freastal ar dhaoine fásta, tá seirbhísí á gcur ar fáil ag 40 acu do mheascán d'aosaigh agus leanaí, agus is ionaid faoisimh iad a bhformhór a fhreastalaíonn ar leanaí agus ar dhaoine fásta ag amanna éagsúla. Tá 85 ionad ar leith ann do leanaí faoi mhíchumas.

Tá 9,166 áit chónaithe ar fáil san 1,340 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Ina measc seo, bhí socrúcháin fadtéarmacha agus faoisimh ar fáil do 8,558 duine fásta, 257 acu sna hionaid ag freastal ar aosaigh ar leanaí araon, agus 351 áit sna hionaid do leanaí amháin.


**Figiúr 10 - Líon na n-ionad cláraithe do dhaoine faoi mhíchumas (de réir cineál an tsoláthraí) ar an 31 Nollaig 2020[10]**




Chuir an FSS 1,151 (12.6%) de na háiteanna seo ar fáil go díreach, soláthraíodh 5,083 áit (55.5%) trí shocrú maoinithe Alt 38 de chuid an FSS, agus 2,928 áit (31.9%) arna gcur ar fáil don tsoláthraí le chúnamh Alt 39 ón bhFSS.


10 Dar le alt 38 den Acht Sláinte 2004, is féidir leis an bhFSS socrú a dhéanamh le duine chun seirbhís shláinte nó shóisialta a chur ar fáil thar ceann an FSS. De réir alta 39 den Acht Sláinte 2004 is féidir leis an bhFSS cúnamh a thabhairt d'éinne nó do chomhlacht a bhfuil seirbhís cosúil lena leithéid seirbhís an FSS á chur ar fáil acu.

**Figiúr 11 - Céatadán na n-áiteanna a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar shocrú maoinithe an ionaid ainmnithe ar an 31 Nollaig 2020**




Is féidir le níos mó ná foirgneamh amháin a bheith sna hionaid seo agus is féidir leis na foirgnimh seo a bheith scaipthe laistigh de shuíomh pobail, chomhlonnaithe i mbaile nó in eastát tithíochta, suite bhfoirgneamh neamhspleách nó lonnaithe le chéile i ngráig foirgneamh ar champas.

**Figiúr 12 - Líon na leapacha in ionaid cláraithe do dhaoine faoi mhíchumas amhail an 31 Nollaig 2020**



Cé go bhfuil iarracht leanúnach á déanamh laistigh den earnáil míchumais chónaithe chun na suíomhanna móra comhchruinnithe a laghdú agus, ar deireadh, a dhúnadh de réir bheartas náisiúnta an FSS[11], tá lóistín á chur ar fáil do go leor cónaitheoirí i suíomhanna comhchruinnithe. Sé an míniú ar shuíomh comhchruinnithe sa bheartas náisiúnta um shuíomhanna comhchruinnithe ná:

> *"éard atá i suíomhanna comhchruinnithe ná suíomhanna ina gcónaíonn deichniúr nó níos mó faoi mhíchumas le chéile in aonad maireachtála aonair nó ina gcuirtear i lóistín atá suite ar an gcampas iad. I bhformhór na gcásanna, déantar daoine a ghrúpáil le chéile agus go minic bíonn cónaí scoite orthu ón bpobal, óna gcuid teaghlaigh agus óna gcuid cairde. Maireann go leor acu i dtimpeallachtaí gan bunleibhéil na príobháideachta nó an mheasa iontu."*

As na 9,166 áit chónaithe a cláraíodh faoi dheireadh na bliana 2020, tá 31% nó 2,841 díobh lonnaithe i suíomhanna comhchruinnithe. Díobh seo, bhí 2,196 acu laistigh de 167 ionad ainmnithe atá suite ar 58 suíomh campais. Is féidir leis na campais seo a chlárú mar ionad ainmnithe amháin nó a fhoroinnt i roinnt ionad ainmnithe. Cé nach bhfuil líon na gcónaitheoirí i ngach ionad mar an gcéanna i gcónaí, tá gach foirgneamh san ionad ainmnithe lonnaithe ar an láithreán céanna.

Ina theannta sin, bhí 645 áit chónaithe suite laistigh de 46 ionad ainmnithe a cláraíodh mar shuíomhanna comhchruinnithe neamhspleácha do dheichniúr nó níos mó.

### Gníomhaíocht iniúchta agus freagairt rialála don COVID-19

Le linn na bliana 2020, rinneamar 750 iniúchadh ar ionaid do dhaoine faoi mhíchumas. Mar fhreagairt ar an éigeandáil sláinte poiblí, rinneadh an próiseas cigireachta a athrú chun bearta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe a chur i bhfeidhm i gcomhar le córas sláinte an phobail. Chinntigh na bearta seo go n-íoslaghdaítear riosca an ionfhabhtaithe do na cónaitheoirí, do na foirne agus do na cigirí. Cuireadh na gnáth-chigireachtaí ar fionraí agus sceidealadh gach iniúchadh ar bhonn faisnéise a léirigh go bhféidir riosca shábháilteacht na gcónaitheoirí a bheith ann.


Is féidir leis na cigireachtaí a bheith fógartha, gan fógra nó ar ghearrfhógra[12] agus is féidir iad a dhéanamh ag am ar bith de ló is d'oíche. Fógraíodh 10% de na 750 iniúchadh, bhí 70% acu ar ghearrfhógra agus an 20% eile acu gan fógra.

---

11 Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte. Time to move on from congregated settings - A strategy for community inclusion. Baile Átha Cliath, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte; 2011. Ar fáil ar líne ó: https://www.hse.ie/eng/services/list/4/disability/congregatedsettings/time-to-move-on-from-congregated-settings-%E2%80%93-a-strategy-for-community-inclusion.pdf.


12 Ar an 10 Márta 2020, d'eisigh an Príomhchigire agus an ÚFCS freagra rialála ar an gCOVID-19 ag leagan amach réamhchúraimí breise a bhí le cur i bhfeidhm laistigh den chigireacht ar na próisis monatóireachta. Á léamh ag https://www.hiqa.ie/hiqa-news-updates/ rialála-freagra-hiqa-agus-príomh-chigire-sóisialta-seirbhísí-covid-19.

**Figiúr 13 - Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus gan fógra ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas a rinneadh sa bhliain 2020**




Fuair formhór na n-ionad (657) ar tugadh cuairt orthu iniúchadh amháin sa bhliain 2020. Tugann sé seo le fios go raibh leibhéal comhlíontachta maith acu agus gur fhreagair an soláthraí mar ba cheart nuair nach raibh an chomhlíontacht ann. Cé go raibh dhá iniúchadh ag teastáil ó 42 ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht, bhí trí iniúchadh leantach nó níos mó ag teastáil ó thrí ionad. I gcás dhá cheann[13] de na hionaid seo, bhí an oiread sin imní ann maidir le sásamh beatha na gcónaitheoirí go raibh gá le monatóireacht bhreise a dhéanamh orthu ag na cigirí.

**Figiúr 14 - Céatadán na gcuairteanna cigireachta in aghaidh an ionaid a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2020**




13 Tugadh dhá chuairt ar ionad amháin mar chuid dá chlárúchán toisc gur bheartaigh an soláthraí úsáid an ionaid a athrú ó dhaoine fásta go leanaí sular cláraíodh é.

Ina theannta sin, ó thús paindéim an COVID-19, chuaigh na cigirí i mbun clár glaonna um dhearbhú cáilíochta chun acmhainn agus ullmhacht na soláthraithe i leith ráig an COVID-19 a mheas i ngach ionad. Idir mí Aibreán agus mí Lúnasa na bliana 2020, rinneadh teagmháil le gach ionad ainmnithe, ar bhonn coicíse ar dtús. Le linn na tréimhse seo, rinneadh 7,116 ghlao dearbhaithe cáilíochta an COVID-19.

I bhformhór na n-ionad (428) a ndearnadh cigireacht orthu idir mí Bealtaine agus mí Nollag na bliana 2020, fuair na cigirí fianaise sásúil ar bhearta éifeachtacha um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe. Thug siad faoi deara go raibh úsáid chuí á baint as TCP, níocháin láimhe agus scaradh sóisialta.

I 50 ionad, bhí pleananna bainistíochta an COVID-19 ag na soláthraithe, ach bhí feabhsúcháin ag teastáil chun a chinntiú go gcomhlíonfaí go hiomlán na rialacháin agus na Caighdeáin Náisiúnta maidir le cosc agus rialú an ionfhabhtaithe i seirbhísí an pobail.

I 26 ionad, áfach, d'aimsigh na cigirí bearta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe a mhéadaigh baol an ionfhabhtaithe do na cónaitheoirí agus don fhoireann. D'éiligh na cigirí ar na soláthraithe sin bearta iomchuí um rialú an ionfhabhtaithe a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht na gcónaitheoirí a chinntiú ar bhonn práinne.


Ós rud é go raibh toradh ionfhabhtuithe an COVID-19 i bhfad níos measa sna tithe altranais, chabhraigh cigirí na seirbhísí míchumais leis an gclár cigireachta ar sheirbhísí do dhaoine aosta agus sa Mhol um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe a thug comhairle do na soláthraithe agus d'fhoireann sna hionaid ainmnithe.



### Faisnéis a fháil

Caithfidh na soláthraithe nó na daoine i gceannas imeachtaí suntasacha a tharlaíonn san ionad a fhógairt laistigh de thrí lá, agus an Príomhchigire a chur ar an eolas faoi aon ábhar eile ar leith san ionad gach ráithe. Déantar measúnú an riosca ar na fógraí seo agus bíonn siad mar bhonn eolais dár ngníomhartha rialála. Le linn na bliana 2020, fuaireamar 28,426 fógra maidir leis na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

**Figiúr 15 - Fógraí rialála a bhfuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2020**





Faighimid ráitis imní freisin faoi na seirbhísí ón bpobal agus ó fhoinsí eile. Cuireann daoine den phobal faisnéis gan iarraidh ar fáil dúinn a bhfuil imní orthu nó fadhb acu le caighdeán an chúraim a chuirtear ar fáil do chónaitheoirí. Baintear úsáid as an bhfaisnéis seo chun tacú lenár gclár cigireachta. Fuaireamar 262 ráiteas imní faoi sheirbhísí an mhíchumais sa bhliain 2020.

### Fógraí faoin gCOVID-19 in ionaid do dhaoine faoi mhíchumas

Caithfidh na soláthraithe cláraithe fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi aon ráig galair thógálacha ina n-ionad. I gcomhthéacs an COVID-19, d'éiligh an Príomhchigire ar na soláthraithe á fógairt dá mbeadh amhras nó deimhniú ann go bhfuil COVID-19[14] ar chónaitheoir nó ar bhall foirne ar bith.

Cuireadh an chéad chás an COVID-19 in ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas in iúl don ÚFCS ar an 23 Márta 2020. Faoin 31 Nollaig 2020, bhí 3,924 fhógra faighte maidir le cásanna an COVID-19 dearbhaithe nó faoi amhras, lena n-áirítear 650 fógra dearbhaithe an COVID-19. Cuireann Figiúr 16 faisnéis faoi na fógraí a bhaineann le cásanna deimhnithe an COVID-19.

**Figiúr 16 - Líon na bhfógraí a fuarthas ó mhí Márta go dtí mí Nollaig na bliana 2020 ag tuairisciú go raibh COVID-19 dearbhaithe ar chónaitheoirí nó ar bhaill foirne an ionaid**





14 Ar an 20 Aibreán 2020, d'eisigh an Príomhchigire fógra rialála maidir le foirm fógraíochta trí thairsí feabhsaithe (ar líne) chun dualgas rialála an tsoláthraí a éascú i leith fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi aon ráig de ghalar infhógartha ar bith agus i leith maoirseacht rialála a chinntiú.


Nuair a fhaightear fógra faoi COVID-19, déantar an riosca a athbhreithniú, a rátáil agus a dhúnadh de réir chomhairle na sláinte poiblí muna n-aimsítear aon ráig ann nó má tá an ráig thart.

Chomh maith le fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi chásanna dheimhnithe nó amhrasta ionfhabhtaithe an COVID-19, caithfidh soláthraithe cláraithe an Príomhchigire a chur ar an eolas faoi aon bhás gan choinne ina n-ionaid. Taispeánann athbhreithniú ar líon na mbásanna a thuairiscíodh don Phríomhchigire sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2019 méadú 21 bhás gan choinne sna hionaid do dhaoine faoi mhíchumas.

**Figiúr 17 - Fógraí faoi bhás gan choinne sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2019**




**Figiúr 18 - Fógraí faoi bhás gan choinne faighte idir Eanáir agus Nollaig 2020**



## Teagmháil le Geallsealbhóirí

Sa bhliain 2020, d'fhoilsíomar torthaí ár gclár na bliana 2019 um theagmháil leis na cónaitheoirí. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar an méid a d'inis cónaitheoirí na seirbhísí míchumais don ÚFCS faoina saol, faoina dtaithí agus faoi phróiseas na cigireachta. Chuir sé béim freisin ar shamplaí den mhéid a d'inis na cónaitheoirí do na cigirí faoina gcuid cearta, faoina gcuid bhaile, faoina bpobal agus faoina daoine ba thábhachtaí ina saol.

Le linn na bliana 2020 agus mar fhreagairt ar an gCOVID-19, cuireadh ár gclár teagmhála duine le duine ar athló. I mí Lúnasa na bliana 2020, áfach, thosaigh meitheal oibre ag forbairt clár píolótach ag baint úsáide as teicneolaíocht físchomhdhála chun tacú le seisiúin teagmhála ar líne le cónaitheoirí.

D'fhan an éisteacht le taithí na gcónaitheoirí agus an breathnú orthu, go háirithe le linn na paindéime agus aird a thabhairt ar na srianta náisiúnta, ina bpríomhghné próiseas an iniúchta. Le linn gach cigireachta, déanann cigirí a ndícheall labhairt leis na cónaitheoirí, breathnú orthu agus cumarsáid a dhéanamh leo, agus iad ag cloí le gach comhairle na sláinte poiblí a mholtar.

Bhí formhór na gcónaitheoirí in ann labhairt leis na cigirí faoi na srianta náisiúnta agus an fáth go raibh gá leo. Ba mhinic a labhair siad faoi thionchar na srianta ar a saol agus faoin méid a chronaigh siad a gcuid teaghlaigh nó a gcuid cairde agus bhí siad ag tnúth le bheith in ann buaileadh leo arís go luath.

Sna blianta roimhe seo, bhí an Leas-Phríomhchigire ina chathaoirleach ar chruinniú ionadaíoch ráithiúil fóram na soláthraithe chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir an rialtóir agus na soláthraithe. I measc comhaltaí na gcruinnithe seo tá ionadaithe ó Chónaidhm Náisiúnta na Soláthraithe Seirbhíse Deonacha, Cónaidhm Míchumais na hÉireann, Chomhghuaillíocht an Ghnó Neamhbhrabúis agus an FSS ina ról mar sholáthraí seirbhíse. De dheasca na géarchéime náisiúnta, bhuaileamar le chéile faoi dhó i mí Bealtaine agus go míosúil ó mhí Meitheamh na bliana 2020. Thug na cruinnithe seo deis luachmhar do na sholáthraithe seirbhísí an ÚFCS a uasdátú faoi aon cheisteanna a bhí ag teacht chun cinn i leith na paindéime, agus don ÚFCS iad a chur ar an eolas go rialta ar aon ábhair nua rialála.

### 4.1.3 Clár dearbhaithe agus rialála a chur ar fáil maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí sainithe an chúraim shóisialta do leanaí in Éirinn

Déanann ár bhFoireann Leanaí monatóireacht agus iniúchadh ar raon na seirbhísí a chuireann na soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla ar fáil do leanaí. I measc na seirbhísí seo tá:

- ionaid chónaithe do leanaí (reachtúil)
- cúram altrama (reachtúil agus príobháideach)
- aonaid chúraim speisialta (ionaid ainmnithe reachtúla)
- Campas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh
- seirbhísí coimirce agus leasa na leanaí (reachtúil).

Tá a chreat reachtúil féin ag gach seirbhís a thugann an t-údarás don ÚFCS monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís, agus úsáid a baint aige as na caighdeáin agus nó na rialacháin a leagann amach an méid a bhfuilfear ag súil leis ón tseirbhís.


I measc na gníomhaíochta rialála a rinne Foireann na Leanaí sa bhliain 2020 bhí:

- Cigireachtaí ar 20 ionad cónaithe reachtúla do leanaí i gcoinne na g*Caighdeán Náisiúnta d'Ionaid Chónaithe Leanaí*. Cigireachtaí ar ghearrfhógra[15] a bhí i 15 cinn díobh seo, agus gan fógra i gcúig cinn ar na hionaid eile. Ba chigireachtaí iomlána iad 19 acu agus cigireacht leantach a bhí sa cheann eile.
- Rinneadh cúig iniúchadh ar na trí aonad cúraim speisialta le linn na bliana 2020. Fógraíodh trí cinn de na gnáthchigireachtaí monatóireachta roimh ré. Dhírigh na cigireachtaí seo ar na rialacháin a bhaineann leis an rialachas agus leais an mbainistíocht, lena n-áirítear acmhainní foirne, pleanáil do leanaí, bainistíocht an riosca agus coimirce. Rinneadh dhá iniúchadh ar aonad cúraim speisialta amháin mar fhreagairt ar rioscaí ar leith (ba chigireacht gan fógra í ceann amháin acu).
- Rinneadh sé iniúchadh fógartha ar chúram altrama reachtúil chun críoch a chur le clár cigireachta dírithe a thosaigh sa bhliain 2019. Scrúdaigh an clár seo na socruithe a bhí i bhfeidhm maidir le leanaí agus daoine óga a mheas, le pleanáil agus athbhreithniú an chúraim, leis an ullmhúchán chun cúram a fhágáil, le cosaint agus coimirce na leanaí, agus le meaitseáil na cúramóirí altrama le na leanaí agus na daoine óga. Scrúdaigh na cigireachtaí ról na n-oibrithe sóisialta chomh maith.
- Rinneadh iniúchadh fógartha amháin ar sheirbhís príobháideach um chúram altrama chun na socruithe bainistíochta, cosaint agus leasa na leanaí a scrúdú, agus na socruithe earcaíochta, measúnaithe, ceadaithe, maoirseachta agus athbhreithnithe a bhí i bhfeidhm maidir leis na cúramóirí altrama.

15 Cuireadh na seirbhísí ar an eolas 72 uair an chloig roimh an iniúchadh.

- Rinneadh iniúchadh fógartha bliantúil amháin ar Champas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh.
- Críochnaíodh seacht n-iniúchadh téamacha fógartha ar na sheirbhísí um choimirce agus leas na leanaí. Cuireadh tús leis an gclár seo sa bhliain 2019 agus ba é mar chuspóir dó ná an feabhsú a chur chun cinn maidir le bainistíocht na n-atreoruithe a tháinig ó scagadh agus ón réamhfhiosrúchán, le pleanáil na sábháilteachta agus leis na measúnuithe tosaigh.
- Críochnaíodh dhá iniúchadh ar bhonn riosca maidir le coimirce na leanaí agus le córas fógraíochta cosanta na leanaí. Cigireacht leantach a bhí i gceann amháin acu. Scrúdaigh na cigireachtaí bainistíocht na leanaí siúd ar an gcóras fógraíochta cosanta leanaí agus ar rialachas na seirbhíse sin.
- Críochnaíodh dhá iniúchadh riosca-bhunaithe maidir leis an seirbhís i réimsí áirithe. Dhírigh na cigireachtaí seo ar rioscaí ar leith i seirbhísí cosanta na leanaí agus sna seirbhísí leasa agus cúraim altrama.


**Figiúr 19 – Iniúchtaí ar sheirbhísí na leanaí sa bhliain 2020**



Le linn na bliana 2020, fuair Foireann Leanaí an ÚFCS:

- 44 fhógra ó Thusla (an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh). Caithfidh Tusla fógra a thabhairt dúinn faoi aon bhás nó eachtra tromchúiseach a bhaineann le leanaí i gcúram nó le leanaí ar eol do sheirbhís cosanta agus leasa na leanaí iad. Rinneadh an fhaisnéis uile a fuarthas a mheasúnú agus a rátáil maidir le riosca agus a úsáid chun ár gclár monatóireachta a threorú.
- 4 thuarascáil ón bPainéal Athbhreithnithe Náisiúnta i leith teagmhas thromchúiseach agus básanna a bhain le leanaí i gcúram agus nó le leanaí ar eol do sheirbhís cosanta agus leasa na leanaí iad.
- 71 mhír faisnéise gan iarraidh ó leanaí a bhaineann úsáid as na seirbhísí, a gcuid teaghlaigh, cúramóirí altrama, baill foirne agus baill den phobal, i gcomparáid le 79 mír faisnéise a fuarthas sa bhliain 2019. As na 71 mhír faisnéise a fuarthas, bhain 34 (48%) acu le seirbhísí cosanta agus leasa na leanaí, 33 (46%) acu leis na seirbhísí cúraim altrama, dhá cheann (3%) acu le hionaid chónaithe reachtúla na leanaí agus dhá cheann (3%) acu le haonaid chúraim speisialta. I measc phríomhthéamaí na faisnéise a fuarthas bhí an bhainistíocht de chuid Tusla maidir leis an imní faoi chosaint agus faoi choimirce na leanaí, bainistíocht na ngearán, teagmháil teaghlaigh, droch-chumarsáid, pleanáil an cúraim do leanaí faoi chúram agus cearta na leanaí a thacú.
- 258 bhfógra ó aonaid an chúraim speisialta, lena n-áirítear 175 fhógra monatóireachta, seacht bhfógra cláraithe agus 76 fhógra eile.

**Figiúr 20 - Fógraí rialála a fuarthas ó aonaid chúraim speisialta sa bhliain 2020**



Chomh maith leis na cigireachtaí thuas, ba chuid dár gclár rialála freisin iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Mar gheall ar phaindéim an COVID-19, ní dhearnadh cigireacht seirbhísí na leanaí ach amháin maidir le cigireacht riosca-bhunaithe ó mhí Márta na bliana 2020 anuas. Cuireadh próiseas dearbhaithe cáilíochta ar bun leis na seirbhísí go léir agus bhí na cigirí i dteagmháil ar an bhfón go rialta le Tusla, seirbhísí cosanta agus leasa na leanaí, na seirbhísí cúraim altrama, ionaid chónaithe an chúraim, aonaid an chúraim speisialta agus Campas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ullmhacht na seirbhísí le haghaidh ráige an COVID-19 agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar sheachadadh na seirbhíse do leanaí.
- Rinne cigirí teagmháil gutháin dhíreach le 72[16] leanbh i 39 ionad cónaithe reachtúla do leanaí agus trí aonad an chúraim speisialta, le linn tréimhse coicíse go luath i mí Bealtaine na bliana 2020. Léirigh an próiseas comhairliúcháin seo go raibh na leanaí sásta den chuid is mó leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh chun a chinntiú go bhfanfaidh siad i dteagmháil leis na daoine tábhachtacha ina saol agus lena gcuid oibrithe sóisialta. Dúirt na leanaí freisin go raibh tacaíocht leanúnach á fáil acu ón bhfoireann chun fanacht páirteach ina gcuid oideachais agus chun a riachtanais sláinte agus folláine a chomhlíonadh. Ba léir go raibh na leanaí ar eolas iomlán faoin gCOVID-19 agus an riosca a bhí ann dóibh féin agus do na daoine timpeall orthu. Dúirt roinnt leanaí go raibh siad an-imníoch le linn na tréimhse seo. D'aontaigh na torthaí seo leis an méid a bhí á insint ag bainisteoirí na seirbhísí seo do na cigirí trí na córais monatóireachta a cuireadh i bhfeidhm do na seirbhísí seo le linn na tréimhse céanna.
- Le linn mí Bealtaine na bliana 2020, d'eagraíomar comórtas do leanaí a cuireadh i suíomhanna cúraim chónaithe agus in ionaid daingnithe reachtúla a bhí iniúchadh agus/nó rialáil á dhéanamh orthu ag an ÚFCS, ag tabhairt cuireadh dóibh a insint dúinn faoin gcaoi a léirigh siad a gcuid cruthaitheachta nó faoin gcaoi a léirigh siad nó a tháinig siad ar chineáltas éigin le linn paindéim an COVID-19. Fuarthas iontrálacha ó leanaí a cuireadh sna hionaid chónaithe reachtúla ar fud na gceithre réigiún Tusla, na dtrí aonad cúraim speisialta, agus Campas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh. Thaispeáin leanaí cáilíocht agus fairsinge a gcuid buanna, lena n-áirítear an scéalaíocht, an fhilíocht, an líníocht agus ag tabhairt faoi thionscadail chasta. Léirigh na hiontrálacha go suntasach cé chomh feasach agus a bhí na leanaí faoi rioscaí an COVID-19 agus conas ar féidir leo iad féin a choinneáil slán. I dteannta leis na seirbhísí inar cuireadh na leanaí seo, ba mhór againn leibhéal na comhbhá a léirigh na leanaí i leith daoine eile i rith na tréimhse deacra seo, agus an méid a chuaigh siad chun a gcuid smaointe a chur in iúl i leith na ndaoine a raibh cúram orthu, agus i leith na ndaoine aosta ina gcuid phobal. Bronnadh duais ar gach leanbh a ghlac páirt.

16 58 as an 114 leanbh a gcuireadh in ionaid chónaithe reachtúla, agus 14 as an 17 leanbh a gcuireadh ar fud na trí aonad cúraim speisialta ag an am.




*Rogha d'iontrálacha an chomórtais*

- Atosaíodh na gnáth-chigireachtaí i mí Iúil na bliana 2020. Ó shin i leith, leanamar orainn ag oibriú próiseas dearbhaithe cáilíochta trí theagmháil rialta a dhéanamh le bainisteoirí na n-ionad cónaithe do leanaí agus le Campas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh. Sa phróiseas seo bhí na cigirí i dteagmháil le gach seirbhís ar bhonn míosúil d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil, faisnéis a thabhairt ar chosc agus rialú an ionfhabhtaithe, agus na straitéisí, a bhí i bhfeidhm chun an cur isteach ar sheachadadh na seirbhíse do leanaí a chosc, a phlé.
- Rinneamar athbhreithniú litríochta chun an dearadh agus forbairt na modheolaíochta do chlár cigireachta um chúram altrama téamach a threorú.

## Teagmháil le Geallsealbhóirí

Cé go raibh tionchar ag paindéim an COVID-19 ar roinnt deiseanna teagmhála le geallsealbhóirí i rith na bliana 2020, leanamar ar aghaidh ag plé le leanaí, leis na seirbhísí agus le Tusla.

Táimid geallta chun guth na leanaí agus na ndaoine óga inár gcuid oibre a chur chun cinn agus a léiriú. Spreagaimid agus éascaímid na leanaí agus na daoine óga a gcastar linn i rith ár gcuid oibre chun páirt a ghlacadh sna cigireachtaí.

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin seo, is féidir linn taithí saoil na leanaí faoina gcuid cúram a ghabháil, agus tuilleadh tuisceana a fhail ar thionchar rialachas na seirbhísí seo ar an taithí seo. Sé fócas ar leith é maidir le rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga inár gcuid oibre ná an chaoi a bhfuil baint acu le cinntiú na gceisteanna a théann i bhfeidhm orthu. Tá an chinnteoireacht sin cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann agus in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (NA, 1989), a dhaingnigh Éire sa bhliain 1992.

Le linn á gcuid cigireachtaí sa bhliain 2020, chuamar i dteagmháil le 1,041 leanbh, a raibh 914 acu faoi chúram altrama, 60 acu in ionaid chónaithe reachtúla leanaí, 13 acu in aonaid chúraim speisialta, agus 11 acu i gCampas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh. Rinneamar teagmháil freisin le 43 leanbh a bhí seirbhís cosanta agus leasa leanaí á fáil acu ó Tusla. Labhair na leanaí go díreach leis na cigirí nó líon siad ceistneoirí isteach ag cur síos ar a gcuid taithí ar an tseirbhís. Bhuail na cigirí le tuismitheoirí agus le cúramóirí altrama nó labhair siad leo mar chuid dár ngníomhaíocht iniúchta.

Bhuail an Stiúrthóir Rialála agus Ceannasaí Clár na Leanaí leis an Rúnaí Cúnta, an Rannán um Beartas Leanaí agus Rialachas Tusla sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus na hÓige le linn na bliana 2020 chun uasdátuithe agus faisnéis ábhartha a roinnt ar an riosca dáiríre nó féideartha ar fud an earnála agus chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le forbairt na rialála. Tá ionadaí ón bhFoireann Leanaí ina bhall de mheitheal oibre faoi chathaoirleacht na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus na hÓige maidir le leithdháileadh aonair na n-oibrithe sóisialta i gcúram altrama.

Le linn na bliana 2020, bhí cruinnithe againn go rialta le foireann bainistíochta sinsearaí Tusla chun faisnéis a roinnt ar nós forbairt na rialála, rioscaí, ceisteanna cleachtais agus seachadadh na seirbhíse. I measc na ngeallsealbhóirí eile a raibh baint againn leo sa bhliain 2020 bhí Cathaoirleach an Bhoird agus Stiúrthóir an Champais ar Champas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh.

### 4.1.4 Seirbhísí sláinte


De réir an Achta Sláinte 2007, arna leasú, tá an ÚFCS freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíontacht sna seirbhísí cúram sláinte. Déanaimid imscrúdú freisin ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí cúram sláinte sa chás go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte agus do leasna n-othar, de réir an Achta Sláinte. Mar chuid dá fheidhm rialála, is é an tÚFCS an tÚdarás Inniúil in Éirinn atá freagrach as an rialáil um nochtadh míochaine do radaíocht ianaíoch.

Sa bhliain 2020, rinneamar 66 iniúchadh ar sheirbhísí cúram sláinte. Ina measc bhí:

- 11 iniúchadh mar chuid de chláir monatóireachta i aghaidh na g*Caighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Fearr agus Níos Sábháilte*. As na cigireachtaí seo, bhain ceithre cinn chun acu le monatóireacht sábháilteacht na gcógais san ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí - clár cigireachtaí atá ar siúl ón mbliain 2017. Bhain na seacht gcinn eile le clár monatóireachta an athshlánúcháin ar le seirbhísí cúram sláinte an phobail agus na n-othar cónaithe. Dhírigh an clár seo, a thosaigh sa bhliain 2019, ar rialachas agus ar struchtúir bhainistíochta an riosca, agus ar na bearta ar leith chun cigireachtaí bainte le cúram sláinte a gcosc agus a rialú agus chun úsáid shábháilte na gcógais a chinntiú.
- 18 iniúchadh i aghaidh na g*Caighdeán Náisiúnta maidir le cosc agus rialú ionfhabhtaithe i seirbhísí an phobail*. Mar fhreagairt ar phaindéim an COVID-19, chuireamar tús le cur chuige nua cigireachta dírithe ar chosc agus rialú an ionfhabhtaithe sna seirbhísí athshlánaithe agus i seirbhísí cúraim sláinte an phobail agus na n-othar cónaitheach i mí Iúil na bliana 2020. Rinne na cigireachtaí seo measúnú ar an gcomhlíontacht in aghaidh na gcaighdeáin náisiúnta ar leith maidir le cosc agus rialú an ionfhabhtaithe, agus iad dírithe ach go háirithe ar phaindéim leanúnach an COVID-19 agus a bhainistíocht.
- 10 gcigireacht in aghaidh na g*Caighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe a Bhaineann le Cúram Sláinte i Seirbhísí Géarchúraim na Sláinte*. Mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, chuireamar tús le clár monatóireachta dírithe ar chomhlíontacht na gcaighdeáin náisiúnta ar leith maidir le cosc agus rialú an ionfhabhtaithe sna hospidéil ghéarmhíochaine i mí Meán Fómhair na bliana 2020. Dearadh an clár seo chun na caighdeáin ar leith a mbaineann go díreach le riosca an COVID-19 sa suíomh seo a bhainistiú.
- 27 n-iniúchadh ar áiseanna poiblí agus príobháideacha an raideolaíochta a chuimsíonn seirbhísí X-gha na míochaine agus na fiaclóireachta mar chuid dár ról um an nochtadh míochaine d'ianú radaíochta a rialáil. Cuireadh na cigireachtaí seo in ord tosaíochta ar bonn méid an riosca. Rinneadh na chéad chúig iniúchadh ar earnáil na fiaclóireachta chomh maith le linn ráithe dheiridh na bliana 2020, tar éis dúinn teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ar líne. Tugadh ord tosaíochta do na cigireachtaí siúd a bhain le tomagrafaíocht ríofa an bhíoma cón (CBCT).[17]

17 Is teicníc í tomagrafaíocht ríofa an bhíoma cón (CBCT) a bhaineann úsáid as ríomhairí agus trealamh íomháithe ar leith chun íomhá an choirp a chruthú as gearrthacha nó as slisní tanaí.

**Figiúr 21 - Líon na gcigireachtaí ar sheirbhísí cúram sláinte a rinneadh sa bhliain 2020**




Chomh maith leis na cigireachtaí thuas, ba chuid dár gclár monatóireachta í an méid seo a leanas:

- Fuaireamar 293 mhír faisnéise gan iarraidh ón bpobal i rith na bliana a bhain le seirbhísí na gcúram sláinte. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis seo chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár gclár monatóireachta.
- Fuaireamar 20 iarratas ar fhaisnéis. Bhain ocht gcinn acu le ceisteanna faoi chosc agus rialú an ionfhabhtaithe agus leis an gCOVID-19.
- I mí Feabhra na bliana 2020, d'fhoilsigh an tÚFSC Tuarascáil fhorbhreathnaithe ar chlár monatóireachta an ÚFSC in aghaidh na g*Caighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr, le fócas ar leith ar éigeandálaí an chnáimhseachais*. Thug an tuarascáil, a foilsíodh in éineacht le 19 dtuarascáil chigireachta ar leith ó gach seirbhís a bhí ag feidhmiú sa stát, achoimre ar thorthaí na n-iniúchtha uile, mar aon le léargas náisiúnta ar sholáthar réimse seo na seirbhíse. Rinne tÚFSC ocht moladh don FSS maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí máithreachais a fheabhsú sa todhchaí, lena n-áirítear plean cuimsitheach a fhorbairt chun na *Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr* agus Straitéis Náisiúnta an Mháithreachais a chur i bhfeidhm go hiomlán.

- I mí Lúnasa na bliana 2020, d'fhoilsíomar forbhreathnú cúig bliana ar mhonatóireacht na gcúram sláinte sna blianta 2015-2019 a thug anailís ar ár gcuid oibre monatóireachta i seirbhísí cúram na sláinte le linn na tréimhse sin. D'aithin an tuarascáil na réimsí a feabhsaíodh agus na deiseanna breise chun cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí an chúraim a fheabhsú, lena n-áirítear: an gá le dul i ngleic leis an éagsúlacht suntasach idir na hospidéil ar leith chun na caighdeáin náisiúnta a chomhlíonadh; an rochtain ar shaineolas speisialaithe rialaithe an ionfhabhtaithe a neartú agus a eagrú go foirmiúil i seirbhísí an athshlánaithe agus an phobail; agus an gá le hachtú an Bhille um Shábháilteacht Othar a chur chun cinn chun ról níos fairsinge a thabhairt don ÚFCS maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí cúram sláinte poiblí agus príobháideach.
- Rinneamar athbhreithniú agus measúnú ar 77 bhfógra reachtúil faoi eachtraí shuntasacha maidir le neamhchosaintí de thaisme nó neamhbheartaithe ar radaíocht ianaíoch, agus rinneamar tuarascálacha ina leith ar na torthaí agus ar na bearta a rinneadh chun atarlú a leithéid a mhaolú. Ina theannta sin, d'fhoilsíomar an chéad *Tuarascáil fhorbhreathnaithe ar imeachtaí suntasacha na neamhchosaint míochaine do radaíocht ianaíoch 2019*. Chuir an tuarascáil forbhreathnú ar thorthaí na bhfógraí a fuarthas mar chuid de ról rialála an ÚFCS ar fáil agus é mar aidhm aici an méid a foghlaimíodh ó na himscrúduithe seo a roinnt.
- Thosaíomar an chéad athbhreithniú de chuid an ÚFCS ar dháileog íomháithe an X-gha ginearálta, ar an mamagrafaíocht agus ar íomháú an dé-X-gha (DXA nó DEXA)[18]. Bhí sé seo ag teastáil mar chuid dár bhfeidhm mar Údarás Inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil tagartha diagnóiseacha náisiúnta nó ar na gnáth-dháileoga ba cheart d'úsáideoirí seirbhíse a fháil mar chuid dá gcuid diagnóis. D'eisíomar uirlis suirbhé um leibhéal tagartha diagnóiseacha do níos mó ná 130 gnóthas agus rinneamar athbhreithniú ar na freagraí. Foilseofar torthaí an tsuirbhé seo sa bhliain 2021.
- Chun tuilleadh chúnaimh a thabhairt do na hiarrachtaí náisiúnta i leith aghaidh a thabhairt ar an gCOVID-19 agus i bhfianaise leibhéal suntasach taithí an ÚFCS maidir le hospidéil a iniúchadh i aghaidh na g*Caighdeán Náisiúnta um Ionfhabhtú a Bhaineann le Cúram Sláinte in Ospidéil Ghéarmhíochaine a Chosc agus a Rialú*, d'iarr an Fhoireann Éigeandála Náisiúnta Sláinte Poiblí (FÉNSP) i mí Aibreán na bliana 2020 ar an ÚFCS meastóireacht deisce a dhéanamh ar an ullmhacht um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe a bhain leis an gCOVID-19 sna hospidéil ghéarmhíochaine phoiblí. Bhí an tuarascáil bunaithe ar chleachtadh féinmheasúnaithe arna stiúradh ag grúpaí ospidéal, i dteannta le faisnéis an ÚFCS féin a thángthas as a chuid gníomhaíocht iniúchta le blianta beaga anuas.

18 Séard atá san ionsúmhéadracht X-gha défhuinnimh (DXA nó DEXA) ná cineál nochta míochaine ar dháileog íseal a úsáidtear de ghnáth chun dlús na cnámha a mheas in úsáideoirí na seirbhíse lena bhfuil amhras faoi dhlús íseal cnámha nó oistéapóróis.

## Teagmháil le geallshealbhóirí

In ainneoin thionchar an COVID-19 ar an gcumas cruinnithe aghaidh-le-duine a dhéanamh lenár gcuid gheallshealbhóirí sa bhliain 2020, rinneadh dul chun cinn ar an teagmháil a rinneadh leo i roinnt réimsí.

Leanamar orainn ag obair lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte agus lenár ngeallshealbhóirí eile chun ullmhú le haghaidh achtú na Bille um Shábháilteacht an Othair (Fógraí). Bhí obair ullmhúcháin inmheánach ag gabháil le páirt a ghlacadh ina leithéid comhoibre, ina measc athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige monatóireachta i leith caighdeán náisiúnta. Tá sé beartaithe tuilleadh teagmhála a dhéanamh lenár ngeallshealbhóirí sa bhliain 2021 maidir le haon athrú a d'fhéadfadh teacht as an bpróiseas athbhreithnithe seo, agus an reachtaíocht nua ar intinn againn.

Maidir leis an ról rialála radaíochta ianaíoch againn, leanamar ag bualadh leis na príomh-gheallshealbhóirí, lena n-áirítear Oifig um Chosaint Radaíochta an FSS agus ionadaithe ó Chomhairle na Fiaclóireachta. Síníodh Meabhrán Comhthuisceana leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus rinneadh teagmháil leanúnach leo trí chruinnithe ar líne ar ár gcomhéadan rialál ai rith na bliana 2020.



*Sa phictiúr tá Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, Laura Burke, agus ár bPríomhfheidhmeannach, Phelim Quinn, ag síniú meabhrán na tuisceana.*

Sula dtosaíodh ar ghníomhaíochtaí na cigireachta san earnáil fiaclóireachta i réimse cosanta an radaíocht, óstáladh dhá sheimineár gréasáin chun faisnéis a chur ar fáil faoi chur chuige monatóireachta an ÚFCS maidir le rialáil seirbhísí na fiaclóireachta ina bhfuil nochtadh míochaine iontu don radaíocht ianaíoch.

Chuir na seimineáir ghréasáin seo treoir ar fáil do ghnóthais fiaclóireachta agus do gheallsealbhóirí lena bhain maidir le:

- ceistneoir féinmheasúnaithe agus conas ba chóir dá líonadh isteach
- formáid na gcigireachtaí ar an láthair de chuid an ÚFCS.

D'éirigh go hiontach leo seo le beagnach 590 duine i láthair thar an dá sheisiún, agus freagraíodh níos mó ná 190 ceist le linn tráth na gceist beo.

Tháinig Meitheal Comhairleach na Saineolaithe de chuid an ÚFCS maidir le nochtadh míochaine don radaíocht ianaíoch, a éascaíonn comhairliúchán ar ár bhfeidhmeanna mar Údarás Inniúil, le chéile ar líne i mí Meán Fómhair na bliana 2020. Ina theannta sin, leanamar orainn mar ionadaithe na hÉireann ag fóram rialtóirí Cheannairí Údarás Inniúil Raideolaíoch na hEorpa (HERCA) a tháinig le chéile ar líne i mí Meán Fómhair na bliana 2020.



*D'éirigh go hiontach leis na seimineáir gréasáin seo le beagnach 590 duine i láthair thar an dá sheisiún, agus freagraíodh níos mó ná 190 ceist le linn tráth na gceist beo.*

### 4.1.5 Tacaíochtaí an COVID-19 do sheirbhísí agus don athchóiriú rialála

Le linn laethanta luatha na paindéime COVID-19, bhí an Príomhchigire ag déanamh monatóireachta ar an staid a bhí ag titim amach i gcomhthéacs seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta. Tuigeadh ag an am go raibh riosca níos mó ag an ngalar do dhaoine aosta agus do dhaoine a raibh bunriochtaí sláinte orthu. Mar sin, bhí feasacht níos airde ann maidir le scaipeadh an COVID-19 go dtí na tithe altranais agus na seirbhísí míchumais chónaithe.

Lean baill foireann na cigireachta ag déanamh monatóireachta ar na sheirbhísí, lena n-áirítear tuairiscí ar aon ráigeanna galair nó ar mhéadú ar líon na mbásanna. Bhí an ghéarcheim ag dul in olcas ar fud na tíre agus cinntíodh ar gach gnáth-iniúchadh a chur ar fionraí ar an 12 Márta 2020. Rinneadh a leithéid chun a chinntiú nach gcuirfeadh na cigirí le scaipeadh an ghalair sna hionaid ainmnithe.

Le linn na tréimhse seo, bhí an POF, mar bhall an FNÉSP, agus an Príomhchigire i dteagmháil le hoifigigh sa Roinn Sláinte, an FSS agus leis na geallshealbhóiri eile chun bealaigh cumarsáide éifeachtacha a chinntiú maidir le tuairisciú na ráigeanna agus an tionchar a bhain leo, le monatóireacht a dhéanamh orthu agus le tacaíocht a thabhairt do rialú an ionfhabhtaithe chomh maith leis an imní méadaithe i leith an TCP nó i leith ganntanas na bhfoirne sna hionaid.

**Fógraí Rialála**

Eisíodh fógraí rialála do na hionaid ag cur béim ar an ngá le sonraí cruinne agus tráthúla maidir le ráigeanna amhrasta nó dearbhaithe an COVID-19. Ó mí Mhárta go dtí mí Nollaig na bliana 2020, d’eisíomar 43 chumarsáid a bhain le COVID-19 do na seirbhísí go díreach ón bPríomhchigire agus thar ceann na Roinne Sláinte, an FSS, Painéal Saineolaithe na dTithe Altranais agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta.

Áiríodh sna fógraí seo, bhí faisnéis faoi:

- laghdú ar líon na bhfógraí éigeantacha le cur isteach agus faoi chóras níos éasca chun a chinntiú go gcuirfear na sonraí ar ais go tráthúil ar líon na gcónaitheoirí agus na foirne a raibh cás amhrasta nó dearbhaithe an COVID-19 orthu chomh maith le líon na mbásanna gan choinne san ionad.
- phróiseas clárúcháin aon lae chun oscailt na leapacha cónaithe nua a bhrostú
- na príomhstruchtúir agus próisis theagmhasacha ar chóir do gach soláthraí a bheith i bhfeidhm acu chun cás amhrasta nó deimhnithe COVID-19 a bhainistiú go héifeachtúil.
- bhunú an Mhoil um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe.

### An Moil um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe


Bhunaigh an tÚFCS an Mol um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe ar an 6 Aibreán 2020 mar fhoinse comhairle agus tacaíochta pras do sholáthraithe na n-ionad ainmnithe. Tá taithí fhairsing ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe ag na cigirí de chuid an ÚFCS atá ag obair sa Mhol.

Chuir an Mol tacaíocht, treoir agus oiliúint ar fáil, lena n-áirítear:

- ullmhacht na ráige
- comhairle maidir le bainistíocht na ráige (mar shampla, socrúchán na gcónaitheoirí, an cohórtáil agus na bearta ar leith nuair nach féidir aonrú a chur i bhfeidhm, tarchur agus beartais cosanta caighdeánacha)
- comhairle an FSS a thuiscint agus a hoiriúnacht maidir le hionaid ar leith
- tacaíocht ghinearálta ar shaincheisteanna rialú an ionfhabhtaithe.

Cuireadh an comhairle seo ar fáil trí r-phost agus trí líne teileafóin ar leith. Idir an 6 Aibreán 2020 agus an 10 Iúil 2020 rinne an Mol bainistíocht agus freagairt ar 617 gceist maidir le cosc agus rialú an ionfhabhtuithe. Tá an seoladh ríomhphoist ar leith (DCIPCsupport@hiqa.ie) ar fáil fós le haghaidh ceisteanna; tháinig laghdú suntasach líon na gceisteanna, áfach, sna sé mhí dheireanacha na bliana 2020.

**Figiúr 22 - Ceisteanna ar an Mol um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe**



### Creat measúnaithe ar ullmhacht lárionaid le haghaidh ráig an COVID-19

I mí Aibreán na bliana 2020, d'fhoilsigh an tÚFCS Creat measúnaithe ar ullmhacht lárionaid do ráig an COVID-19 in ionaid ainmnithe na ndaoine aosta. Bhí sé mar aidhm ag an gcreat tacú le hionaid a bhí saor ón gCOVID-19 chun ullmhú le haghaidh ráige agus na pleananna teagmhasacha riachtanacha a bhain léi a chur i bhfeidhm. Trí phróiseas féinmheasúnaithe, d'fhéadfadh an soláthraí:

- measúnú a dhéanamh ar ullmhacht an ionaid chun ráig an COVID-19 a bhainistiú faoi phríomh-rialacháin an rialachais, na ceannaireachta, na bainistíochta, na cáilíochta agus na sábháilteachta
- a gcuid eolais ar na hacmhainní atá ar fáil a mheas chun tacú leis na cónaitheoirí agus na baill foirne ullmhú don ráig agus á bainistiú
- rochtain a fháil ar shainchomhairle chliniciúil chun cúram sábháilte a chur ar fáil do na cónaitheoirí
- na córais reatha a mheas lena chinntiú go bhfuil an t-ionad ina áit shábháilte dá chuid cónaitheoirí.

Atosaíodh na cigireachtaí i mí Aibreáin chun féinmheasúnuithe na soláthraithe a dhearbhú trí agallaimh ar an láthair leis an soláthraí cláraithe nó lena n-ionadaí, agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméadú agus ar an mbreathnóireacht. Chun ullmhú do na chigireachtaí, cuireadh na cigirí faoi oiliúint sna treoir de chuid an ÚFCS agus in úsáid ceart an TCP. Rinneadh 189 dá leithéid measúnachta, trí chigireachtaí ar an láthair nó ar an teileafón, idir an 29 Aibreán agus an 26 Bealtaine.

### Creat dearbhaithe do sholáthraithe cláraithe - pleanáil ullmhachta agus bearta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe

I mí Mheán Fómhair na bliana 2020, d'fhoilsigh an tÚFCS creat dearbhaithe an COVID-19 chun tacú le seirbhísí cúraim shóisialta lena chinntiú go mbeadh cleachtais éifeachtacha i bhfeidhm um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe.

Rinneadh an creat seo a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Rialú an Ionfhabhtaithe i Seirbhísí an Phobail (2018). Díríonn sé ar na caighdeáin náisiúnta, ag cur uirlis ar fáil chun a chur ar chumas an tsoláthraí a chur chuige a eagrú maidir leis na caighdeáin náisiúnta a chomhlíonadh go héifeachtúil ina ionad cúraim. Déantar é seo trí dhíriú ar ghnéithe criticiúla an chúraim chun cinntiú éifeachtúlacht:

- cosc agus rialú socruithe rialachas agus bainistíocht an ionfhabhtaithe
- na bpleananna ullmhachta agus teagmhasacha
- socruithe na foirne
- eolas agus muinín na foirne i seirbhísí an chúraim maidir leis na bearta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe agus leis na socruithe iniúchta agus athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Séard atá sa chreat ná doiciméad treorach, uirlis féinmheasúnaithe agus plean feabhsúcháin na cáilíochta. Tá sé mar aidhm aige na huirlisí riachtanacha a chur ar fáil do na soláthraithe agus a bhfoirne bainistíochta le cur ar a gcumas an dea-chleachtas agus réimsí an fheabhsúcháin a aithint, agus na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina n-ionaid.

Chun tacú leis na soláthraithe an creat a chur i bhfeidhm, reáchtálamar ceithre sheimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020 do sholáthraithe agus do bhainisteoirí na n-ionad ainmnithe. D'fhreastail 1,450 rannpháirtí ar na seisiúin. Rinneadh forbairt ar acmhainn físe freisin chun tacú leis na soláthraithe an creat a chur i bhfeidhm.

**Leasuithe eatramhacha a mholtar ar an Acht Sláinte 2007**

D'aithin an COVID-19 agus an tionchar a bhí aige ar na hionaid do dhaoine aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas deiseanna chun an tAcht Sláinte 2007, arna leasú, agus na rialacháin a bhaineann leis a fheabhsú. Chruthaigh dolúbthacht roinnt gnéithe den Acht agus de na rialacháin mar atá siad scríofa faoi láthair dúshláin shuntasacha don Phríomhchigire freagairt éifeachtúil agus tráthúil a thabhairt don staid a bhí ag teacht chun cinn. Bhí go leor de na hathruithe, a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar na dúshláin a chuir an COVID-19 i láthair, ag brath ar chomhoibriú an tsoláthraí cláraithe agus na baill foirne san ionaid, mar shampla na hathruithe ar an bhfógra éigeantach faoi chásanna amhrasta agus dearbhaithe an COVID-19 san ionad ainmnithe.


I mí Meitheamh na bliana 2020, chuir an tÚFCS páipéar faoi bhráid an Aire Sláinte a dhírigh ar na hathruithe láithreacha a bhí á n-éileamh ar an Acht agus ar na rialacháin lena bhain chun cabhrú le seirbhís ardchaighdeáin inbhuanaithe a chur ar fáil do na cónaitheoirí le linn na héigeandála sláinte poiblí. Chabhródh na hathruithe seo lena chinntiú go bhféadfadh na soláthraithe cláraithe an riosca go dtarlódh tuilleadh ráigeanna an COVID-19 nó éigeandáil sláinte eile dá leithéid a bhrath, a bhainistiú agus a fhreagairt ar bhealach inbhuanaithe. Ina theannta sin, ligfeadh na hathruithe seo don Phríomhchigire na soláthraithe cláraithe a choinneáil cuntasach agus aon ghníomh rialála a bhrostú mar ba chuí.

**Painéal Saineolaithe na dTithe Altranais um an gCOVID-19**

Foilsíodh an tuarascáil de chuid Phainéal Saineolaithe na dTithe Altranais um an gCOVID-19 i mí Lúnasa na bliana 2020. Tá 86 moladh ann atá bailithe le chéile i 15 réimse téamach. Baineann amlíne ar leith le gach moladh. Is comhalta é an tÚFCS den Mheitheal Maoirseacht Forfheidhmiú an tuarascála atá faoi cathaoirleacht na Roinne Sláinte.

As na 86 moladh, cuimsíonn 31 acu an tÚFCS mar phríomh-eagraíocht nó le ról maoirseacht na comhlíontachta. Go dtí seo, chuir an tÚFCS dhá shuirbhé thar ceann na Roinne Sláinte ar fáil, ceann acu a bhain leis na moltaí a bhfuil an soláthraí freagrach astu agus ceann i leith foirne oibre a chur ar fáil.

Éilíonn líon suntasach na moltaí athruithe ar an Acht Sláinte 2007, arna leasú, agus nó ar rialacháin reachtúla lena mbaineann. Is comhalta é an tÚFCS den ghrúpa déthaobhach faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte atá na n-athruithe a theastaíonn mar thoradh ar an tuarascáil á scrúdu. Tá páipéar a cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte i mí Meitheamh na bliana 2020 ar *Leasuithe eatramhacha a mholtar ar an Acht Sláinte 2007 arna leasú agus na rialacháin maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas* os comhair an ghrúpa seo lena bhreithniú chomh maith.



### Athchóiriú rialála

Chomh maith le freagairt ar thionchar láithreach an COVID-19 ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, chuir an t-ÚFCS san áireamh an chaoi a raibh an creat rialála a bhí ann cheana ag dul i bhfeidhm ar chumas na freagartha. Tháinig sé chun solais arís agus arís eile nach raibh an rialachas agus an mhaoirseacht chliniciúil sna tithe altranais príobháideacha agus deonacha ar an leibhéal céanna agus a bhí le fáil sna tithe altranais reachtúla. Ar an gcaoi chéanna, measadh go raibh gá le hathbhreithniú agus le huasdátú roinnt rialachán, go mór mór iad siúd a bhain le rialachas agus le cosc agus rialú an ionfhabhtaithe. Agus ar eol dúinn na hábhair imní seo agus an méid a fhoghlamaíodh ó phaindéim an COVID-19 agus ó rialáil na seirbhísí cúraim shóisialta le 11 bliana anuas, tá páipéar dréachtaithe againn maidir le athchóiriú na rialála. Déanann an páipéar seo achoimre ar roinnt páipéar eile chomh maith le fianaise atá ann cheana féin i leith an rialála, agus rinne sé iarracht cás a dhéanamh maidir leis an ngá le córas iomlán rialála na seirbhísí cúraim shóisialta a athchóiriú. Ceaptar go gcuirfidh sé seo leis an díospóireacht níos leithne maidir le córas sláinte na hÉireann a athchóiriú i gcomhthéacs Sláintecare. Tá an páipéar le foilsiú go luath sa bhliain 2021.

### Tionscadal LENS (Ag foghlaim ó na Fógraí Reachtúla i leith an Chúraim Sóisialta)

Sa bhliain 2019, bhronnadh maoiniú de €250,000 ar an ÚFCS ó Bhord Taighde na Sláinte faoin Deontas Tionscadail Anailíse na Sonraí Tánaisteacha. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo ná foghlaim ó na fógraí reachtúla a fuair HIQA ó na hionaid ainmnithe.

Sa bhliain 2020, bhaineamar sonraí fógra reachtúla a fuair an tÚFCS ón bliain 2013 go dtí an bhliain 2019 agus chuireamar le chéile iad i mbunachar sonraí in-anailíse: *Bunachar Sonraí Fógraí Reachtúla ón gCúram Sóisialta, 2013-2019*. Fuarthas na sonraí ar dtús ó chóras TF an ÚFCS agus forlíonadh iad le sonraí breise ó dhoiciméid ráitis cuspóra de chuid na n-ionad ainmnithe. Gineadh athróga eile as sonraí reatha a chomhcheangal nó a eagrú.

Ionas go gcuirfear an fhaisnéis seo ar fáil don phobal, rinneadh measúnú ar Bhunachar Sonraí na bhFógraí Reachtúla ón gCúram Sóisialta, 2013-2019 chun a fháil amach cén fhaisnéis a d’fhéadfaí a chur ar fáil don leagan ar rochtain oscailte den tacar sonraí. De réir na n-ábhar imní maidir leis an príobháideacht agus le cosaint na sonraí, bhaineamar nó anaithníomar aon fhaisnéis a d’fhéadfadh ionad nó cónaitheoir ar bith a aithint. Sé toradh an phróisis seo ná an leagan ar rochtain oscailte den tacar sonraí; Bunachar Sonraí na bhFógraí Reachtúla ón Cúram Sóisialta, 2013-2019 (Rochtain Oscailte) a chuirfear ar fáil go poiblí go luath sa bhliain 2021, agus a uasdátófar gach bliain. Cuirfear roinnt uirlisí tacaíochta ar fáil d’úsáideoirí an bhunachair sonraí lena n-áirítear foclóir na sonraí, léarscáil na sonraí, modúl r-fhoghlama, tábla le haghaidh amharcléirithe agus ráiteas cáilíochta na sonraí. Tá an bunachar sonraí á chur ar fáil go poiblí chun anailís tánaisteacha ar na sonraí a chur chun cinn agus a d’fhéadfadh bonn eolais a chur faoi bheartas, chleachtas agus nuálaíocht i réimse an chúram do dhaoine aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

## 4.2 Measúnú na teicneolaíochta sláinte agus sintéis na fianaise

De réir an Achta Sláinte 2007, tá ról reachtúil ag an ÚFCS maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chostéifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí sláinte agus le comhairle a chur ar fáil don Aire Sláinte agus don FSS ina leith. Tugtar measúnú na teicneolaíochta sláinte (MTS) air seo, agus treoraíonn sé na cinntí infheistíochta i réimsí na sláinte agus na gcúram sóisialta. Déanaimid sintéis fianaise freisin chun tacú le forbairt na dtreoirlínte cliniciúla náisiúnta agus an iniúchta cliniciúla náisiúnta, chomh maith le forbairt beartas na sláinte a threorú. Déanaimid forbairt ar threoirlínte náisiúnta chun bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe a tháirgeadh go tráthúil, go comhsheasmhach agus go hiontaofa atá ábhartha do riachtanais na ndaoine a mbaineann úsáid as na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Is cuid de Phlean Corparáideach an ÚFCS 2019-2021 iad an dhá chuspóir straitéiseach a leanas:

- Measúnú na teicneolaíochta sláinte (MTSanna) agus sintéis fianaise eile a tháirgeadh ar ardchaighdeán chun bonn eolais a chur faoi mhórchinntí beartais na sláinte agus seirbhíse na sláinte, lena n-áirítear na treoirlínte cliniciúla náisiúnta agus an iniúchta cliniciúla náisiúnta.
- Cumas soláthar agus úsáid sintéis na fianaise agus giniúint an eolais a leathnú agus a chomhdhlúthú, laistigh den ÚFCS agus ar fud córas na sláinte araon.

Sa bhliain 2020, ghlac an tÚFCS ról lárnach freisin maidir le sintéis fianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht na sláinte poiblí i leith an COVID-19.



### 4.2.1 Sintéis na fianaise agus comhairle maidir leis an gCOVID-19

Is galar nua é an COVID-19 agus tá an fhianaise agus an fhaisnéis ina leith ag teacht chun cinn go tapa ón uair a tháinig sé chun cinn i mí Nollaig na bliana 2019. Thosaigh HIQA sintéis na fianaise a chur ar fáil chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta na sláinte poiblí ar phaindéim an COVID-19 i mí Márta na bliana 2020 ar iarratas ón Roinn Sláinte.

Bunaíodh Foireann Sintéise Fianaise an COVID-19 i Stiúrthóireacht MTS an ÚFCS chun sintéis na fianaise a chur ar fáil chun tacú le hobair Foirean Náisiúnta Éigeandála na Sláinte Poiblí (FNÉSP), na foghrúpaí de chuid an FNÉSP agus grúpaí eile sa Roinn Sláinte agus san FSS atá ag obair ar an bhfreagairt náisiúnta na sláinte poiblí. Chuir comhaltaí de Stiúrthóireacht Faisnéise agus Caighdeán Sláinte an ÚFCS agus comhghleacaithe ó Lárionad an BTS um Thaighde Cúraim Phríomhúil (BTS-LTCP) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (CRMÉ/RCSI) acmhainn bhreise ar fáil don fhoireann.

Ghlac baill den fhoireann páirt freisin i bhFoghrúpa na FNÉSP ar Threorú agus Sintéis na Fianaise a raibh Stiúrthóir an MTS, an Dr Máirín Ryan, ina chathaoirleach air. Tá an Dr Ryan agus ár bPríomh-Eolaí, an Dr Conor Teljeur, ina gcomhalta de Ghrúpa Comhairleach um Shamhaltú Saineolaithe na hÉireann (CGSSÉ) de chuid an FNÉSP. Tá Leas-Stiúrthóir an MTS, an Dr Patricia Harrington, ina ball de mheitheal oibre Tástáil Mear Diagnóiseacha na n-Antaiginí de chuid an FSS.

I mí Mheán Fómhair na bliana 2020, thosaigh an t-ÚFCS ag cur comhairle bunaithe ar fhianaise ar fáil go díreach don FNÉSP thar ceann an Aire Sláinte. Bíonn an chomhairle bunaithe ar shintéis fianaise a rinneadh ar fud gach réimse ábhartha an MTS agus taighde na seirbhísí sláinte. Bhunaíomar Grúpa Comhairleach Saineolaithe an COVID-19 (GCS) chun sainmhíniú na bhfianaise ábhartha a chur ar fáil agus chun forbairt na comhairle a threorú don FNÉSP. Cuimsíonn an GCS ionadaithe ainmnithe ó na grúpaí ábhartha na ngeallsealbhóirí cliniciúla agus na sláinte poiblí, ó ionadaíocht na n-othar agus an ón saineolas modheolaíoch.

Ó mhí Mhárta go dtí mí Nollaig na bliana 2020, chuireamar 49 n-aschur sintéise na fianaise éagsúla san iomlan ar fáil, agus uasdátaíodh roinnt acu go rialta de réir mar a tháinig fianaise nua chun cinn. Ina measc seo bhí sé athbhreithniú ar threoir na sláinte poiblí (65 leagan san iomlán), 22 achoimre na fianaise (40 leagan ar leith), sé thuarascáil chomhairle don FNÉSP, sé thuarascáil ag féachaint ar bhealaí an chúraim, dhá MTS ghasta, trí mhír anailíse nó samhaltú (ocht n-uasdátú ar leith), dhá MTS scópála, bunachar sonraí a uasdátaíodh go rialta maidir le treoir idirnáisiúnta na sláinte poiblí (166 uasdátú) agus athbhreithniú ar bhearta chun scaipeadh an COVID-19 a laghdú (28 n-uasdátú).

Áiríodh i dtuarascálacha sintéis na fianaise a tiomsaíodh mar fhreagairt ar iarratais ar leith ón FNÉSP, a chuid fhoghrúpaí, an Roinn Sláinte, an FSS agus an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (LFCS) idir mí Márta agus mí Meán Fómhair na bliana 2020, bhí:

- achoimrí na fianaise a cuireadh ar fáil do Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe an FNÉSP maidir le:
  - cumas na leanaí chun cur le tarchur an SARS-CoV-2
  - tábhacht choibhneasta na mbraoiníní i gcoinne an tarchur teagmhála chun an SARS-CoV-2 a leathadh
  - tarchur an SARS-CoV-2 san aer trí aerasóil
  - cruinneas na samplaí seileacha chun an SARS-CoV-2 a bhraith i gcomparáid le samplaí srón-fharaingeacha, cluas-fharaingeacha nó íos-chonair riospráideacha
  - cruinneas tástálacha braite na móilíneacha agus na n-antaiginí chun an COVID-19 a dhiagnóisiú agus úsáid a bhaint as eiseamail nó suíomhanna cliniciúla malartacha
  - úsáid na masc aghaidh ag muintir sláintiúla an phobail
  - úsáid uilíoch na masc aghaidh ag oibrithe cúram na sláinte i gcomhthéacs an COVID-19
  - an fhreagairt imdhíonachta tar éis ionfhabhtaithe an SARS-CoV-2 nó coronavíreas daonna eile
  - an scagadh teirmeach neamhtheagmhála mar bhealach éifeachtúil chun cásanna an COVID-19 a aithint
  - an riosca go dtarchuirfear an SARS-CoV-2 le linn nósanna imeachta giniúnt na n-aerasól ó othair gan comharthaí cliniciúla orthu
  - na torthaí máinliachta ar othair leis an gCOVID-19 orthu
  - ualach víreasach agus ionfhabhtachas an SARS-CoV-2 le linn an ionfhabhtaithe
  - aistriú placainteach na n-antasubstaintí
  - meánfhad fanachta in aonad dianchúraim an COVID-19
  - tarchur neamh-shiomptómach an COVID-19
  - stair nádúrtha an COVID-19 i leanaí
  - éifeachtacht na gcosán chun cúram ospidéalbhunaithe a atosú i gcomhthéacs an COVID-19
  - treoir sláinte poiblí maidir le siomptóim a aithint agus a bhainistiú i leanaí óga agus i ndaoine óga ag dul ar scoil i gcomhthéacs an COVID-19

- MTS mear de chur chuige malartacha na dtástála diagnóiseacha chun siondróm géarmhíochaine riospráide (SARS-CoV-2) a bhrath a cuireadh ar fáil don FNÉSP
- MTS scóipeála ar veacsaíniú uilíoch an fhliú i leanaí a cuireadh ar fáil don Roinn Sláinte
- Athbhreithnithe idirnáisiúnta ar bhearta agus straitéisí na sláinte poiblí, ina measc:
  - treoir sláinte poiblí maidir le húsáid uilíoch na masc aghaidh ag oibrithe cúram sláinte i gcomhthéacs an COVID-19
  - treoir sláinte poiblí maidir le scaradh fisiceach i gcomhthéacs an COVID-19
  - treoir sláinte poiblí maidir leis na hionaid cúraim chónaithe i gcomhthéacs an COVID-19
  - treoir sláinte poiblí maidir leis na bearta cosanta do ghrúpaí ar lagchuidiú i gcomhthéacs an COVID-19
  - freagraí na mbeartais phoiblí idirnáisiúnta ar mhaolú na srianta a nglacadh chun scaipeadh an COVID-19 a laghdú
- anailís eipidéimeolaíoch ar bhásmhaireacht iomarcach
- sintéis na fianaise do Sheirbhís Náisiúnta na n-Otharcharr lena n-áirítear:
  - athbhreithniú ar oibriú na n-ionad seolta míochaine éigeandála, treoir do na sheirbhísí éigeandála réamhospidéil agus do sheirbhísí iompair na n-othar
  - bunachar sonraí threorach do na sheirbhísí éigeandála réamhospidéil agus do seirbhísí iompar na n-othar i gcomhthéacs an COVID-19
- bunachar sonraí de bhearta idirnáisiúnta na sláinte poiblí a cuireadh ar fáil go laethúil don Roinn Sláinte agus don LFCS.

I measc sintéisí na fianaise a rinneadh ó mhí Meán Fómhair na bliana 2020 bhí:

- achoimrí na fianaise chun comhairle a chur ar fáil don FNÉSP maidir le:
  - na tosca a mbíonn tionchar acu ar ghlacadh an vacsaínithe agus ar na bearta chun á fheabhsú
  - úsáid na masc aghaidh ag daoine sláintiúla sa phobal chun tarchur SARS-CoV-2 a laghdú
  - aicmiú na ngrúpaí 'ar lagchuidiú ó thaobh míochaine de' a d'fhéadfadh a bheith i mbaol breoiteachta troma ón gCOVID-19
  - gníomhaíochtaí nó suíomhanna a bhaineann le riosca níos airde tarchuir an SARS-CoV-2
  - ath-ionfhabhtú agus fad na bhfreagraí antashubstaintí tar éis ionfhabhtú an SARS-CoV-2
  - tréimhse goir an COVID-19, nó an t-am chun an chéad tástáil dhearfach a dhéanamh, i ndaoine a nochtadh don SARS-CoV-2
  - moltaí ó threoir idirnáisiúnta maidir le fad ama srianta na ngluaiseachtaí
  - fad ama an ionfhabhtaithe sna daoine sin a thástáil go dearfach do RNA an SARS-CoV-2.
- cleachtaí samhaltaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cásanna tástála éagsúla orthu siúd atá i ndlúth-theagmháil
- athbhreithniú idirnáisiúnta ar bhearta agus ar straitéisí na sláinte poiblí chun scaipeadh COVID-19 a laghdú
- athbhreithnithe idirnáisiúnta ar bhearta na sláinte poiblí a chuirtear ar fáil don Roinn Sláinte agus don LFCS, lena n-áirítear athbhreithnithe ar threoir na sláinte poiblí:
  - le haghaidh ionaid cúraim chónaithe i gcomhthéacs an COVID-19
  - maidir le bearta cosanta do ghrúpaí ar lagchuidiú i gcomhthéacs an COVID-19
- MTS mear ar na roghanna eile seachas an RT-PCR fíor-ama saotharlainn-bunaithe chun ionfhabhtú reatha leis an SARS-CoV-2 a dhiagnóisiú
- MTS scóipeála a cuireadh ar fáil don Roinn Sláinte ar phlasma téarnaimh chun an COVID-19 a chóireáil
- bunachar sonraí de bhearta idirnáisiúnta na sláinte poiblí a uasdátaítear trí huaire sa tseachtain a cuireadh ar fáil don Roinn Sláinte agus don LFCS.

Glacadh le hocht lámhscríbhinn a tháinig ón saothar seo lena bhfoilsiú in irisí acadúla.

### 4.2.2 MTS

**MTS ar thástáil na gcohórt breithe le haghaidh an heipitítis C**

Sa bhliain 2019, chuir an tÚFCS tús le hobair MTS chun tástáil le haghaidh an víris heipitíteas C (HCV) a thairiscint do dhaoine a rugadh in Éirinn idir na blianta 1965 agus 1985. Cuireadh an MTS in ord tosaíochta i ndiaidh foilsiú Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta na hÉireann um Scagadh an Heipitíteas C, arna dhearbhú ag an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil. Áiríodh sa treoirlíne moladh coinníollach maidir le tástáil aonuaire a thairiscint do dhaoine a rugadh idir na blianta 1965 agus 1985 (sé sin, tástáil an chohórt breithe) faoi réir thoradh an MTS iomlán.

Séard atá i gceist le tástáil na gcohórt breithe ná tástáil aon-uaire le haghaidh an HCV a thairiscint do dhaoine a rugadh le linn tréimhse ama ar leith. Bunaíodh aithint an chohórt breithe a bhí le tástáil ar shonraí náisiúnta, a thug le fios go bhfuil leitheadúlacht ionfhabhtaithe is airde an HCV in Éirinn i measc iad siúd a rugadh idir na blianta 1965 agus 1985 (72.5% de na cásanna). Munab ionann agus tástáil riosca-bhunaithe, seachnaíonn tástáil na gcohórt breithe an gá atá le bunchuimsí an riosca a aithint mar bhunús le haghaidh tástála. Thabharfaí cóireáil leighis d'éinne a aithníodh go raibh ionfhabhtú ainsealach an HCV orthu agus, ar an gcaoi sin, laghdófaí an dul chun cinn go dtí an drochshláinte agus costais chúram na sláinte a ghabhann leis.

Tá sé mar aidhm ag an MTS ná éifeachtúlacht chliniciúil agus costéifeachtúlacht tástáil na gcohórt breithe le haghaidh an heipitítis C in Éirinn a bhunú. Ina theannta sin, déanfar meastachán ar an tionchar buiséid maidir le clár tástála na gcohórt breithe a thabhairt isteach agus measfar na himpleachtaí eagrúcháin agus acmhainní dá leithéid seirbhíse. Tionóladh grúpa comhairleach saineolaithe ar a bhfuil ionadaithe ó phríomhghrúpaí na ngeallsealbhóirí chun comhairle agus treoir a chur ar fáil le linn an MTS.

Tá comhairliúchán poiblí ar an MTS beartaithe go luathsa bhliain 2021 sula dtabharfar an tuarascáil chun críche agus mar chomhairle don Aire Sláinte chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh ar cheart tástáil na gcohórt breithe le haghaidh an heipitítis C a chur i bhfeidhm in Éirinn.



*Tá sé mar aidhm ag an MTS ná éifeachtúlacht chliniciúil agus costéifeachtúlacht tástáil na gcohórt breithe le haghaidh an heipitítis C in Éirinn a bhunú.*

## Athbhreithniú córasach ar vacsaíní nua agus feabhsaithe an fhliú

I mí Mheán Fómhair na bliana 2019, bronnadh conradh ar an ÚFCS maidir le athbhreithniú córasach a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus sábháilteacht na vacsaíní séasúracha nua agus feabhsaithe na fhliú chun an fliú saotharlann-deimhnithe na n-aosach a chosc. Rinne An Lárionad Eorpach um Chosc agus Rialú na nGalar (ECDC), gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh, an athbhreithniú a choimisiúnú agus dlúthchomhoibriú á dhéanamh aige le Grúpaí Comhairleacha Teicniúla Náisiúnta an Imdhíonta de chuid an AE/LEE.

Is cúis galair do dhaoine iad na víris fliú séasúracha A agus B agus bíonn eipidéimí geimhridh díobh ann gach bliain sna haeráidí measartha. Faigheann formhór na ngrúpaí a moltar dóibh an vacsaín fliú séasúrach neamhghníomhach trífhiúsach nó ceithrefhiúsach gach bliain, cé go bhfuil tosú á dhéanamh ar vacsaíní fliú séasúracha nua agus feabhsaithe a úsáid i roinnt clár séasúracha náisiúnta um imdhíonta an fhliú a dhíríonn ar ghrúpaí ar lagchuidiú den chuid is mó, mar shampla daoine aosta. Rinne an t-athbhreithniú seo meastóireacht ar fheidhmíocht na vacsaíní fliú séasúracha nua agus feabhsaithe i gcomparáid leis na vacsaíní fliú séasúracha caighdeánacha, d’fhonn straitéisí nua vacsaínithe agus cinnteoireacht na sláinte poiblí a threorú.

Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí Aibreán na bliana 2020 agus foilsíodh an tuarascáil deiridh ar shuíomh gréasáin an ECDC i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020. Chuireamar torthaí an athbhreithnithe chórasacha, agus moltaí le haghaidh taighde amach anseo, faoi bhráid chomhaltaí na sainghrúpaí comhairleacha an imdhíonta ag an ECDC agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. (WHO) chun tacú le cinnteoireacht i leith shéasúr fliú 2020-2021 agus ina dhiaidh sin. Tá lámhscríbhinní á ullmhú againn faoi láthair le cur faoi bhráid irisleabhair acadúla lena mbreithniú.

## Treoirlínte náisiúnta an MTS

Ón mbliain 2010 i leith, tá an tÚFCS tar éis sraith treoirlínte náisiúnta HTA a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le meastóireachtaí tráthúla, iontaofa, comhsheasmhacha agus ábhartha a dhéanamh do riachtanais an lucht déanta cinntí agus na bpríomh-gheallsealbhóirí. Le tacaíocht ó Ghrúpa Comhairleach Eolaíoch an MTS (lena n-áirítear ionadaíocht fairsing ó na príomh-gheallsealbhóirí i gcúram na sláinte in Éirinn), déantar an tsraith treoirlínte seo a uasdátú agus a leathnú go rialta chun freastal ar riachtanais ghníomhaíocht an MTS in Éirinn. Le linn na bliana 2020, rinneamar uasdátú beag ar na *Treoirlínte um Mheastóireacht Eacnamaíoch ar na Teicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn* maidir le cothroime na cumhachta ceannach a chur i bhfeidhm maidir le haistriú na gcostas go hÉirinn.

### 4.2.3 An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh (CCNS) - Tacaíocht do shintéis na fianaise

Bunaíodh An Coiste Comhairleach um Scagadh Náisiúnta (CCNS) sa bhliain 2019 tar éis moladh a fháil ó *Fhiosrúchán Scóipeála ar an gClár Scagtha CervicalCheck 2018*. Is coiste comhairleach neamhspleách é an CCNS a thugann comhairle don Aire Sláinte agus don Roinn Sláinte maidir le moltaí nua le haghaidh clár scagtha daonra-bhunaithe agus leis na hathbhreithnithe ina leith. Ón mbliain 2020 i leith, tacaíocht sintéis na fianaise á cur ar fáil againn don CCNS.

Tá sé mar aidhm ag an gCCNS modheolaíocht chomhaontaithe a bhunú chun glacadh le na hiarratais ar chláir scagtha daonra-bhunaithe nua in Éirinn, nó athbhreithnithe orthu, a mheas. Tá sé mar aidhm aige freisin próiseas athbhreithniú na fianaise láidir, uilechuimsitheach agus trédhearcach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an cás maidir le cláir nua scagtha daonra-bhunaithe in Éirinn, nó le hathbhreithnithe ar chláir reatha, a mheas. Tacóimid leis an gCCNS trí na hathbhreithnithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Athbhreithniú idirnáisiúnta ar na próisis a threoraíonn beartas na gclár scagtha náisiúnta i gcoitinne.

2. Athbhreithniú idirnáisiúnta ar na próisis chun bonn eolais a chur faoi athruithe ar an mbeartas um scagadh nuabheirthe na fola.

Cuireadh an dul chun cinn maidir leis na tacaíochtaí seo ar atráth go sealadach mar gheall ar atreorú thacaíocht sintéis na fianaise ar fhreagra náisiúnta an COVID-19. Atosaíodh a hathbhreithnithe seo, áfach, i mí Eanáir na bliana 2021.

**Eatramh Sínte an Scagtha i gClár Scrúdaithe an Diabetic RetinaScreen in Éirinn**

Is castacht mhicrea-cardashoithíoch an diaibéitis mellitus í an reitineapaite diaibéitis agus is cúis choitianta é le lagú an radhairc agus le cailliúint an radhairc. Is féidir le cláir scagthástála an reitineapaite diaibéitis cosc a chur ar reitineapaite diaibéitis atá bagrach don radharc (STDR) trí chásanna a bhrath agus a chóireáil go tráthúil. Tá *Diabetic RetinaScreen* freagrach as scagadh agus as cóireáil STDR gach éinne 12 bhliain d’aois nó níos sine a bhfuil diaibéiteas orthu in Éirinn. Is cleachtas reatha scagadh bliantúil a dhéanamh orth siúd ata an diaibéiteas orthu; tá sé beartaithe, áfach, gur cheart eatraimh scagtha gach dhá bhliain a thabhairt isteach dóibh siúd atá i mbaol íseal dul chun cinn an reitineapaite agus a léiríonn go bhfuil siad ag comhlíonadh an chláir, de réir an chleachtais idirnáisiúnta.

Le linn na bliana 2020, rinneamar tuarascáil scóipeála chun léargas a chur ar fail maidir leis an bhfianaise a bhaineann leis an eatramh scagtha le haghaidh reitineapaite diaibéitis a leathnú ó bhliain amháin go dtí dhá bhliain dóibh siúd atá i mbaol íseal dul chun cinn an reitineapaite diaibéitis. Arna thacú ag an bhfianaise ónár dtuarascáil scóipeála, rinne an CCNS moladh don Aire Sláinte go ndéanfaí an t-eatramh scagtha a leathnú ó bhliain amháin go dtí dhá bhliain do na daoine seo.

### 4.2.4 BTS-CÉAÉC - Tacaíocht náisiúnta do na treoirlínte cliniciúla

Sa bhliain 2016, bhronn an Bord Taighde Sláinte (BTS) conradh ar €2.25 milliún ar an ÚFCS chun Comhoibriú an BTS in Éirinn d'Athbhreithnithe ar Éifeachtacht Chliniciúil (BTS-CÉAÉC) a bhunú. Sé príomh-chomhoibritheoir an ÚFCS ná Ionad an BTS um Thaighde an Phiomhchúraim (BTS-ITP) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (CRMÉ/RCSI).

Sé aidhm an BTS-CÉAÉC ná bonn fianaise ar ardchaighdeán a chur ar fáil maidir le hathbhreithniú córasach a dhéanamh ar anailís na héifeachtúlachta chliniciúla, na costéifeachtúlachta agus an tionchar buiséide chun tacú leis na moltaí ar bonn fianaise a fhorbairt sna treoirlínte cliniciúla náisiúnta agus in iniúchtaí cliniciúla náisiúnta. Socraíonn an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (CNEC) na treoirlínte agus na hiniúchtaí seo agus ordaíonn an tAire Sláinte iad a chur i bhfeidhm ag na bhFSS. Cuireann an comhoibriú oiliúint ar fáil freisin i sintéis na fianaise agus tugann sé comhairle don CNEC ar fheabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta maidir le nginiúint na fianaise, agus ar easnaimh an taighde i mbonn na fianaise agus conas is fearr a thabharfar aghaidh orthu.

Cuirimid tacaíocht ar fáil don CNEC freisin trínár mballraíocht ar an gCoiste agus trí chabhrú leis an gcur in ord tosaíochta agus le breithmheas na dtreoirlínte a chuirtear isteach. Sa bhliain 2020, chuir an tÚFCS ionchur saineolaithe ar fáil d'fhoirne measúnaithe agus tosaíochta de chuid an CNEC maidir leis na treoirlínte agus leis na hiniúchtaí seo a leanas:

- Iniúchadh Cliniciúil Náisiúnta de chuid Lárionaid Náisiúnta na hEipidéimeolaíochta Imbhreithe (NPEC) maidir leis an mbásmhaireacht imbhreithe
- An Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le bainistíocht seipsis na n-aosach (lena áirítear an máithreachas)
- An Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le diagnóis, stáitseacht agus cóireáil na n-othar leis an ailse reicteach
- An Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le diagnóis, stáitseacht agus cóireáil na n-othar le hailse na drólainne.

**An treoirlíne cliniciúil náisiúnta maidir le srathú an riosca cliniciúil le linn an toirchis**

Chun tacú leis an treoirlíne cliniciúil náisiúnta a fhorbairt maidir leis an riosca cliniciúil a shrathú le linn an toirchis, rinne an BTS-CÉAÉC:

- athbhreithniú córasach ar na treoirlínte cliniciúla agus ar an litríocht eacnamaíoch,
- próiseas comhaontaithe foirmiúil trí bhabhta a éascú trí úsáid a bhaint as modh an Delphi,
- agus anailís ar thionchar buiséide a fhorbairt chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann leis na moltaí cliniciúla a chur i bhfeidhm.

Foilsíodh an treoirlíne i mí Aibreán na bliana 2020.

**An treoirlíne cliniciúil náisiúnta maidir le scagadh cothaithe agus le tacaíocht an chothaithe béil do dhaoine fásta**

Thug an BTS-CÉAÉC faoi athbhreithniú córasach litríochta chun tacú leis an treoirlíne cliniciúil náisiúnta a fhorbairt maidir le scagadh an chothaithe agus leis an tacaíocht don chothú béil do dhaoine fásta. Foilsíodh an treoirlíne i mí Aibreán na bliana 2020.

**Uasdátú ar Threoirlíne Náisiúnta Cliniciúil Uimh. 1, Córas Luathrabhaidh Náisiúnta na hÉireann (CLNÉ)**

Thacaigh an BTS-CÉAÉC leis an uasdátú ar an Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le Córas Luathrabhaidh Náisiúnta na hÉireann (ICLNÉ) trí shé athbhreithniú litríochta córasacha a dhéanamh agus trí anailís an tionchar buiséide a dhéanamh chun meastachán maidir leis na costais a bhain le cur i bhfeidhm na moltaí cliniciúla. Foilsíodh an treoirlíne uasdátaithe i mí Meán Fómhair na bliana 2020. Faoi láthair tá dhá fhoilseachán in irisleabhair acadúla (ceann faoi chló, ceann faoi athbhreithniú) mar aschuir ón treoirlíne.



*Sa bhliain 2016, bhronn an Bord Taighde Sláinte (BTS) conradh ar €2.25 milliún ar an ÚFCS chun Comhoibriú an BTS in Éirinn d'Athbhreithnithe ar Éifeachtacht Chliniciúil (BTS-CÉAÉC) a bhunú.*

### An treoirlíne cliniciúil náisiúnta maidir leis an ngalar scamhógach toirmeascach ainsealach

Thacaigh an BTS-CÉAÉC le treoirlíne cliniciúil náisiúnta a fhorbairt maidir le cóireáil agus bainistíocht a dhéanamh ar an ngalar scamhógach toirmeascach ainsealach in aosaigh. Rinneamar athbhreithniú córasacha na litríochta eacnamaíocha agus thugamar faoi anailís an tionchar buiséide chun meastachán a dhéanamh ar na costais a bhain le cur i bhfeidhm na moltaí cliniciúla. Tugadh dearbhú cáilíochta don treoirlíne i mí na Samhna 2020 agus ceaptar go bhfoilseofar í go luath sa bhliain 2021.

### Forbairt na treoirlíne

Chuireamar an méid seo a leanas ar fáil freisin do ghrúpaí forbartha na treoirlíne sa bhliain 2020:

- athbhreithniú córasach ar an litríocht chliniciúil agus eacnamaíoch i leith na n-idirghabhálacha chun cloí le sláinteachas láimhe a fheabhsú agus chun tacú le treoirlíne an ionfhabhtaithe a fhaightear ó chúram na sláinte
- athbhreithniú córasach ar leitheadúlacht an fhuilithe ollmhóra ionoibráideacha, agus athbhreithniú córasach ar na treoirlínte cliniciúla lena bhain chun tacú le forbairt na treoirlíne maidir leis an bhfuiliú ollmhór ionoibritheach
- ionchur saineolaithe in anailís an tionchar buiséide maidir le cur i bhfeidhm na treorach náisiúnta cliniciúla i leith bainistíocht na seipsise.

Sa bhliain 2020, thosaigh an obair ar:

- athbhreithniú córasach ar an litríocht chliniciúil agus eacnamaíoch ar lóistín seomra othair aonair i gcomparáid le seomraí il-leaba i suite ngéarmhíochaine chun tacú le forbairt na treoirlíne maidir leis an ionfhabhú a fhaightear ó chúram sláinte.
- anailís ar an tionchar buiséide maidir le cur i bhfeidhm na treoirlíne cliniciúla náisiúnta maidir le stopadh an chaitheamh tobac.

### Gradam an Imscrúdaitheora Éirithigh de chuid Boird Taighde na Sláinte

Is comhiarratasóir é an tÚFCS ar Ghradam an Imscrúdaitheora Éirithigh (GIE) de chuid Boird Taighde na Sláinte faoi stiúir an Dr Barbara Clyne, BTS-CÉAÉC agus CRMÉ/RCSI, dar teideal *Sintéis na fianaise agus aistriúchán na dtorthaí ar fhorbairt na treoirlíne cliniciúla náisiúnta: le aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus roghanna an ghrúpaí forbairt na treoirlíne*. Tá sé mar aidhm ag an taighde seo ná tacú le próisis forbartha treoirlíne cliniciúla atá mar bhunús leis an obair a dhéanann an BTS-CÉAÉC trí 'tacar uirlisí' a fhorbairt do tháirgeoirí na fianaise agus d'úsáideoirí deiridh. Tacóidh an tacar uirlisí seo:

1. modhanna sintéis na fianaise is fearr a roghnú
2. torthaí shintéis na fianaise a chur in iúl, agus
3. fianaise an taighde a aistriú go moltaí.

Le linn na bliana 2020, thosaigh an obair ar:

- tráchtaireacht ar an taithí ar réamhfhoilsiúcháin a chur san áireamh in athbhreithnithe tapa le linn paindéim an COVID-19
- staidéar ar mhódh Delphi a fhorbairt ar an rogha na mhodhanna sintéise fianaise is fearr
- agus anailís ar an tuairisc a rinne na meáin in Éirinn ar thorthaí athbhreithnithe tapa le linn paindéim an COVID-19.

### Gradam na Dochtúireachta Comhoibritheacha de chuid Bord Taighde na Sláinte

Is comhiarratasóir é na tÚFCS ar Ghradam na Dochtúireachta Comhoibritheacha de chuid Boird Taighde na Sláinte atá faoi stiúir an Ollaimh Susan Smith, CRMÉ, agus a mhaoiníonn an clár dar teideal *Bainistíocht na hilghalrachta chasta sa phríomhchúram: clár oiliúna dochtúireachta ildisciplíneach*. Cuimsíonn an clár seo comhoibriú leis an ÚFCS chun meastóireacht a dhéanamh ar na costais a bhaineann le cloí leis na treoirlínte cliniciúla a thiteann ar na hothair siúd a bhfuil ilghalracht chasta orthu agus ar a gcuid chúramóirí, réimse nach ndearnadh aon taighde air go dtí seo.

Le linn na bliana 2020, tugadh faoi athbhreithnithe córasacha ar an bhfianais cháilíochtúil agus foilsíodh iad. Thosaíodh ar an obair freisin, agus gnáth-thacair sonraí á n-úsáid, maidir le anailís a dhéanamh ar chostais as póca chúram na sláinte dóibh siúd a bhfuil ilghalracht orthu.

### 4.2.5 Fianaise ar Bheartas

Bunaíodh ár bhFoireann Fianaise ar an Bheartas (FFB) sa bhliain 2018 i ndiaidh iarratas a fháil ón Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht na n-Othar (ONSO) sa Roinn Sláinte. Tá an FFB freagrach as cláir shintéise na fianaise a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartas na Ranna Sláinte.

**Athbhreithniú fianaise ar na sainsheirbhísí cairdiacha**

Is athbhreithniú faoi chathaoirleacht neamhspleách é an tAthbhreithniú Náisiúnta ar na Sainsheirbhísí Cairdiacha ar na seirbhísí náisiúnta cairdiacha cliniciúla in Éirinn a bhunaigh an tAire Sláinte. Molfaidh an t-athbhreithniú ar an gcumraíocht is fearr agus is féidir maidir leis an sainsheirbhís cairdiach náisiúnta d'aosaigh in Éirinn, agus é mar aidhm aige ná torthaí an othair is fearr a bhaint amach ar leibhéal an daonra le béim ar leith ar shábháilteacht, cháilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí atá ar fáil do na hothair. Rinneamar athbhreithniú fianaise chun bonn eolais a chur faoin Athbhreithniú Náisiúnta ar na Sainsheirbhísí Cairdiacha.

B'iad na trí phríomhchuspóir ár n-athbhreithnithe ar an bhfianaise ná:

1. múnlaí reatha na sainlíonraí cairdiacha a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu atá dírithe ar chóireáil phráinneach a dhéanamh ar othair a bhfuil taomanna croí STEMI (mór) orthu. Is mar thoradh ar thoirmeasc sna hartairí a sholáthraíonn an fhuil do mhatáin an chroí iad na taomanna croí STEMI. Meastar gur éigeandáil leighis atá iontu agus déileáiltear leo go práinneach trí úsáid a bhaint as druga téachtán-bhriseadh (trombóis) nó as sreang treorach (caitéatar) a chur isteach san artaire le balún a osclaíonn an soitheach chun ligean don fhuil sreabhadh arís go dtí matán an chroí. Tugtar an phríomh-idirghabháil corónach tríd an gcraiceann (PCI) air seo, agus déantar é in ospidéal a bhfuil saotharlann cataitéirithe éigeandála (cath lab) aige.
2. an deá-chleachtas idirnáisiúnta a aithint d'ionaid a chuireann PCI ar fáil chun taomanna croí STEMI a chóireáil agus an fhianaise atá mar bhonn leis na critéir seo a scrúdú.
3. an fhianaise a aithint maidir le sábháilteacht agus éifeachtacht straitéisí chun taomanna croí STEMI a bhainistiú lena n-áirítear príomh-chuir chuige an PCI agus na trombóise in ionaid nach bhfui cumas an PCI acu.

Cuireadh athbhreithniú críochnaithe na fianaise faoi bhráid Ghrúpa Stiúradh an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Shainsheirbhísí Cairdiacha sa bhliain 2020.

**Ualach eacnamaíoch na frithsheasmhachta fhrithmhiocróbacha i gcóras poiblí an ghéarchúraim in Éirinn**

Is ábhar imní domhanda na sláinte poiblí í an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach. Mínítear í mar chumas miocrorgánaigh stop a chur le hobair fhrithmhiocróbach ina choinne. De réir mar a thiteann an neamhéifeacht ar na cóireálacha caighdeánacha frithmhiocróbacha, maireann agus scaipeann na hionfhabhtuithe agus méadaítear an ghalracht agus bhásmhaireacht dá bharr. Mar thoradh ar rátaí méadaithe na frithsheasmhachta frithmhiocróbacha, beidh sé níos deacra agus níos costasaí na hionfhabhtuithe a rialú agus a chóireáil agus cuirfidh sé seo ualach suntasach ar an bpobal.

In 2020, leanamar den obair ar staidéar chun ualach eacnamaíoch na frithsheasmhachta frithmhiocróbacha i gcóras poiblí an ghéarchúraim in Éirinn a mheas. Tá an staidéar costála seo á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar Chuspóir Straitéiseach 5 de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir leis an bhFriothsheasmhacht Frithmhiocróbach (2017-2020). D'fhéadfadh an fhianaise eacnamaíoch ar chostas reatha na frithsheasmhachta frithmhiocróbacha bonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta, agus méadracht a chur ar fáil chun úsáid réitigh bheartaithe agus costéifeachtacha atá bunaithe ar fhianaise a thomhas ar na dúshláin atá rompu.

Tá grúpa comhairleach saineolaithe ar a bhfuil geallsealbhóirí ionadaíocha ag cur treorach agus ionchur saineolaithe ar fáil don tionscadal. Cuirfear an tuarascáil ar fáil mar chomhairle don Aire Sláinte sa bhliain 2021.



## 4.2.6 Teagmháil le geallshealbhóirí

**Líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta**

Sa bhliain 2019, shíníomar meabhrán tuisceana (MoU) idir na comhlachtaí náisiúnta um mheasúnú teicneolaíocht na sláinte (MTS) in Albain, sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn.

Bhunaigh an MoU cur chuige comhoibritheacha maidir le teicneolaíochtaí nua na sláinte a aithint agus a mheasúnú idir an ÚFCS, an FSS, Teicneolaíocht Sláinte na Breataine Bige agus Grúpa Teicneolaíochta Sláinte na hAlban. Áiríodh ar chomhoibriú baill foirne an ÚFCS ag gníomhú mar athbhreithneoirí geallta ar mheasúnuithe arna dtáirgeadh ag na ballghníomhaireachtaí eile. Go luath le linn paindéim an COVID-19, lean an teagmháil rialta idir na gníomhaireachtaí maidir le hiarratais oibre a bhain leis an gCOVID-19, d'fhonn dúbailt na hiarrachta a laghdú, leis na gníomhaireachtaí ag obair le chéile ar roinnt athbhreithnithe, agus rinneadh cuid acu a uasdátú agus a fhoilsiú ina dhiaidh sin mar athbhreithnithe comhoibritheacha de chuid an AElíonMTS. Glacadh le moladh comhoibritheach a chuir an tÚFCS, Teicneolaíocht Sláinte na Breataine Bige agus Grúpa Teicneolaíochta Sláinte na hAlban chomh maith le gníomhaireachtaí teicneolaíochta na sláinte idirnáisiúnta eile (lena n-áirítear Gníomhaireacht na Sualainne um Theicneolaíocht na Sláinte agus Gníomhaireacht Cheanada um Dhrugaí agus Theicneolaíochtaí Sláinte) i mí Samhna na bliana 2020, i gcomhair plé painéil ag an gcomhdháil idirnáisiúnta um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (MTSi) sa bhliain 2021. Sé ábhar an phlé painéil ná 'Meastóireacht na dTionchar a Leabú i Measúnú Teicneolaíochta na Sláinte: Na hÉachtaí agus na Dúshláin'.

Tá an tÚFCS ina bhall den MTSi agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíocht na Sláinte (LIGMTS). Ligeann an comhoibriú idirnáisiúnta seo dúinn taighde a roinnt agus chomhléiriú agus comhoibriú a dhéanamh maidir le athbhreithnithe na fianaise ar theicneolaíochtaí na sláinte.

Tá an tÚFCS ainmnithe ag an Roinn Sláinte mar ionadaí na hÉireann ar an Líonra Eorpach um Mheasúnú Teicneolaíocht na Sláinte (AElíonMTS) ón bliain 2008. Is comhoibriú é de níos mó ná 80 eagraíocht MTS an AElíonMTS, a dtagann as gach ceann de 27 mballstát an AE chomh maith leis an Iorua agus an Eilvéis. Tá sé mar aidhm aige comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe an MTS a spreagadh chun breisluach a chruthú ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Tugadh faoi shraith Comhghníomhartha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, aschur an MTS a fheabhsú agus dúbailt na hiarrachta a sheachaint. Chuir an obair seo bonn le bunú líonra buan gníomhaireachtaí an MTS ar fud na hEorpa.

Glacann an tÚFCS páirt ghníomhach i gceithre cinn de na pacáistí oibre sa tríú Comhghníomhaíocht 2016-2021 de chuid an AElíonMTS. Tá Stiúrthóir MTS agus Leas-Phríomhfheidhmeannach an ÚFCS, an Dr Máirín Ryan, ina ball tofa de Bhord Feidhmiúcháin an AElíonMTS.

Le linn na bliana 2020, d'oibríomar leis an AElíonMTS ar roinnt tionscadal, ina measc mar:

- comhúdar i leith MTS tapa ar nghnáthaimh máinliachta chun otracht a chóireáil (le críochnú sa bhliain 2021).
- athbhreithnitheoir ar leith ar mheasúnú tapa ar feiste tomhais 24 uair brú na fola Mobil-O-Graph® leis an algartam ionsuite ARCSolver® chun an righneas artaireach a thomhas maidir le cóireáil an hipirtheannais a bharrfheabhsú agus le riosca an ghalair cardashoithíoch a mheas.
- athbhreithnitheoir ar leith ar léirmheas comhoibritheach tapa maidir le ról reatha na dtástálacha antashubstaintí le haghaidh coronavíreas nua an SARS-CoV-2 i mbainistíocht na paindéime.
- athbhreithnitheoir ar leith ar léirmheas comhoibritheach tapa maidir le cruinneas diagnóiseach na modhanna móilíneacha a bhraitheann láithreacht an víris SARS-CoV-2 i gcásanna amhrasaigh an COVID-19.

Cuirimid freisin le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí arna reáchtáil ag geallsealbhóirí seachtracha. Ina measc seo tá Grúpa Athbhreithniú na Teicneolaíochta de chuid Clár Náisiúnta an FSS um Rialú na hAilse, Grúpa Athbhreithniú na Teicneolaíochta de chuid Clár an FSS maidir le Galair Neamhchoitianta, Grúpa Saineolaithe MTS an FSS, Grúpa Stiúrtha an SPHeRE, Coiste Rialachais na Scéimeanna Sláinte Pobail (Cógais) de chuid Tionscadal Sonraí Oscailte an FSS agus Grúpa na nGeallsealbhóirí um Mheasúnú Feidhmíocht Córas Sláinte na Roinne Sláinte.

### Sintéis na Fianaise Éireann

Comhoibrimid i dtionscnamh Sintéis na Fianaise Éireann faoi stiúir an Ollaimh Declan Devane, Ollscoil na hÉireann Gaillimh (OÉG), a bhfuil sé mar aidhm aige cumais na hÉireann i sintéis na fianaise a neartú chun cinnteoireacht na sláinte bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn. Tá Sintéis na Fianaise Éireann maoinithe ag an MBTS agus ag Gníomhaireacht na Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann. Tá an tÚFCS ar cheann de cheithre shuíomh socrúcháin d'iarratasóirí rathúla tabhairt faoi oiliúint san athbhreithniú córasach agus i scileanna sintéis na fianaise eile. Sa bhliain 2020, chuir comhaltaí de Stiúrthóireacht an MTS dhá sheimineár gréasáin i láthair arna n-óstáil ag Sintéis na Fianaise Éireann. Bhain an chéad cheann leis an gcaoi a n-úsáidtear an fhianaise ó athbhreithnithe córasacha chun bonn eolais a chur faoi na treoirlínte cliniciúla náisiúnta agus na MTSanna in Éirinn. Bhain an dara ceann le sintéis na fianaise a dhéanamh le linn paindéime an COVID-19.

Tá Stiúrthóir an MTS ina bhall den Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta de chuid Shintéis na Fianaise Éireann.



### Parlaimint Sláinte na hEorpa

I mí Nollag na bliana 2020, roghnaíodh ball den stiúrthóireacht, Eacnamaí na Sláinte Paul Carty, mar chomhalta de Choiste um Eacnamaíochtaí Sláintiúla de chuid Pharlaimint Sláinte na hEorpa 2021, gluaiseacht atá ann chun an chéad ghlúin eile de cheannairí sláinte na hEorpa a tharraingt le chéil agus a chumhachtú. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste um an Eacnamaíocht Sláintiúil moltaí beartais inghníomhaithe bunaithe ar fhianaise ar leibhéal na hEorpa a fhorbairt chun téarnamh eacnamaíoch a chur chun cinn chomh maith le teacht aniar eacnamaíoch fadtéarmach agus inbhuanaitheacht córas na sláinte a chinntiú. Foilseofar moltaí an bheartais i mí Meitheamh na bliana 2021.

Paul Carty, ár Eacnamaí Sláinte

## 4.3 Caighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta

Agus sinne ag obair i gcomhar le raon fairsing geallsealbhóirí, tá sé mar aidhm againn cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú trí chaighdeáin náisiúnta a leagan síos agus uirlisí tacaíochta a fhorbairt. Cuireann caighdeáin cleachtas atá suas chun dáta, bunaithe ar fhianaise, éifeachtach agus comhsheasmhach chun cinn. Cuidíonn caighdeáin leis na daoine a chuireann seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta ar fáil chun buanna a aithint agus aird a tharraingt ar réimsí a bhféadfadh feabhas a chur orthu. Taispeánann caighdeáin náisiúnta dúinn an chuma atá ar chúram sábháilte ar ardchaighdeán agus an méid a mbeifear ag súil leis ón seirbhís. Nuair a chuirtear caighdeáin náisiúnta i gcrích, déanaimid ábhair bhreise tacaíochta a fhorbairt chomh maith chun cabhrú le baill foirne na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta iad a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

### 4.3.1 Acmhainn agus inniúlacht a thógáil i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

Sa bhliain 2018, d'aithin athbhreithniú an ÚFCS ar na modheolaíochtaí a úsáidtear go hidirnáisiúnta chun caighdeáin náisiúnta a fhorbairt do sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta go raibh na dlínsí ag cur béime mór ar uirlisí tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú le tuiscint na gcaighdeán náisiúnta agus chun cuidiú lena gcur i bhfeidhm. Is acmhainn thábhachtach é an t-athbhreithniú idirnáisiúnta maidir le bonn eolais a chur faoi threo straitéiseach feidhm socraithe na gcaighdeán de chuid an ÚFCS. Tháinig fócas breise dá bharr ar cur i bhfeidhm na gcaighdeán náisiúnta a thacú trí threoir, réitigh foghlama digití agus uirlisí féinmheasúnaithe a fhorbairt; léirítear a leithéid seo i bPlean Corparáideach an ÚFCS 2019–2021.

Táimid geallta uirlisí tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú le fás acmhainn na seirbhísí i measc foirne na sláinte agus an chúraim shóisialta agus chun feabhsú leanúnach na cáilíochta laistigh de na seirbhísí a chinntiú. Sé mar shampla amháin dá leithéid na modúil foghlama ar líne a fhorbairt do bhaill foirne an líne tosaigh. Sa bhliain 2020, d'fhoilsíomar dhá mhodúl foghlama ar líne chun tacú leis na caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm i réimsí chosc agus rialú an ionfhabhtaithe agus coimirce na n-aosach. Déantar an dá mhodúl a óstáil ar ardán foghlama agus forbartha ar líne de chuid an FSS (FSSFF) chun an rochtain a uasmhéadú agus chun a chinntiú go bhfuil rochtain orthu ag baill foirne na líne tosaigh. Tá tuilleadh faisnéise faoi na modúil agus conas rochtain a fháil orthu ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

## Caighdeáin Náisiúnta chun ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú i seirbhísí an phobail: Na caighdeáin a chur i bhfeidhm




Foilsíodh na *Caighdeáin Náisiúnta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe i seirbhísí an pobail* sa bhliain 2018. I mí Lúnasa na bliana 2020, d'fhoilsíomar modúl foghlama ar líne chun tacú le baill foirne na sláinte agus an chúraim shóisialta na caighdeáin a chur i bhfeidhm. Is acmhainn thábhachtach é an modúl seo d'fhoireann na líne tosaigh atá ag obair i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta, ag taispeáint conas is féidir leo na caighdeáin a chur i bhfeidhm go praiticiúil ina gcuid oibre laethúla. Tá samplaí praiticiúla ann, cásanna fíor-saoil agus leideanna cleachtais an lae d'fhoirne oibre ar fud raon na suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal, ar nós seirbhísí cónaithe do dhaoine aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, seirbhísí cúraim lae, cleachtais dochtúir teaghlaigh, seirbhísí na fiaclóireachta agus seirbhísí chúraim baile.

Baineann an modúl le réimsí ar nós cumarsáid maith a dhéanamh le daoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí, páirt a ghlacadh i gcinntí faoina gcuid cúraim, cúram a chur ar fáil i dtimpeallacht atá glan agus shábháilte, agus cógais frithmhiocróbach a fhorordú ar bhealach sábháilte. Tá sé mar aidhm aige an dea-chleachtas a chur chun cinn sa réimse, agus aghaidh a thabhairt chomh maith ar na bearnaí eolais agus scileanna a aithníodh trí teagmháil fhorleathan a dhéanamh leis na geallshealbhóirí. Tá ceisteanna féinmhachnamha ann chun cabhrú leis na baill foirne smaoineamh ar an gcaoi a bhí siad ag cur na gcaighdeán i bhfeidhm cheana féin, chun réimsí feabhsaithe a aithint agus conas a d'fhéadfaí a leithéid a chur i bhfeidhm.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 4,842 duine ann tar éis freastal ar an modúl, a bhformhór acu ag obair i líne tosaigh seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta - 35% acu i gcúram cónaithe do dhaoine aosta.

Líon 994 dhuine foirm mheastóireachta isteach ar líne, a dearadh chun aiseolas a bhailiú ar an modúl agus chun a thionchar a mheas. Bunaithe ar na meastóireachtaí seo, dúirt 98% acu gur thug an cúrsa tuiscint níos fearr dóibh conas a oibríonn na caighdeáin náisiúnta agus iad á gcur i bhfeidhm acu, tá sé i gceist ag 79% acu a gcleachtas a athrú tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú agus mholfadh 87% acu cúrsa do chomhghleacaí.

### Caighdeáin Náisiúnta um Choimirce na nAosach: Na caighdeáin a chur i bhfeidhm




Foilsíodh *Caighdeáin Náisiúnta um Choimirce na nAosach*, a chuireadh le chéile i gcomhpháirt leis an gCoimisiún um Shláinte Meabhrach (CSM), i mí Nollaig na bliana 2019. Sa bhliain 2020, d'oibríomar leis an gCSM chun modúl foghlama ar líne a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag obair i seirbhísí na sláinte agus chúraim shóisialta maidir leis na caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm ina gcuid chleachtais laethúil. Tá sé mar aidhm ag an modúl, a fhoilsíodh i mí Samhna na bliana 2020, dea-chleachtas a chur chun cinn sa réimse, agus aghaidh a thabhairt chomh maith ar bhearnaí an eolais agus na scileanna a aithníodh trí theagmháil fairsing a dhéanamh leis na geallshealbhóirí le linn próiseas forbartha na gcaighdeán.

Cuireann an modúl béim ar an thábhacht a bhaineann leis an mbealach a chuirtear iad ar fáil dóibh siúd a n-úsáideann na seirbhísí a chur i gcroílár gach a ndéanann na seirbhísí. Dearadh é chun cur le tuiscint foirne na líne tosaigh trí úsáid a bhaint as cásanna dáiríre, agus na huirlisí is gá a thabhairt don fhoireann lena chinntiú go bhfuil an cúram dírithe ar an bpearsa. Tá ceisteanna féinmhachnaimh ann chun cabhrú leis an bhfoireann smaoineamh ar an gcaoi a bhfuil siad ag cur na gcaighdeán i bhfeidhm cheana féin, chomh maith le réimsí le feabhsú a aithint agus conas a d'fhéadfadh siad a leithéid a dhéanamh.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 4,842 duine ann tar éis freastal ar an modúl, a bhformhór acu ag obair i líne tosaigh seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta - 35% acu i gcúram cónaithe do dhaoine aosta.

Líon 994 dhuine foirm mheastóireachta isteach ar líne, a dearadh chun aiseolas a bhailiú ar an modúl agus chun a thionchar a mheas. Bunaithe ar na meastóireachtaí seo, dúirt 98% acu gur thug an cúrsa tuiscint níos fearr dóibh conas a oibríonn na caighdeáin náisiúnta agus iad á gcur i bhfeidhm acu, tá sé i gceist ag 79% acu a gcleachtas a athrú tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú agus mholfadh 87% acu cúrsa do chomhghleacaí.

**Treoir maidir le Cur Chuige bunaithe ar Chearta Daonna i Seirbhísí na Sláinte agus an Chúraim Shóisialaigh**

Tar éis foilsiú an *Treoir maidir le Cur Chuige bunaithe ar Chearta Daonna i Seirbhísí na Sláinte agus an Chúraim Shóisialaigh* sa bhliain 2019, leanamar orainn ag forbairt feasachta agus ábhair oiliúna sa bhliain 2020 do na soláthraithe agus na baill foirne san earnáil, chun a chinntiú go mbeadh cearta na ndaoine a úsáideann seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a chosaint, a chur chun cinn agus a thacú i gcleachtas, agus go mbeadh siad leabaithe i gcultúr na seirbhíse.

D'fhoilsíomar paca sleamhnán acadúil dóibh siúd atá ag múineadh na sláinte agus an chúraim shóisialta do mhic léinn agus a gcuireann oiliúint ar fáil do bhaill foirne na sláinte agus an chúraim shóisialta. Rinneadh é seo a fhorbairt mar fhreagairt ar roinnt iarratas ó institiúidí acadúla modúil a sheachadadh dá gcuid mac léinn sa réimse seo. Ina theannta sin, tá ceithre mhodúl foghlama ar líne forbartha againn do bhaill foirne na sláinte agus an chúraim shóisialta agus físeáin beochana dóibh siúd a úsáideann na seirbhísí, a bhfoilseofar go luath sa bhliain 2021.

**Caighdeáin na sláinte agus an chúraim shóisialta a chur i bhfeidhm**

Chun cleachtas bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn agus chun obair ár bhFoireann Caighdeán a threorú, maoiníodh mac léinn PhD chun taighde a dhéanamh ar *'Cur i bhfeidhm caighdeáin na sláinte agus an chúraim shóisialta i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta; aithint na gcumasóirí, na mbac agus forbairt na n-uirlisí tacaíochta'.*

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo ná tacú le cur chun feidhme na gcaighdeán sláinte agus cúraim shóisialta agus iad a fheabhsú trí aithint agus cur síos a dhéanamh ar na cumasóirí agus ar na baic ar a gcur chun feidhme. Ansin déanfar forbairt ar uirlisí tacaíochta oiriúnaithe chun na baic ar chaighdeáin a chur chun feidhme i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a shárú.

Cuideoidh an taighde le creat forfheidhmithe nuálaíoch a fhorbairt a d'fhéadfaidh a chur i bhfeidhm ar thionscadail caighdeáin amach anseo agus tacóidh sé freisin le cur i bhfeidhm níos fairsinge caighdeáin na sláinte agus an chúraim sóisialta.

Le linn na bliana 2020, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas:

- Athbhreithniú insinte ar na mínithe ar chaighdeáin na sláinte agus chúraim shóisialta a úsáidtear go hidirnáisiúnta. Glacadh le réamhleagan de na torthaí lena fhoilsiú mar achoimre ag an bhFeasachán Taighde de chuid Institiúid Náisiúnta na nEolaíochtaí Sláinte in earrach na bliana 2021.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú córasach ar chumasóirí agus ar bhacainní ar chur i bhfeidhm na gCaighdeán. Foilsíodh an prótacal ar Thaighde Oscailte an BTS (Bord Taighde na Sláinte) (HRB Open Research), ardán foilsitheoireachta ar rochtain oscailte le haghaidh taighde.

### 4.3.2 Caighdeáin Náisiúnta

**Caighdeáin Náisiúnta uileghabhálacha um Chúram agus Tacaíocht na Leanaí a mbaineann úsáid as Seirbhísí na Sláinte agus Chúraim Shóisialaigh**

Sa bhliain 2020, chuireamar tús le forbairt na gCaighdeán Náisiúnta Uileghabhálach um Chúram agus Tacaíocht Leanaí a mbaineann úsáid as Seirbhísí na Sláinte agus an Chúraim Shóisialaigh. Tá na caighdeáin seo á bhforbairt i gcomhpháirt leis an Coimisiún na Sláinte Meabhraigh (CSM). Tá sé mar aidhm ag na caighdeáin feabhas agus deachleachtas a chur chun cinn d'fhonn an taithí gach linbh a bhaineann úsáid as na seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú. Sé mar aidhm acu ná cabhrú leis na seirbhísí a dhíriú ar riachtanais an linbh ar an gcéad dul síos. Cuideoidh na caighdeáin seo, atá á bhforbairt ar bhonn na fianaise agus ionchur na ngeallsealbhóirí, le seirbhísí na sláinte agus cúraim shóisialta pleanáil an chúraim agus na tacaíochta ardchaighdeáin a mbeidh dírithe ar leanaí a sholáthar agus á gcur ar fáil.

Tá sé mar cheart ag gach leanbh seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fháil atá dírithe ar a gcuid riachtanas, agus ar an gcúram agus ar an tacaíocht a chuireann raon na seirbhísí a mbíonn siad ag plé leo ar bhealach comhsheasmhach agus comhordaithe. Chun é seo a dhéanamh, caithfidh riachtanais leanaí na leanaí a mheas ag na seirbhísí seo, agus caithfidh an cúram agus an tacaíocht a fhaigheann siad a bheith pleanáilte agus comhtháite i gceart agus freagrúil dá gcuid riachtanas agus dá gcúinsí ar leith. Aithníonn an tÚFCS agus an CSM an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim agus na tacaíochta a mhéadú do gach leanbh agus úsáid á baint acu as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a gcuireann na gníomhaireachtaí reachtúla ar fáil, chomh maith leis na seirbhísí de chuid na soláthraithe deonacha agus príobháideacha. I measc na seirbhísí seo tá an cleachtas ginearálta, seirbhísí an phríomh-chúraim, na hospidéil, seirbhísí coimirce agus leasa na leanaí, ionaid chónaithe na leanaí, na seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas, agus seirbhísí na sláinte meabhraigh. Is deis í forbairt na gcaighdeán náisiúnta uileghabhálach seo ná tacú le feabhas a chur ar cháilíocht, ar chomhsheasmhacht agus ar leanúnachas seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta uiler a bhfuil baint acu le cúram agus tacaíocht na leanaí.

Sa bhliain 2020, chríochnaíomar athbhreithniú fianaise chun treoir a thabhairt do na caighdeáin seo. Déanann an t-athbhreithniú fianaise achoimre ar an bhfianaise idirnáisiúnta, náisiúnta agus acadúil maidir le tréithe an dea-chleachtais leanbh-lárnaithe i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na leanaí a aithint. Tugadh faoi chomhairliúchán scóipeála i mí Meán Fómhair na bliana 2020 chun treoir a thabhairt d'fhorbairt na gcaighdeán, agus tháinig 71 fhreagra as. Rinneadh an t-aiseolas uile a mheas agus cuirfear mar bhonn eolais é faoi fhorbairt na gcaighdeán.

Le linn fhorbairt na gcaighdeán uileghabhálach do leanaí, rachaimid i dteagmháil go forleathan le leanaí, lena gcuid teaghlaigh agus leis na geallsealbhóirí eile a bhfuil taithí acu ar sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta chun a chinntiú go mbeidh na caighdeáin seo oiriúnach i gcomhthéacs na hÉireann, agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm i ndáiríre.

> *Tionóladh Grúpa Tagartha na Leanaí freisin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na gcaighdeán. Rithfidh an grúpa seo i gcomhthreo leis an nGrúpa Comhairleach agus i measc na ballraíochta tá daoine óga agus baill na dteaghlach a bhfuil taithí acu ar úsáid a bhaint as raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na leanaí. Tabharfaidh an grúpa seo léargas ar na saincheisteanna atá tábhachtach do na leanaí agus do na teaghlaigh a mbaineann úsáid as na seirbhísí, ionas go léireofar a leithéid in ábhar na gcaighdeán. Tionóladh an chéad chruinniú de Ghrúpa Tagartha na Leanaí i mí Samhain na bliana 2020.*


Cé gur cuid amháin iad de na caighdeáin náisiúnta chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht do leanaí, aithnímid go bhfuil gá le beartas agus struchtúir náisiúnta chun tacú le hobair éifeachtach idirghníomhaireachta ionas go mbeidh caighdeáin éifeachtacha ar fáil. Féachann ár bpróiseas domhain teagmhala leis na geallshealbhóiri leis an bplé straitéiseach agus leis an treo a n-éascú ar ardleibhéal chun tionchar a imirt ar na gnéithe breise a chaithfear a bheith i bhfeidhm d'fhonn an feabhsúcháin seo a chur chun cinn.

**Na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta na Leanaí**

Táimid ag forbairt Na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta na Leanaí freisin. Bunaithe ar mholtaí ó imscrúdú de chuid an ÚFCS na bliana 2018 ar bhainistíocht na faisnéise i seirbhísí Tusla, thosaíomar ag forbairt na gcaighdeán seo chun gach réimse seirbhísí sóisialta na leanaí a chlúdach ó atreorú an linbh ar an tseirbhís, go dtí go n-aistríonn siad go dtí seirbhís eile nó go dtí go bhfágann siad seirbhísí sóisialta na leanaí. Tá sé mar aidhm ag na caighdeáin seo tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne atá ag obair le leanaí atá i mbaol nó atá faoi chúram an Stáit tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir lena gcuid oibre tacú le torthaí dearfacha i leith an linbh agus a gcuid teaghlaigh a bhfáil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tiocfaidh na caighdeáin seo in ionad na gcaighdeán reatha le haghaidh na seirbhísí ar leith agus beidh feidhm acu ag gach céim de rannpháirtíocht an linbh leis na seirbhísí seo.

Go dtí seo, rinneadh athbhreithniú na fianaise chun forbairt na gcaighdeán a threorú agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚFCS. Tionóladh comhairliúchán scóipeála poiblí agus chuamar i dteagmháil fairsing leis na geallshealbhóirí, lena n-áirítear leanaí nach gcloistear ach go hannamh, daoine óga agus teaghlaigh a bhfuil taithí acu ar sheirbhísí sóisialta na leanaí. In 2020, bhuaileamar le 287 ngeallsealbhóir, lena n-áirítear leanaí, daoine óga, baill teaghlaigh, abhcóidí agus baill foirne, chun forbairt na gcaighdeán a threorú. Léiríonn Fígiúr 23 thíos miondealú ar rannpháirtithe an ghrúpa fócais.

**Figiúr 23 – Rannpháirtithe an ghrúpa fócais i leith na gCaighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta na Leanaí**




Agus iad scríofa ó léargas an linbh agus ag leagan amach cad is gá do sheirbhís a dhéanamh chun na caighdeáin a bhaint amach, leagtar amach sna caighdeáin seo an chuma ar chóir a bheith ar sheirbhísí sábháilte den scoth.

Cuirfear comhairliúchán poiblí le chéile faoi na dréachtchaighdeáin sa bhliain 2021 sula dtabharfar chun críche iad.

## Na prionsabail chun tacú le caighdeáin náisiúnta amach anseo

Tá dréachtshraith na bprionsabal forbartha againn chun tacú le gach caighdeán náisiúnta amach anseo um sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta. Nuair a bheidh siad críochnaithe, bainfear úsáid as na prionsabail seo mar chreat forbartha caighdeán de chuid an ÚFCS in ionad an chreata ocht dtéama a bhíodh á n-úsáid chun caighdeáin a fhorbairt ón mbliain 2012. Sa bhliain 2020, chuireamar athbhreithniú na fianaise i gcrích chun bonn eolais a chur faoi ghlacadh le cur chuige atá bunaithe ar phrionsabail agus chun forbairt na bprionsabal a threorú. Foilsíodh athbhreithniú na fianaise go luath sa bhliain 2021. Déanfar na dréachtphrionsabail a thástáil i ndáiríre trí na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta na Leanaí sa bhliain 2021. Tionólfar comhairliúchán poiblí i leith na ndréachtchaighdeáin seo agus lorgófar aiseolas ar na prionsabail atá mar bhonn leo. Ina dhiaidh sin, tabharfar na prionsabail chun críche agus bainfear úsáid astu maidir le gach caighdeán náisiúnta amach anseo um sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta.

**Próiseas ord na tosaíochta maidir le caighdeáin náisiúnta a fhorbairt**

Sa bhliain 2020, chuireamar próiseas tosaíochta i bhfeidhm chun caighdeáin náisiúnta um sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a bhforbairt agus a n-uasdátú.

Cabhraíonn próiseas ord na tosaíochta seo le réimsí ar ord tosaíochta a aithint chun caighdeán náisiúnta nua a fhorbairt maidir leis an aghaidh is fearr a thabhairt ar riachtanais na sláinte agus an chúraim shóisialta de chuid muintir na hÉireann agus a mbeidh an tionchar is mó acu maidir le torthaí sláinte na ndaoine a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú. Cinntíonn sé freisin go ndéantar iarratais ar chaighdeáin náisiúnta a n-athbhreithniú, a meas agus a gcur chun cinn ar bhealach atá trédhearcach agus comhsheasmhach.

Meastar na moltaí in aghaidh príomhréimsí tionchair lena n-áirítear: an acmhainneacht le haghaidh taithí agus torthaí níos fearr dóibh siúd a mbaineann úsáid as na seirbhíse; fianaise na héifeachtúlachta, an t-ailíniú le beartas agus reachtaíocht náisiúnta; agus an éascaíocht á gcur i feidhm. Foilsíodh próiseas an ord tosaíochta ar www.hiqa.ie i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020.

Tá grúpa comhairleach an chláir ar bun don phróiseas seo agus ar a bhfuil ionadaithe geallshealbhóireacha ann ón Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Comhtháthú agus an Óige; Tusla; Fóram Náisiúnta na nOthar; FSS; agus Stiúrthóireacht Rialála an ÚFCS.

Tar éis na moltaí a fuarthas sa bhliain 2020 a meas, tugadh ord na tosaíochta do chaighdeáin náisiúnta um sheirbhísí tacaíochta baile mar an chéad tacar caighdeán eile le forbairt. Cuireadh tús leis an tionscadal seo ag deireadh na bliana 2020 agus leanfar leis i rith na bliana 2021.

## 4.4 Faisnéis na sláinte

HIQA Tá dhá fhoireann faisnéise sláinte ag an ÚFCS - Caighdeáin Theicniúla agus Cáilíocht Faisnéise Sláinte - a oibríonn i gcomhar, agus úsáid á baint acu as an bhfianaise is fearr atá ar fáil, chun moltaí a fhorbairt maidir le tacú leis an gcinnteoireacht i leith r-Shláinte agus faisnéis na sláinte in Éirinn. Cuirimid feabhsúcháin ar cháilíocht na sonraí agus na faisnéise chun cinn trí chaighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt agus trí chomhlíontacht leis na gcaighdeán náisiúnta seo a mheas.

Oibrímid go neamhspleách chun an sárfhianaise a bhailiú mar bhonn eolais faoi bheartas, reachtaíocht agus soláthar na seirbhíse i réimse faisnéise na sláinte. 'Sí an aidhm dheiridh againn ná sonraí agus faisnéis ar ardchaighdeáin a bheith acu chun tacú le cúram ar leith, pleanáil agus bainistíocht na seirbhísí, le cur le chéile an bheartais agus taighde ar chórais na sláinte agus an chúraim shóisialta na hÉireann.

Agus sinne ag obair i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí, bailímid fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an deá-chleachtas. Téimid i gcomhairle le saineolaithe, geallsealbhóirí, soláthraithe na seirbhíse agus úsáideoirí na seirbhíse. Déanaimid tuairisc ar chur i bhfeidhm ár gcuid caighdeán náisiúnta agus ar na heagraíochtaí treorach agus tacaíochta chun faisnéis na sláinte a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim, comhoibriú idir an ÚFCS, an Roinn Sláinte agus an FSS, na tuairimí iad siúd a mbaineann úsáid as na seirbhíse a mbailiú chun feabhsú seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a bhrú chun cinn.

Le linn na bliana 2020, leag an paindéim COVID-19 béim ar an ngá le córas faisnéise na sláinte níos comhtháite agus níos freagraí in Éirinn. Chuirfeadh forbairt na mbeartas, na gcóras agus na reachtaíochta maidir le faisnéise na sláinte go mór le faireachas, tástáil, rianú agus tuairisciú cásanna an COVID-19, gan trácht ar an tionchar a mbeadh acu ar an vacsaíniú.

### 4.4.1 Caighdeáin Teichniúla

Sa bhliain 2020:

- rinneamar na moltaí a fhorbairt chun tacú leis an achoimre leictreonach náisiúnta ar othair a chur i bhfeidhm.
- chuireamar tús le forbairt na moltaí chun tabhairt isteach samhail náisiúnta faisnéise na sláinte a chur chun cinn.
- thosaíomar ar mheasúnú comhlíontacht na seirbhísí r-Shláinte laistigh den FSS i gcoinne na gcaighdeán náisiúnta lena bhain.
- leanamar le rolladh amach an SNOMED CT a thacú i gcomhar le Rialachas an SNOMED CT agus leis an Ionad Scaoileadh Náisiúnta.

### Moltaí maidir le hachoimre leictreonach náisiúnta ar othair a chur i bhfeidhm

Séard atá in achoimre náisiúnta leictreonach ar othair ná tacar faisnéise ábhartha a theastaíonn chun cóir leighis a chur ar othar faoi chúram neamhphleanáilte, m.sh. cóireáil éigeandála nó lasmuigh d'uaireanta gnó. Chun tacú leis an achoimre náisiúnta leictreonach ar othair a thabhairt isteach in Éirinn, rinneamar moltaí a fhorbairt maidir le clár náisiúnta a bhunú sa bhliain 2020. Chomhlíon na moltaí seo *An Caighdeán Náisiúnta um na Riachtanais Faisnéise maidir le Achoimre Leictreonach Náisiúnta ar Othair* a d'fhorbair an tÚFCS sa bhliain 2018. B'é mar bhonn eolais na moltaí ná an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus rinneadh iad a forbairt i gcomhar leis na príomh-gheallshealbhóirí, lena n-áirítear an 59 bhfreagra ar an gcomhairliúchán poiblí a tionóladh thar thréimhse sé seachtaine ó mhí Lúnasa go dtí mí Meán Fómhair na bliana 2020. Cuireadh na 22 mholadh faoi bhráid an Aire Sláinte go luath sa bhliain 2020.

Áiríodh ar aschuir an tionscadail ná:

- Athbhreithniú an Dea-Chleachtais maidir le Taifid Achoimre an Chúraim (2020)
- Anailís Reatha ar Thimpeallacht r-Shláinte na hÉireann (2020)
- Moltaí don Aire Sláinte - Moltaí maidir le Achoimre Leictreonach Náisiúnta ar Othair a Chur i bhFeidhm in Éirinn
- Ábhair mhínitheacha ar na príomhthéarmaí r-Shláinte agus treoir maidir le hidir-inoibritheacht cúram na sláinte in Éirinn.

### Moltaí maidir le samhaltú faisnéise na sláinte in Éirinn

Sa bhliain 2020, chuireamar tús le forbairt moltaí ar shamhaltú faisnéise na sláinte in Éirinn. I gcomhthéacs cúram na sláinte, aithníonn an tsamhail an fhaisnéis is féidir a áireamh agus faisnéis chliniciúil agus riaracháin á bailiú agus á roinnt. Ligeann sé do na geallshealbhóirí, lena n-áirítear na cliniceoirí, comhchatagóirí na faisnéise a aithint ar féidir iad a ghrúpáil le chéile ar bhealach loighciúil - mar othair, cógais, diagnóis srl - agus a gcaithfidh na córais ríomhaireachta tacú leo. Tacóidh na moltaí ar mhúnla faisnéise náisiúnta um fhaisnéis na sláinte in Éirinn le bailiú, úsáid agus comhroinnt na faisnéise ar fud córais faisnéise na sláinte, ina measc súid na córais r-Shláinte agus bailiúcháin na sonraí náisiúnta (clárlanna na n-othar). Tionólfar comhairliúchán ar na dréacht-mholtaí sa bhliain 2021 sula dtabharfar chun críche iad.


### Clár athbhreithnithe na r-Shláinte

Chuireamar tús le clár athbhreithnithe nua chun comhlíontacht na seirbhísí r-Shláinte laistigh den FSS a mheas i gcoinne na caighdeáin náisiúnta lena bhain. Sa bhliain 2020, chuireamar tús le hathbhreithniú ar sheirbhís na ríomhshláinte maidir leis na hatreoruithe leictreonacha agus é mar aidhm aige ná feabhsuithe cáilíochta a chur chun cinn trí réimsí an dea-chleachtais agus na réimsí ina raibh feabhsúcháin riachtanach uathu a aithint ar fud na seirbhísí r-Shláinte. Tar éis ráig an COVID-19, cuireadh an obair ar an athbhreithniú ar fionraí agus cuirfear tús léi arís sa bhliain 2021. Tá treoir don chlár athbhreithnithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

### SNOMED CT - An Caighdeán Náisiúnta Téarmaíochta

Sa bhliain 2014, rinneamar moltaí maidir le hAinmníocht Chórasaithe an Leighis (SNOMED CT) a ghlacadh mar chaighdeán téarmaíochta cliniciúla na hÉirinn. Tar éis glacadh le SNOMED CT sa bhliain 2016, bunaíodh Ionad Eisiúna Náisiúnta an SNOMED CT d'Éirinn. Tionóladh Grúpa Rialachais an SNOMED CT freisin, faoi chathaoirleacht an Dr Kevin O'Carroll, Bainisteoir na Teicneolaíochta agus na gCaighdeán de chuid an ÚFCS. Sa bhliain 2020, scaoileadh an ceathrú eagrán de SNOMED CT na hÉireann.

Sa bhliain 2020, rinneadh tacar sonraí an SNOMED CT chun measúnú, tástáil, rianú teagmhála agus bainistíocht na gcásanna an COVID-19 in Éirinn a fhorbairt agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair san córais faisnéise a úsáidtear chun COVID-19 a bhainistiú i suíomhanna an phobail agus na n-ospidéal. D'oibrigh an tIonad Náisiúnta na Scaoilte le hOifig Náisiúnta an Imdhíonta, le córas na sláinte poiblí agus le soláthraithe na gcóras chun a chinntiú go ndéantar SNOMED CT a ichur san áireamh sna córais TFata á bhforbairt chun tacú le clár náisiúnta vacsaínithe an COVID-19. Feabhsóidh an SNOMED CT cáilíocht na sonraí, ligfidh sé do idir-inoibritheacht idir na córais faisnéise, glacfaidh sé le sonraí ar an gcaighdeán idirnáisiúnta céanna agus ligfidh sé do thaifeadadh agus d'aisghabháil maith an sonraí.



## Tairseach na n-othar chun tacú le cúram na ndaoine aosta

Chun cleachtas bunaithe ar an bhfianaise a chur chun cinn agus chun obair na bhFoirne um Chaighdeáin Theicniúla a threorú, maoiníodh mac léinn PhD chun taighde a dhéanamh ar *'Graif eolais phearsantaithe a fhorbairt le húsáid i dtairseach othar chun tacú le cúram a thabhairt do dhaoine aosta'*. Freastalaíonn an mac léinn PhD ar Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo ná graif eolais a dhearadh agus a fhorbairt, iad a chur san áireamh i réamhshamhla tairseach na n-othar agus i meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir lena n-úsáid chun tacú le riachtanais chúram sláinte na ndaoine aosta agus chun pleananna cúraim a fhorbairt. Séard atá san graif eolais ná sonraí agus, go háirithe, an caidrimh idir na sonraí. Cuireann siad struchtúr le haghaidh na sonraí ar fáil agus éascaíonn siad sonraí ó ilfhoinsí a chur le chéile ionas gur féidir á n-úsáid in iarratais ar nós tairseacha na n-othar.

Cuideoidh an taighde seo le tairseacha othar a fhorbairt in Éirinn. Is féidir leis an bhfréamhshamhla a thógtar agus a dhéantar meastóireacht air do chonair chúraim duine aosta ar leith eolas a thabhairt do thógáil conairí cúraim eile.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas sa bhliain 2020:

- Togra tráchtais agus modheolaíocht arna bhforbairt agus arna gceadú ag an bhfoireann maoirseachta acadúil.
- Tús curtha le hathbhreithniú córasach ar chreat meastóireachta chun oiriúnacht foinsí na sonraí a mheas.

### 4.4.2 Cáilíocht Faisnéis na Sláinte

Sa bhliain 2020, bhíomar:

- ag forbairt moltaí ar mhúnla chun faisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt in Éirinn.
- ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, an FSS agus ionadaithe na n-othar ar fhorbairt agus rolladh amach an chéad Suirbhé Náisiúnta um an Teagmháil Poiblí le Faisnéis na Sláinte.
- ag leanadh lenár gclár athbhreithnithe ar chomhlíontacht na mbailiúchán sonraí náisiúnta le caighdeáin bhainistíocht na faisnéise.

**Forbairt na moltaí ar mhúnla chun faisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt in Éirinn agus an Suirbhé Náisiúnta um an Teagmháil Poiblí le Faisnéis na Sláinte**

Sa bhliain 2020, leanamar le forbairt na moltaí ar mhúnla chun faisnéis na sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt in Éirinn. I mí Feabhra na bliana 2020, d'fhoilsíomar *Athbhreithniú idirnáisiúnta ar mhúnlaí an cheada maidir le faisnéis na sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt*. B'é mar phríomhthoradh an athbhreithnithe seo ná go raibh rannpháirtíocht an phobail agus cultúr na muiníne a thógáil maidir le bailiú, úsáid agus comhroinnt faisnéis na sláinte thar a bheith tábhachtach agus samhail an cheada á forbairt. Chun an eolas a thabhairt do phríomhchinntí ar na hábhair seo agus chun tionchar a imirt orthu, tá sé riachtanach dul i dteagmháil leis an bpobal chomh luath agus is féidir. Go hidirnáisiúnta, chuir an teagmhail leis an bpobal bonn eolais faoi thabhairt isteach rathúil na dtionscnamh nua r-Shláinte agus teicneolaíochtaí digiteacha i gcúram na sláinte.

Agus sinne ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, an FSS agus ionadaithe na n-othar, reáchtálamar an chéad Suirbhé Náisiúnta um an Teagmháil Poiblí le Faisnéis na Sláinte sa bhliain 2020. Áiríodh in ullmhúchán an tsuirbhé ná athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i leith na teagmhála poiblí a rinneadh i ndlínsí eile chun an beartas a threorú; modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh comhairliúcháin phoiblí maidir le úsáid, bailiú agus comhroinnt faisnéis na sláinte; agus suirbhé náisiúnta teileafóin a fhorbairt i bhfoirm uirlis Agallaimh Teileafóin Ríomhchuidithe ag baint úsáid as cásanna bunaithe ar chóras cúram sláinte na hÉireann.

Tionóladh Grúpa Stiúrtha, ar a raibh ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta agus na n-othar, chun treoir a dhéanamh ar fhorbairt an tsuirbhé. Tháinig an grúpa le chéile ceithre huaire sa bhliain 2020. Ina theannta sin, chun forbairt an tsuirbhé a threorú, rinneadh 21 agallamh le gairmithe cúram na sláinte ó dhisciplíní na sláinte agus an chúraim shóisialta chun a gcuid tuairimí ar na bacainní agus na héascaitheoirí a chloisteáil maidir le bailiú, úsáid agus roinnt faisnéis pearsanta na sláinte. Fuair an suirbhé cead eiticiúil ó Choiste Eitice na Taighde de chuid Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann. Tar éis tástáil chognaíoch a dhéanamh le hionadaithe na n-othar agus le baill an phobail, tosaíodh an suirbhé. Ghlac sampla ionadaíoch de 1,200 duine na hÉireann páirt sa tsuirbhé idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Nollaig na bliana 2020, ag cinntiú gur éisteadh le guth an phobail maidir leis an gcaoi a mbailítear agus a roinntear faisnéis na sláinte. Foilseofar torthaí an tsuirbhé sa bhliain 2021 agus úsáidfear iad chun bonn eolais a chur faoi na moltaí maidir le samhail chun faisnéis pearsanta na sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt.



*Ghlac sampla ionadaíoch de 1,200 duine na hÉireann páirt sa tsuirbhé idir mí Deireadh Fómhair agus mí Nollaig na bliana 2020.*

**Athbhreithniú ar chomhlíonadh na caighdeán um bhainistíocht na faisnéise**

Leanaimid orainn ag tabhairt faoi chlár athbhreithnithe struchtúrtha chun comhlíontacht na g*Caighdeán um bhainistíocht na faisnéise maidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn* a mheas. Tá sé mar aidhm ag an gclár ná cleachtais bainistíocht na faisnéise a fheabhsú trí mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcaighdeán sna bailiúcháin náisiúnta ar leith na sonraí.

Bhain Céim 1 den chlár le bailiúcháin náisiúnta na sonraí laistigh den FSS amháin agus críochnaíodh í sa bhliain 2019. Sa bhliain 2020, cuireadh tús le Céim 2 a dhéanann athbhreithniú ar na heagraíochtaí a bhfuil samhail chomhrialtais i bhfeidhm acu idir an FSS agus gníomhaireacht sheachtrach. Rinne an Córas Náisiúnta um Bhainistíocht na dTeagmhas (CNBT) an chéad athbhreithniú ar Chéim 2 laistigh de FSS. Siad an FSS agus an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit comh-eagraíochtaí rialaithe an chórais, a chuireann ardán bainistíocht na dteagmhas ar fáil don FSS agus a bhaineann úsáid as na sonraí a bhailítear chun a chuid fheidhmeanna maidir le héilimh agus le bainistíocht an riosca atá sainordaithe go dlíthiúil a chomhlíonadh.

Chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an CNBT, rinneadh athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta agus tionóladh teileachomhdhálacha le saineolaithe lena bhain chun samhlacha an dea-chleachtais maidir le bainistíocht na n-eachtraí laistigh de chórais na sláinte i ndlínsí eile a aithint agus a thuiscint. Tionóladh cruinnithe an rialachais le stiúrthóirí agus le baill foirne na hardbhainistíochta san FSS agus sa Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Ina theannta sin, tugadh cuairteanna ar ionaid na seirbhísí, tionóladh grúpaí fócais le pearsanra i láthair ag seirbhísí roghnaithe an FSS agus arna maoiniú ag an bhFSS. I measc na bpearsanra a cuireadh faoi agallamh bhí bainisteoirí riosca, stiúrthóirí altranais, ceannaire cáilíochta agus sábháilteachta na n-othar, comhordaitheoir cliniciúil, bainisteoir altra cliniciúil, riarthóir ceantair agus ionadaithe ó dhisciplíní éagsúla laistigh de sheirbhísí an phríomh-chúraim. Críochnaíodh an dréacht-athbhreithniú ag deireadh na bliana 2020 agus seoladh chuig na comh-eagraíochtaí rialaithe é chun cruinneas fíorasach a fháil. Foilseofar an tuarascáil féin sa bhliain 2021.

Tarraingíodh aird ar leith ar thábhacht an chláir athbhreithnithe do bhailiúcháin náisiúnta na sonraí sa bhliain 2020 i bhfianaise paindéim an COVID-19. D'ardaigh go leor de na moltaí a tháinig as athbhreithniú ar an gCóras Ríomhairithe um Ghalair Thógálacha (CRGT), a fhoilsíodh i mí Samhain na bliana 2019, ceisteanna maidir le faireachas agus le tuairisciú na sonraí agus na faisnéise a tarraingíodh aird ar leith orthu níos déanaí maidir leis an bhfaireachas agus leis an tuairisciú ar an gCOVID-19 agus úsáid á baint as an gcóras CRGT.

### 4.4.3 An Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim

Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim ná cáilíocht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn a fheabhsú trí cheist a chur ar dhaoine faoina dtaithí ar chúram agus ar gníomhú ar a gcuid aiseolais. Is comhthionscnamh é an Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim de chuid an ÚFSC, an FSS agus an Roinn Sláinte. Féach ar www.yourexperience.ie chun tuilleadh a fháil amach ina leith.

**An Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí an Mháithreachais**

National Maternity Experience Survey

Thug an Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí an Mháithreachais an deis do mhná a gcuid taithí ar sheirbhísí máithreachais na hÉireann a roinnt. Bhí sé mar aidhm ag an suirbhé ná foghlaim ó thaithí na mban chun sábháilteacht agus cáilíocht an chúraim a fhaigheann siad féin agus a gcuid leanaí a fheabhsú.


Críochnaíodh an Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí an Máithreachais sa bhliain 2020, agus 3,204 bhean a raibh leanaí acu i mí Dheireadh Fómhair agus mí Samhain na bliana 2019 ag roinnt a gcuid taithí ar chúram an mháithreachais. B'ionann é seo agus ráta freagartha 50% díobh siúd a ghlac páirt. Bhain formhór na mban a d'fhreagair an suirbhé taithí dhearfach as an máithreachas san iomlán, agus dúirt 85% acu go raibh taithí maith nó an-mhaith san iomlán acu.

D'fhreastail 269 duine ar sheimineár gréasáin chun torthaí an tsuirbhé a fhoilsiú. D'eagraíomar seisiúin ar líne de chineál halla an bhaile le gach ceann de na 19 ospidéal agus aonad máithreachais a ghlac páirt sa tsuirbhé agus seirbhísí áitiúla an phobail a bhain leo chomh maith le Seirbhís Náisiúnta na mBreitheanna Baile. D'fhreastail 250 duine san iomlán ar na 20 seisiún.

**3,204**
Líon na ndaoine a d'fhreagair



**50%**
Ráta freagartha



## Taithí san iomlán - 2020



National Maternity Bereavement Experience Survey

**An Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí Méala an Mháithreachais**

Le linn fhorbairt an tSuirbhé Náisiúnta ar Thaithí an Mháithreachais, aithníodh go raibh gá le suirbhé dírithe ar thaithí na dtuismitheoirí méala a iniúchadh, chun faisnéis dáiríre a fháil ar a gcuid taithí ar an gcúram ar bhealach íogair agus iomchuí.

Sa bhliain 2020, chuireamar tús leis an Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí Méala an Mháithreachais a fhorbairt d'fhonn foghlaim ó na tuismitheoirí agus ó na teaghlaigh faoina gcuid taithí cúraim agus faoina gcuid tuiscintí ar an gcúram tar éis an toirchis nó an chaillteanais imbhreithe. Tá sé mar aidhm ag an suirbhé ná bainistíocht cúram na sláinte a chur ar an eolas faoi cháilíocht agus faoi shábháilteacht an chúraim a chuirtear ar fáil, cuntasacht a chur chun cinn ar fud córas cúram na sláinte agus sonraí ar leith a chur ar fáil chun treoir a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an bheartais. Cuideoidh an suirbhé le dearbhú cáilíocht an chúraim atá á chur ar fáil agus leis na réimsí le feabhsú a aithint i ngach ospidéal agus i ngach aonad máithreachais in Éirinn. Cuideoidh na torthaí freisin leis na caighdeáin náisiúnta atá ann cheana maidir le cúram an mhéala a chur ar an eolas chomh maith leis na cláir rialála i leith sheirbhísí cúram an mháithreachais a threorú.

Go dtí seo, rinneamar athbhreithniú ar an gcomhthéacs náisiúnta maidir le seirbhísí cúram an mhéala a chur ar fáil i suíomhanna an mháithreachais agus athbhreithniú idirnáisiúnta ar shuirbhéanna ar mhná agus ar thuismitheoirí méala; agus chuamar i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chun forbairt an tsuirbhé a threorú. Tá plean fairsing maidir le cumarsáid agus teagmháil leis na geallsealbhóirí á fhorbairt faoi láthair chun tacú le seachadadh an tsuirbhé. Tionólfar Bord Cláir an tsuirbhé i mí Feabhra na bliana 2021 agus déanfaidh sé maoirseacht ar mhodheolaíocht, ar sheachadadh agus ar chur i bhfeidhm an tsuirbhé.

### Suirbhéanna eile

Cé nach bhfuil aon mhúnla caighdeánaithe ann faoi láthair chun aiseolas a fháil ar thaithí na ndaoine aosta atá cónaí orthu i dtithe altranais in Éirinn, is réimse na tosaíochta é seo i *Straitéis an Chláir Náisiúnta um Thaithí an Chúraim 2019-2021. Mhol an Tuarascáil Deiridh de chuid Painéal Saineolaithe na dTithe Altranais maidir leis an gCOVID-19* i mí Iúil na bliana 2020 ná go mbrostófar leathnú an chláir go dtí cónaitheoirí na dtithe altranais. Tabharfaidh suirbhé ar an taithí san tithe altranais deis do dhaoine aosta a gcuid taithí ar an gcúram a roinnt, agus cuideoidh sé le réimsí an dea-chleachtais agus na réimsí siúd ar gá feabhas a chur orthu maidir le soláthar an chúraim a aithint. Tá sé mar aidhm ag an suirbhé bonn eolais a chur faoi fheabhsú na cáilíochta laistigh de na seirbhísí, tacú leis na beartais agus leis na caighdeáin ata le teacht a fhorbairt agus cláir monatóireachta a threorú faoi sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta do dhaoine aosta.

Go dtí seo, rinneamar athbhreithniú ar an gcomhthéacs náisiúnta maidir le cúram na ndaoine aosta in Éirinn, go háirithe i leith na dtithe altranais, agus chuamar i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chun forbairt an tsuirbhé a threorú. Tá athbhreithniú idirnáisiúnta ar siúl faoi láthair agus tá plean fairsing maidir le cumarsáid agus teagmháil leis na geallsealbhóirí á fhorbairt faoi láthair chun tacú le seachadadh an tsuirbhé. Tionólfar Bord Cláir tiomnaithe sa bhliain 2021 agus déanfaidh sé maoirseacht ar mhodheolaíocht, ar sheachadadh agus ar chur i bhfeidhm an tsuirbhé.

Táimid ag dul ar aghaidh freisin leis an obair ar shuirbhé náisiúnta a fhorbairt ar thaithí an chúraim deireadh saoil, lena n-áirítear na daoine a raibh cúram orthu agus a fuair bás in ospíseanna, ospidéil, tithe altranais agus ina dteach féin. Moltar suirbhé a dhéanamh ar ghaolta an mhéala mar bhealach chun taithí an chúraim a chuirtear ar fáil a mheas mar atá mínithe i g*Clár Náisiúnta an Chúraim Chliniciúil de chuid an FSS um an gCúram Maolaitheach, Múnla an Chúraim (2019)*. Tá sé mar aidhm ag an suirbhé seo ná taithí cúraim na ndaoine fásta ag deireadh saoil a ghabháil ó dhearcadh gaolta an mhéala. 'Sé mar chuspóir aige freisin ná cáilíocht an chúraim shláinte a chuireann seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta ar fáil a bhunú. Tógfaidh na torthaí ar an dea-chleachtas atá ann faoi láthair agus cuirfidh siad bonn eolais faoi fheabhsú na cáilíochta laistigh de na seirbhísí, sna caighdeáin náisiúnta, sna cláir monatóireachta laistigh den ÚFCS agus i mbeartas náisiúnta agus reachtaíocht na Ranna Sláinte.

I measc an hoibre a cuireadh i gcrích go dtí seo, tá athbhreithniú idirnáisiúnta ar shuirbhéanna náisiúnta ar ghaolta méala, teagmháil lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta a rinne a leithéid oibre cheana féin, plean cumarsáide agus teagmháil leis na geallsealbhóirí a fhorbairt, agus athbhreithniú taiscéalaíoch ar fhoinsí na sonraí atá ar fáil agus ar an gcumas rochtain a fháil ar shonraí ar bhonn daonrachta in Éirinn. Tiocfaidh Bord an Chláir um an tsuirbhé seo le chéile i mí Eanáir na bliana 2021 chun raon na feidhme, an daonra samplach, an múnla agus an mhodheolaíocht a chinneadh.

**Anailís Dhomhain ar na Suirbhéanna Náisiúnta ar Thaithí na n-Othar Cónaithe**

D'oibrigh an Clár Náisiúnta um Thaithi an Chúraim le foireann ón Ionad Léargas um Anailísíocht Sonraí, Institiúid Eolaíochta na Sonraí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh (OÉG) chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na tráchtanna cáilíochtúla a fuarthas mar fhreagairt ar na Suirbhéanna Náisiúnta ar Thaithí na n-Othar Cónaithe 2017 agus 2018. Bhain OÉG úsáid as meascán de mhodhanna anailíse cáilíochtúla traidisiúnta, chomh maith le teicnící mianadóireacht na sonraí agus na foghlama meaisíneacha chun na príomhghníomhaíochtaí, na hacmhainní agus na gcomhthéacsanna a aithint sna tráchtanna. Ansin bhain an fhoireann úsáid as múnlaí casta staitistiúla chun cainníochtú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh baint ag gach ceann de na fachtóirí seo le taithí dearfach nó diúltach an othair. Foilseofar torthaí na hanailíse seo sa bhliain 2021. Tá deais idirghníomhach forbartha ag OÉG freisin, a ligeann d'úsáideoirí anailís ar mhionsonrú agus léirshamhlú ar na tráchtanna a iniúchadh. Cuirfidh an Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim rochtain ar an deais idirghníomhach seo ar fáil chun ligean d'fhoireann an ospidéil oibriú leis na sonraí a bhaineann lena n-ospidéal ar leith.

**Mol na Suirbhéireachta**

Sa bhliain 2020, chuir an Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim tús le Mol Suirbhéireachta chun saineolas agus scileanna a chur ar fáil agus chun tacú le rannpháirtíocht níos fairsinge le geallshealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann Mol na Suirbhéireachta sraith modúl r-fhoghlama agus acmhainní eile ar fáil d'éinne a bhfuil sé mar aidhm aige taithí na ndaoine a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a ghabháil, agus tugann sé comhairle maidir le conas suirbhé a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, leis na torthaí a mhíniú, agus le feabhsúcháin atá bunaithe ar na torthaí a dhéanamh.

Trí chúig mhodúl r-fhoghlama, gearrthóga físe, ranganna teagaisc, comhaid fuaime agus tionscadail taighde, is acmhainn é Mol na Suirbhéireachta dóibh siúd atá ag iarraidh a gcuid suirbhéanna féin a fhorbairt.



## 4.5 An Rannán Oibríochtaí, Cumarsáide agus Teagmháil agus Faisnéis na nGeallsealbhóirí

### 4.5.1 Freagairt ar an gCOVID-19

I mí Feabhra na bliana 2020, bhunaíomar an Coiste um Fhreagairt ar an gCOVID-19 chun a ullmhú do tionchar an COVID-19 agus chun pleanáil a dhéanamh ina leith. Dearadh agus cuireadh plean láidir maidir le leanúnachas an ghnó i bhfeidhm chun tacú le foireann an ÚFCS a gcuid dualgas a chomhlíonadh go cianda. Dá bharr sin, tá formhór mór foireann an ÚFCS ag obair go cianda ón 13 Márta 2020. Rinneadh suirbhé ar na fostaithe lena chinntiú go raibh an spás oibre sealadach sa bhaile acu oiriúnach dá gcuid oibre. Eisíodh comhairle, treoir, trealamh agus troscán don fhoireann. Go dtí seo tá ag éirí go han-éifeachtach le múnla cianoibre an ÚFCS.

Cuireadh teicneolaíocht na cianoibre, lena n-áirítear acmhainn chórais an VPN (líonra príobháideach fíorúil) agus an fón bog (glaonna a dhéanamh ar an Idirlíon), i bhfeidhm ar ghearrfhógra chun ligean dár ngnáthobair leanúint ar aghaidh go cianda.

Ina theannta sin, bhunaigh ár Rannán Faisnéise deais Faisnéis Gnó an COVID-19 chun a chur ar chumas an UFCS monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar fhorbairtí an COVID-19 in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta. Chuir sé uasdátú i bhfeidhm freisin ar Thairseach na Soláthraithe ar líne chun tacú le tuairisciú breise ó sholáthraithe na n-ionad ainmnithe.

Bhí solúbthacht agus aclaíocht eagraíochtúil agus ar leith ag teastáil ó na dúshláin gan fasach a bhí roimh an eagraíocht in 2020. Mar thoradh ar na dúshláin a bhí ag teacht chun cinn, agus ar na riachtanais chun tacú leis na hiarrachtaí náisiúnta maidir leis an bpaindéim, rinneadh athruithe ar an bhfoireann oibre chun tacú leis na riachtanais seo. Rinneadh baill foirne a ath-imlonnú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht. Bhí na scileanna agus an saineolas de chuid fhoireann an ÚFCS ag teastáil ar fud na hearnála poiblí, agus rinneadh roinnt fostaithe a ath-imlonnú.

Ó mhí Aibreán go dtí mí Iúil na blian2020, rinneadh beirt bhall den ÚFCS a ath-imlonnú go réigiún LFCS theas an FSS chun cabhrú le heipidéimeolaíocht agus faireachas an COVID-19. Rinneadh ball amháin den Fhoireann Caighdeán a ath-imlonnú go dtí tionscadail maidir leis an gCOVID-19 ó mhí Mhárta go dtí mí Lúnasa na bliana 2020 agus d'oibrigh sé le foghrúpa NPHET ar ghrúpaí ar lagchuidiú chun sintéis na fianaise a chur ar fáil agus chun treoir suas chun dáta, fianaise-bhunaithe agus inrochtana a fhorbairt ar an gCOVID-19. Ina dhiaidh sin, rinneadh iad a ath-imlonnú go dtí an LFCS chun treoir na sláinte poiblí a fhorbairt.

**Rianú teagmhála**

I mí an Mhárta, mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar an gCOVID-19, chuidigh an tUFCS leis an bhFSS le rianú na teagmhála. Chuimsigh sé seo oiliúint ar thart ar 80 ball foirne chun glaonna a ghlacadh, m.sh. teagmháil a dhéanamh le cásanna dearfacha agus comhairle a thabhairt dóibh, sonraí faoi dhlúth-theagmhálacha a chomhordú agus glaoch ar na dlúth-theagmhálacha chun comhairle a thabhairt dóibh. Cuireadh meitheal oibre ar bun laistigh de Stiúrthóireacht na Rialála chun a chinntiú go ndearnadh an tseirbhís a oiliúint, a uasdátú, a bhainistiú agus a chomhordú mar chuid den acmhainn náisiúnta níos fairsinge um rianú na teagmhála.

Ag tús mí Mheithimh, rinne an FSS meastóireacht ar na hacmhainní a theastaíonn chun tacú le rianú náisiúnta na teagmhála agus cuireadh deireadh le tacaíocht an ÚFCS.




*Ár bhfoireann ag déanamh oiliúna ar rianú na teagmhála i mí Márta na bliana 2020.*

## 4.5.2 Rannán na Faisnéise

Thacaigh ár Rannán an Faisnéise le gnó an údaráis sa bhliain 2020, lena n-áirítear tacaíocht leanúnach theicniúil agus TFC a chur ar fáil don fhoireann, an chianobair a cumasú agus a cothabháil, agus ullmhú do shraith nua teicneolaíochtaí (mar chóras Bainistíochta Próisis an Ghnó, córas um bhainistíocht an chaidrimh le custaiméirí [BCC] ar mhodh nua-aimseartha).

Chun cabhrú lenár mbaill foirne agus iad ag obair go cianda, chuireamar réiteach sínithe leictreonach i bhfeidhm chomh maith chun fógraí faoi chinneadh beartaithe agus fógraí na gcinnidh do na hionaid ainmnithe a shíniú.

Chuireamar Straitéis ilbhliantúil maidir leis an gClaochlú Digiteach agus Sonraí agus le treochlár na teicneolaíochta le chéile freisin chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an eagraíocht sa todhchaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis tacú le obair an ÚFCS sa todhchaí agus á cumasú tríd an dul chun cinn sa theicneolaíocht dhigiteach a chur i bhfeidhm, agus trí uirlisí níos fearr na anailíse agus tuairisc na sonraí a fhorbairt.

### 4.5.3 Cumarsáid agus teagmháil le geallsealbhóirí

Thacaigh ár bhFoireann um Chumarsáid agus Teagmháil le Geallsealbhóirí le hobair an ÚFCS i rith na bliana. Tá an fhoireann freagrach as cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le raon leathan geallsealbhóirí lena n-áirítear an Rialtas agus an Freasúra; na meáin cumarsáide; seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta; agus úsáideoirí agus fostaithe na seirbhísí. Déanann an fhoireann bainistíocht ar fhoilseacháin na heagraíochta, ar a cuid caidrimh leis na meáin, ar an suíomh Gréasáin, ar chuntais na meán sóisialta, ar an dearadh grafach, ar an gcumarsáid inmheánach agus ar na gearáin.

I measc na hoibre seo sa bhliain 2020, foilsíodh:

- 6 dhoiciméad ar ár gcuid oibre i sintéis na fianaise, faisnéis na sláinte, rialáil, agus forbairt na gcaighdeán agus an treoraigh
- 1,132 thuarascáil iniúchta
- 45 phreasráiteas
- 67 ráiteas foilseacháin
- 6 heagrán den nuachtlitir sheachtrach, *HIQA News*
- 12 heagrán de ríomh-iris na foirne.

Mhéadaigh líon na gcuairteoirí ar leathanach baile ár suíomh Gréasáin, www.hiqa.ie, ó níos mó ná 133,000 sa bhliain 2019 go dtí os cionn 152,000 sa bhliain 2020. D'fhás líon cuntas na meán sóisialta de chuid an ÚFCS i rith na bliana freisin le bunú cuntas Instagram, agus tháinig méadú seasta ar ár lucht leanúna ar fud ár gcuid árdán eile.

Fuaireamar agus thugamar freagra ar 24 cheist pharlaiminte i rith na bliana. Chuireamar cúig thuarascáil ar ár gcuid oibre faoi bhráid coistí éagsúla an Oireachtais freisin.

Rinne an tÚFCS sé haighneacht I rith na bliana chuig comhairliúcháin phoiblí maidir le:

- an tAcht um Chúram Leanaí 1991 arna reáchtáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus na hÓige
- an Dréachtchreat Forfheidhmithe do Rannpháirtíocht na Leanaí agusna Daoine Óga i gCinnteoireacht arna reáchtáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Comhtháthú agus an Óige
- Dréacht-Riachtanais Comhairle na Fiaclóireachta maidir le hOideachas Fochéime na Fiaclóireachta
- Plean Corparáideach nua an FSS
- Creat Rialála an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí um Choimirce na n-Aosach
- agus na Deiseanna Mapála le haghaidh Rannpháirtíocht na n-Othar agus an Phobail arna reáchtáil ag Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí na n-Othar, na hEolaíochta agus an Tionscail (AÉEOET/IPPOSI).

### 4.5.4 Oibríochtaí

**Bainistíocht an airgeadais**

Le linn 2020, lean an tÚFCS ag bainistiú an airgeadais de réir an dea-chleachtais agus riachtanais uile an rialachais lena bhain. Chuir an úsáid a baineadh as pleanáil agus bainistíocht leanúnach an airgeadais ar chumas an ÚFCS úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as a chuid acmhainní.

Rinne soláthraí ár iniúchta inmheánaigh rialuithe inmheánacha an airgeadais de chuid an ÚFCS a iniúchadh i rith na bliana. Níor aithníodh aon imní ábhartha. Rinneadh feabhsúcháin ar chóras bainistíocht an airgeadais a phróiseálann idirbhearta an airgeadais agus a chuireann faisnéis bhainistíochta ar fáil chun tacú le cinnteoireacht an Údaráis.

Cuireadh cuntais bhliantúla 2020 an ÚFCS faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na n-amscálaí atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007.

**Sláinte agus sábháilteacht**

Tá an ÚFCS dírithe ar shábháilteacht, shláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir ina oifigí a chosaint. Is mír bhuan í an tsláinte agus an tsábháilteacht ar chlár oibre gach cruinniú an Bhoird. Leanaimid orainn ag infheistiú i gclár sláinte agus sábháilteachta a chuireann ar chumas comhghleacaithe páirt ghníomhach a ghlacadh i mbainistíocht a gcuid sláinte agus sábháilteachta féin. Suíonn ionadaithe sábháilteachta an foirne ar Choiste na Sláinte agus na Sábháilteachta a thagann le chéile gach ráithe. Cuirtear oiliúint na sláinte agus na sábháilteachta ar fáil chun cabhrú le baill foirne na scileanna, an t-eolas agus an dearcadh a fháil chun á ndéanamh inniúil i ngnéithe na sábháilteachta agus na sláinte a gcuid oibre agus chun cultúr dearfach na sláinte agus na sábháilteachta a chur ar bun.

Ghlac an tÚFCS gach réamhchúram riachtanach chun an líon beag foirne a bhí orthu freastal ar a gcuid oifigí le linn na bliana 2020 a chosaint tríd an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm go hiomlán. Cuireadh oiliúint, treoir agus trealamh cosanta pearsanta ar fáil do bhaill foirne a raibh orthu gníomhaíochtaí cigireachta a dhéanamh de réir treoirlínte na sláinte poiblí.

Tharla eachtra intuairiscithe amháin a chuireadh in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) i rith na bliana.

## Acmhainní daona

Leanann ár bhFoireann Acmhainní Daonna ag tacú leis an eagraíocht maidir le forbairt a cuid chumais inmheánaigh.

Chuir an fhoireann Straitéis Foghlama agus Forbartha agus creat na hinniúlachta i bhfeidhm sa bhliain 2020. Rinneadh an creat a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí maidir leis an earcaíocht agus an roghnúchán agus leis an bhfoghlaim agus an bhforbairt. Tugadh tacaíocht do bhainisteoirí chun mapáil inniúlachta a dhéanamh ar gach ról.

Fuair bainisteoirí na hearcaíochta clár oiliúna ar agallaimh bunaithe ar an inniúlacht. Cruthaíodh clár maidir le chomhráite forbartha éifeachtacha a spreagadh do bhainisteoirí agus don fhoireann araon.

Sa bhliain 2020, d'éirigh leis an ÚFCS measúnú de chuid Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann maidir le creidiúnú Feabhais Trí Dhaoine (FTD) a bhaint amach agus bronnadh deimhniú an Caighdeáin Óir air.

Athchóiríodh cleachtais na hearcaíochta agus an roghnúcháin chun iad a bheith in ann oibriú sa timpeallacht athraithe. Ghluais gníomhaíochtaí a bhí ar bhonn aghaidh-ar-aghaidh go dtí seo ar líne. Baineadh úsáid as ardáin nua agus nuálaí le haghaidh fógraíochta. Athraíodh na cláir ionduchtaithe freisin chun tacú le fostaithe nua.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

I rith na bliana, bhí folláine na bhfostaithe mar phríomhfhócas againn agus sinne ag iarraidh tacú lenár mbaill foirne trí na dúshláin a bhí rompu ag an obair agus sa bhaile. Cuireadh clár cuimsitheach folláine i bhfeidhm a dhírigh ar thacaíocht a thabhairt dá gcuid riachtanas na sláinte agus na folláine le linn na paindéime. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann, bhí bealaigh chun aghaidh a thabhairt ar fholláine choirpeach, mhothúchánach agus mheabhrach na bhfostaithe. Spreagadh baill foirne freisin chun leas a bhaint as an gclár cúnaimh d'fhostaithe le haghaidh tuilleadh tacaíochta a fháil.

Sa bhliain 2020, bhunaigh foireann an ÚFCS Meitheal Oibre um Éagsúlacht agus Cuimsiú chun an éagsúlacht agus an cuimsiú a spreagadh agus a thacú san eagraíocht. Le linn na bliana, reáchtáil an tionscnamh seo faoi stiúir na foirne roinnt seisiún idirghníomhach ar líne don fhoireann ar chearta daonna, ar phobal an LADTA+ in Éirinn agus ar an ngalar Alzheimer. Thosaigh an grúpa freisin ag cur moltaí le chéile maidir leis an éagsúlacht agus an gcuimsiú a fheabhsú agus leanfaidh siad leis an obair seo sa bhliain 2021.

Leanadh le laghdú tionchar na heagraíochta ar an gcomhshaol, agus sháraigh sí na spriocanna a leag an Rialtas síos chun laghdú 33% ar ídiú an fhuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020. Tá tuilleadh faisnéise i leith ídiú an fhuinnimh le fáil in Aguisín 4.

# 5 Ráitis Bliantúla an Airgeadais

## An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020

**Clár**


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Bord an ÚFCS | 106 |
| Faisnéis ghinearálta | 106 |
| Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach | 107 |
| Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird | 110 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 118 |
| Ráitis an airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 | 123 |

## Comhaltaí Bord an ÚFCS

| Ainm | Ról |
|---|---|
| Pat O Mahony | Cathaoirleach |
| James Kiely | Comhalta an Bhoird |
| Caroline Spillane | Comhalta an Bhoird |
| Paula Kilbane | Comhalta an Bhoird |
| Michael Rigby | Comhalta an Bhoird |
| Tony McNamara | Comhalta an Bhoird |
| Lynsey Perdisatt | Comhalta an Bhoird |
| Bernadette Costello | Comhalta an Bhoird |

## Faisnéis ghinearálta

**Seoladh**

Aonad 1301,
Geata na Cathrach,
Machain,
Corcaigh
T12 Y2XT

**Baincéirí**

Banc Uladh
95 An Phríomhshráid
Mainistir na Corann
Co Chorcaí
P25 RW67

**Iniúchóir**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtar
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

**Aturnae**

Beauchamps
Cois Abhann a Dó
Cé John Rogerson's Quay
Baile Átha Cliath 2
D02 KV6

# Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach

## 1. Raon feidhm na freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, agus an cloí le Cód Rialachais an ÚFCS féin.

## 2. Cuspóir córas an rialaithe inmheánaigh

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun an riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas á dhíchur. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndearnadh earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san ÚFCS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa ráitis an airgeadais.

## 3. Cumas an Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste an Iniúchta, an Riosca agus an Rialachais ag an ÚFCS ina bhfuil triúr comhalta an Bhorid agus ball seachtrach amháin a bhfuil saineolas an airgeadais aige. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire i rith na bliana 2020.

Rinne an tÚFCS a fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú chuig gnólacht gairmiúil neamhspleách a chuireann faoi chlár oibre arna chomhaontú le Coiste an Iniúchta, an Riosca agus an Rialachais agus leis an mBord.

Cheadaigh an Bord beartas agus gnás bainistíocht an riosca, a leagann amach dúil riosca an ÚFCS, próisis bhainistíocht an riosca atá i bhfeidhm, agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Eisíodh an beartas seo do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta an riosca de chuid an ÚFCS, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoin rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí an rialaithe, agus chun freagracht a ghlacadh as na rioscaí agus na rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## 4. Creat an riosca agus an rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an ÚFCS a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

## Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach *(ar lean)*

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an ÚFCS. Aithnítear, measúnaítear agus grádaítear na rioscaí de réir a dtábhacht, agus déanann na leibhéil éagsúla laistigh den eagraíocht athbhreithniú rialta orthu mar is cuí, lena n-áirítear an bhainistíocht; Coiste an Iniúchta, an Riosca agus an Rialachais; coistí eile de chuid an Bhoird; agus an Bord féin. Baintear úsáid as na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar na rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí agus an fhreagracht as oibriú an rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht an rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh doiciméadú ar na gnáis i leith gach príomhphróiseas an ghnó,
- Sannadh freagrachtaí an airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- Tá córais ar leith i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil córas teicneolaíochta na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú,
- Tá na córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

I mí Mhárta na bliana 2020, de réir chomhairle na sláinte poiblí agus beartas an Rialtais, thosaigh an chuid is mó d'fhoireann an ÚFCS ag obair ón mbaile agus lean siad ar aghaidh leis ar feadh chuid eile na bhliain. Bhí na córais agus na rialuithe i bhfeidhm cheana féin ag an ÚFCS a d'éascaigh obair scaipthe agus cianda. Rinneadh slándáil inniúlacht na cianoibre a mheas go neamhspleách agus cuireadh na feabhsuithe a tháinig as i bhfeidhm. Déantar monatóireacht agus aghaidh ar bhagairtí féideartha na slándála agus na rialaithe ar bhonn leanúnach. D'éirigh leis an ÚFCS leanúint lena gcuid oibríochtaí gan cur isteach agus gan mórán athruithe a dhéanamh ar a chuid phróisis na riosca agus na rialaithe.

### 5. Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá gnáis foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis an rialaithe agus cuirtear easnaimh an rialaithe in iúl, nuair is cuí, go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht agus don Bhord. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe a bhain leo agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithníodh,

## Ráiteas maidir leis an Rialú Inmheánach *(ar lean)*

- Bunaíodh socruithe na dtuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh an fhreagracht as bainistíocht an airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla na feidhmíochta agus an airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid agus na réamhaisnéisí.

**6. Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil gnáis i bhfeidhm ag an ÚFCS chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha an tsoláthair agus gur chomhlíon an tÚFCS na gnáis sin le linn na bliana 2020.

**7. Athbhreithniú ar an éifeachtúlacht**

Dearbhaím go bhfuil gnáis i bhfeidhm ag an ÚFCS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid gnás maidir le bainistíochta an riosca agus na rialaithe. Déanann an ÚFCS monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, Coiste an hIniúchtha, an Riosca agus an Rialachais agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den ÚFCS atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020.

**8. Ceisteanna an rialaithe inmheánaigh**

Níor aithníodh aon laige san rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 ar chóir á nochtadh i ráitis an airgeadais.

Thar ceann an Bhoird,



**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

# Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird

## 1. Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) faoin Acht Sláinte 2007. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an dualgas seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach agus foireann na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil an ÚFCS ó lá go lá.

Leanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta treo fairsing na straitéise atá leagtha síos ag an mBord, agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a mbaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Sé an Príomhfheidhmeannach an teagmháil díreach idir an Bord agus bainistíocht an ÚFCS.

## 2. Dualgais an Bhoird

Tá obair agus dualgais an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais an ÚFCS ina bhfuil na hábhair ar leith atá curtha in áirithe le haghaidh cinneadh an Bhoird. I measc na buan-ábhair a mheasann an Bord tá:

- dearbhú na leasanna,
- tuaraiscí na gcoistí,
- tuarascálacha an airgeadais agus cuntais na bainistíochta,
- tuaraiscí na feidhmíochta, agus
- ábhair srianta de réir mar a thagann siad chun cinn.

De réir alta 35 den Acht Sláinte, caithfidh Bord an ÚFCS gach cuntas ceart agus is gnách a choinneáil ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Sláinte ar thoiliú an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí.

Agus ráitis seo an airgeadais á n-ullmhú acu, éilítear ar Bhord an ÚFCS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- ráitis an airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin muna bhfuil sé míchuí a ghlacadh go leanfaidh an comhlacht ag feidhmiú, agus
- a lua cibé ar cloíodh leis na caighdeáin a mbaineann, faoi réir aon imeachta ar leith a nochtar agus a míníodh i ráitis an airgeadais.

## Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

Tá an Bord freagrach as an dóthain taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, staid an airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh ráitis an airgeadais Alt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht an ÚFCS i gcoinne an phlean agus an bhuiséid bhliantúil gach bliain agus ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon neamhrialtacht eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an ÚFCS léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an ÚFCSar an 31 Nollaig 2020.

### 3. Comhdhéanamh an Bhoird

Freastalaíonn Cathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta déag, iad go léir ceaptha ag an Aire Sláinte, ar Bhord an ÚFCS. Faoi láthair, tá ceithre fholúntas ar an mBord.

| Ainm | Ról | Ag tosú | Ag críochnú |
|---|---|---|---|
| **Pat O'Mahony** | Cathaoirleach | 03/10/2018 | 02/10/2023 |
| **Paula Kilbane** | Gnáthchomhalta | 29/07/2015<br>30/09/2020 | 28/07/2020<br>29/09/2025 |
| **James Kiely** | Gnáthchomhalta | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| **Caroline Spillane** | Gnáthchomhalta | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| **Lynsey Perdisatt** | Gnáthchomhalta | 02/09/2019 | 01/09/2024 |
| **Tony McNamara** | Gnáthchomhalta | 02/09/2019 | 01/09/2024 |
| **Michael Rigby** | Gnáthchomhalta | 02/09/2019 | 01/09/2024 |
| **Bernadette Costello** | Gnáthchomhalta | 28/02/2020 | 27/02/2025 |

Iar-chomhailtí an Bhoird

| Ainm | Ról | Ag tosú | Ag críochnú |
|---|---|---|---|
| **Molly Buckley** | Gnáthchomhalta | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **Stephen O'Flaherty** | Gnáthchomhalta | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **Martin Sisk** | Gnáthchomhalta | 29/07/2015 | 28/07/2020 |

## Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

D'éirigh Enda Connolly, a ceapadh ar an 26 Feabhra 2018, as an mBord ar an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Le linn 2020, rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta Éireann (ÚCNÉ) an ÚFCS a mheas i gcoinne a chaighdeáin maidir leia an rialachas corparáideach. Ba é mar chuspóir ag an athbhreithnithe seo ná creataí an rialachais chorparáidigh de chuid eagraíochta a mheas agus, go háirithe, leibhéal na comhlíontachta i gcoinne na gcód cleachtais a mbaineann, lena n-áirítear Cód an Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016 agus cleachtais nua an dea-rialachais atá ag teacht chun cinn. Fuair an measúnú go raibh comhlíontacht na gcaighdeán dea-chleachtais maidir leis an rialachas chorparáideach atá i réim á léiriú ag an ÚFCS.

Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar fheidhmíocht an Bhoird i dtréimhse na mblianta 2019/2020.

### 4. Coistí an Bhoird

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord:

a) **An Coiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas:** Is é ról an Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas ná tacú leis an mBord maidir lena chuid fhreagrachtaí as ceisteanna an riosca, an rialaithe agus an rialachais agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais an rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí an iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus i scríbhinn go bliantúil gach bliain. Is ball den Choiste freisin é ionadaí seachtrach neamhspleách.

b) **An Coiste um Mhaoirseacht na n-Acmhainní:** Déanann an coiste seo monatóireacht ar riachtanais na n-acmhainní de chuid an ÚFCS lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe le straitéis chorparáideach an Údaráis lena n-áirítear maoirseacht ar na rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar fheidhmíocht na bainistíochta.

c) **An Coiste Rialála:** Déanann an coiste seo maoirseacht ar éifeachtacht, rialachas, comhlíontacht agus na rialuithe maidir le seachadadh feidhmeanna na rialála de chuid an UFCS.

d) **An Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíoch:** Déanann an coiste seo maoirseacht ar shocruithe an rialachais, lena n-áirítear an chomhlíontacht agus na rialuithe, maidir leis na feidhmeanna a mbaineann le forbairt na gcaighdeán, faisnéis na sláinte agus measúnú teicneolaíocht na sláinte.

# Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

**5. Sceideal tinrimh, táillí agus caiteachais de chuid chomhaltaí an Boird agus comhaltaí seachtracha na gcoistí**

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí sa bhliain 2020, lena n-áirítear na táillí agus na costais dhearbhaithe a íocadh le gach comhalta:

**(a) Comhaltaí Reatha an Bhoird**

| | Crinniú reachtúil an Bhoird | Crinniú ar leith an Bhoird | Coiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas | Coiste Rialála | Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht | Coiste Maoirseacht na n-Acmhainní | Taillí | Costais dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe | 6 | 5 | 6 | 4 | 3 | 5 | | - |
| Pat O'Mahony | 6 of 6 | 5 of 5 | N/A | N/A | N/A | 5 of 5 | €11,970 | - |
| James Kiely[1 2] | 6 of 6 | 4 of 5 | 5 of 5 | 2 of 2 | 3 of 3 | 4 of 5 | €7,695 | - |
| Caroline Spillane[3] | 5 of 6 | 4 of 5 | 5 of 6 | 1 of 2 | N/A | N/A | €7,695 | €50 |
| Paula Kilbane[4 5 6] | 4 of 4 | 5 of 5 | N/A | 2 of 2 | 1 of 1 | N/A | €6,358 | - |
| Michael Rigby | 5 of 6 | 5 of 5 | N/A | 4 of 4 | 3 of 3 | N/A | €7,695 | €42 |
| Tony McNamara | 6 of 6 | 5 of 5 | N/A | 4 of 4 | 3 of 3 | N/A | €7,695 | - |
| Lynsey Perdisatt[7] | 5 of 6 | 5 of 5 | 2 of 2 | N/A | N/A | 5 of 5 | - | - |
| Bernadette Costello[8 9 10] | 5 of 5 | 3 of 4 | 6 of 6 | N/A | N/A | 1 of 1 | €6,442 | €500 |
| **Iomlán** | | | | | | | **€55,550** | **€592** |

1 *D'éirigh as an CIRR, 20/09/2020*

2 *Ceapadh ar an gCoiste Rialála, 20/09/2020*

3 *D'éirigh as an gCoiste Rialála, 20/9/2020*

4 *D'éirigh as an mBord, 28/07/2020*

5 *Athcheapadh ar an mBord 30/09/2020*

6 *Ceapadh ar an CCFTT, 10/11/2020*

7 *Ceapadh ar an CIRR, 20/09/2020*

8 *Ceapadh ar an mBord, 29/02/2020*

9 *Ceapadh ar an ROC 20/09/2020*

10 *Ceapadh ar an CIRR, 29/02/2020*

# Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird

*(ar lean)*

## (b) Iar-comhaltaí an Bhoird

| | Crinniú reachtúil an Bhoird | Crinniú ar leith an Bhoird | Coiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas | Coiste Rialála | Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht | Coiste Maoirseacht na n-Acmhainní | Taillí | Costais dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithee | 6 | 5 | 6 | 4 | 3 | 5 | | |
| Martin Sisk* | 3 of 4 | 3 of 4 | N/A | N/A | 1 of 1 | 2 of 4 | €4,405 | - |
| Molly Buckley* | 4 of 4 | 4 of 4 | N/A | 2 of 2 | N/A | N/A | €4,405 | - |
| Stephen O'Flaherty* | 3 of 4 | 4 of 4 | 4 of 4 | N/A | N/A | 4 of 4 | €4,405 | - |
| Enda Connolly** | 0 | 0 | 0 | N/A | 0 | N/A | €6,413 | - |
| **Iomlán** | | | | | | | **€19,628** | **-** |

**Tréimhse críochnaithe, Iúil 2020*

***D'éirigh as, 23 Deireadh Fómhair 2020*

## (c) Comhaltaí seachtracha den Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas

Bhí Bernadette Costello ina comhalta seachtrach den Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas go dtí gur ceapadh í ar Bhord an ÚFCS ar an 29 Feabhra 2020. D'fhreastail sí ar dhá cheann as dhá chruinniú den Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas mar chomhalta seachtrach den choiste agus íocadh €570 léi le haghaidh táillí agus €318.18 le haghaidh costais sa cháil seo.

Ceapadh Donal Curtin mar chomhalta seachtrach den Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas de chuid an ÚFCS ar an 29 Feabhra 2020 agus d'fhreastail sé ar cheithre cinn as cúig chruinniú an Choiste um Iniúchadh, Riosca agus Rialachas le linn na bliana 2020. Níor íocadh aon táillí ná costais leis sa bhliain 2020.

Íocadh táillí le comhaltaí an Bhoird ag na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí a bhí i gceist.

Ní íoctar táillí le comhaltaí an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir 'Prionsabal an Tuarastail Amháin do Dhuine Amháin', arna eisiúint ag an Roinn Poiblí Caiteachas agus Athchóiriú. Mar thoradh air sin, níor íocadh táillí le comhaltaí amháin (Lynsey Perdisatt) de Bhord an ÚFCS i rith na bliana.

Chomh maith le costais dhearbhaithe a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird, d'íoc an tÚFCS €340 freisin as cóiríocht óstáin. Níor éiligh comhalta an Bhoird aon chothú sna cásanna seo.

# Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

## 6. Nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚFCS riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Éilíonn an cód na nochtuithe seo a leanas:

### 6.1 Sochair Gearrthéarmacha na bhFostaithe

Tá na sochair ghearrthéarmacha os cionn €60,000 a fuair fostaithe leagtha amach i nóta 6 de Ráitis Bliantúla an Airgeadais.

### 6.2 Costais Chomhairliúcháin

I measc na costais chomhairliúcháin tá costais seachtracha na hanailíse ó shaineolaithe agus costais an chomhairle don bhainistíocht a chuireann leis an gcinnteoireacht nó le treo an bheartais. Ní chuimsíonn siad na feidhmeanna a seachfhoinsítear ar bhonn 'gnó mar is gnách'.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Comhairliúchán** | | |
| Comhairle dlí | 73,265 | 49,977 |
| Acmhainní daonna | 3,354 | 33,302 |
| Rialachas agus straitéis | 54,029 | 44,814 |
| Digiteach agus claochlú na sonraí | 648,179 | 240,357 |
| **Comhairliúchán iomlán** | **778,827** | **368,450** |
| | | |
| Costais chomhairliúcháin a gearradh ar chuntas an chaipitil* | 587,954 | 79,750 |
| Costais chomhairliúcháin a gearradh ar Chuntas an Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchiste an Ioncaim Coinnithe ** | 190,873 | 288,700 |
| **Iomlán** | **778,827** | **368,450** |

*San áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas an Chaipitil

**San áireamh faoi Sheirbhísí Gairmiúla i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais

## Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

### 6.3 Costais agus Socruithe Dlíthiúla

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí - imeachtaí dlí (Nóta 1) | 174,160 | 114,491 |
| Socrú Dlí (Nóta 2) | (40,000) | - |
| **Iomlán** | **134,160** | **114,491** |

**Nóta 1** Cuireann an tábla na sonraí ar fáil faoin gcaiteachas le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le raon imeachtaí an dlí. Baineann sé le trí achrann le heagraíochtaí san earnáil phoiblí a éisteadh nó atá ar feitheamh éisteachta sa chúirt. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas i leith comhairle dlí ghinearálta a fhaigheann an tÚFCS atá luaite sna seirbhísí comhairliúcháin thuas.

**Nóta 2** San áireamh in imeachtaí dlí tá admháil €40,000 mar shocrú ar chostais dlí an ÚFCS a bhain le hAthbhreithniú Breithiúnach sa bhliain 2019, inar bhronnadh costais páirtí go páirtí ar an ÚFCS in aghaidh iarratasóir an cháis.

### 6.4 Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar an Caiteachas ar Taisteal agus ar Chothú a aicmiú de réir nóta 8 de Ráitis Bliantúla an Airgeadais.

### 6.5 Fáilteachas

Luaitear an caiteachas ar an bhfáilteachais seo a leanas i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas an Bhoird agus na Foirne | 1,231 | 1,144 |
| **Iomlán** | **1,231** | **1,144** |

# Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird

***(ar lean)***

**7. Ráiteas an chomhlíontachta**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus chuir sé gnáis i bhfeidhm chun comhlíontacht an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an ÚFCS go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain 2020.

Thar ceann an Bhoird,

Sínithe: 

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

Sínithe: 

**Caroline Spillane**
Comhalta an Bhoird

Dáta: 21 Aibreán 2021

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhraid Tithe an Oireachtais maidir leis an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

### Tuairim cháilithe ar ráitis an airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh ráitis an airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *Caighdeán Tuairiscithe an Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus a chuimsíonn*

- ráiteas an ioncaim agus an chaiteachais agus cúlchistí an ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas an chaipitil
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shruthú an airgid, agus
- na nótaí lena mbaineann, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Sé mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh na riachtanais an FRS 102 maidir le teidlíochtaí na sochar scoir mar a luaitear thíos, tugann ráitis an airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ar an 31 Nollaig 2020 agus a ioncam agus a chaiteachas sa bhliain 2020 de réir an FRS 102.

### Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis an airgeadais

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntas ar chostais teidlíochtaí na sochair scoir ach de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102 a éilíonn go n-aithníonn ráitis an airgeadais costas iomlán teidlíochtaí na sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ar an dáta tuairiscithe. Níor tomhaiseadh éifeacht na neamhchomhlíontachta ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2020.

Rinne mé m'iniúchadh ar ráitis an airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

*(ar lean)*

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas ráitis an airgeadais, agus ar ábhair eile**

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faisnéis áirithe eile ar fáil mar aon le ráitis an airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar an rialú inmheánach agus ráiteas an rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an bhoird. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo an fhreagracht atá orm tuairisciú i ndáil a leithéid faisnéise, agus ar ábhair áirithe eile a ndéanaim tuairisc orthu go heisceachtúil.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.



**John Crean**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**28 Aibreán 2021**

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
*(ar lean)*

**Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird**

Mar atá luaite i ráiteas an rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird tá comhaltaí an Bhoird freagrach as:

- ráitis an airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugann ráitis an airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas an bhfuil úsáid a bhaint as cuntasaíochta ar bhonn an gnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- a leithéid rialú inmheánach a chinnfidh siad riachtanach chun go bhféadfar ráitis an airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó botúin.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

De réir alta 35 den Acht Sláinte 2007, tá orm ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a iniúchadh agus tuairisc a dhéanamh ina leith do Thithe an Oireachtais.

Sé an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh ráitis an airgeadais ina n-iomláine an bhfuil saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotúin. Is leibhéal ard dearbhaithe é an dearbhú réasúnach, ach ní chinntíonn sé go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna i gcónaí gach míráiteas ábhartha atá ann. Is féidir le míráiteas a theacht as calaois nó as botún agus meastar gur ábhartha iad dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn ráiteas an airgeadais seo, ina n-aonair nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i ráitis an airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaois nó bhotúin; déanaim gnáis iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá fhreagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an dóthain fianaise iomchuí an iniúchta chun údar a thabhairt le mo thuairim. Tá an baol nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar an gcalaois níos airde ná mar thoradh ar bhotúin, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist i gcás na calaoise.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn gnáis a oireann tosca an iniúchta a dhearadh, ach ní chun barúil a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear a mheas chomh maith le réasúntacht meastachán na cuntasaíochta agus an nochtuithe lena mbaineann.
- Déanaim amach ar oiriúnach é úsáid a bhaint as cuntasaíocht ar bhunús an ghnóthais leanúnaigh agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis um Fhaisnéis Sláinte agus Cáilíochta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ar leith ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe lena mbaineann i ráitis an airgeadais nó, muna bhfuil an dóthain nochtuithe ann, chun mo thuairim a athrú. Tá mo thuairimí bunaithe ar fianaise an iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo tuarascáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí deireadh a chur le cumas an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlan ráiteas an airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn ráitis an airgeadais na bun-idirbhearta agus na n-imeachtaí ar bhealach a bhaineann lena gcur i láthair go cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus aon torthaí suntasacha a thagann as, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn mo iniúchta.

**Faisnéis seachas ráitis an airgeadais**

Ní bhaineann mo thuairim ar ráitis an airgeadais le haon faisnéis eile a chuirtear ar fáil sna ráitis sin, agus ní chuirim aon tuairim dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ní mór dom de réir na nISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha le ráitis an airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más rud gur cosúil é go bhfuil sé míráite ar bhealach eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, tá orm thuairisc a dhéanamh ina leith.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
*(ar lean)*

### Tuairisc ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena gcuid bainistíochta agus feidhmithe. Má aithním aon ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a rinneadh gnó poiblí, tugaim tuairisc orthu.

Déanaim iarracht an fhianaise a fháil faoi rialtacht idirbhearta an airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead an phobail i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nár chomhlíon idirbhearta le rialacháin na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, dar liom,

- nár fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh mo iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta ionas go bhféadfaí ráitis an airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nár aontaigh ráitis an airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

## Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, E1) | | 17,269,000 | 15,700,000 |
| Táillí bliantiúla agus clárúchain | 2 | 7,250,687 | 7,202,745 |
| Ioncam eile | 3 | 1,541,888 | 1,450,150 |
| | | **26,061,575** | **24,352,895** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 19,888,956 | 18,394,752 |
| Taisteal agus cothú | 8 | 422,235 | 864,461 |
| Táillí gairmiúla | 9 | 663,235 | 823,182 |
| Costais foilsithe | | 41,153 | 99,580 |
| Costais tacaíochta | 10 | 2,365,672 | 2,390,704 |
| Costais bhunaithe | 11 | 2,269,857 | 1,965,164 |
| | | **25,651,108** | **24,537,843** |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | 410,467 | (184,948) |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | | 1,131,753 | 1,316,701 |
| Barrachas amhail an 31 Nollaig | | **1,542,220** | **1,131,753** |

Cuimsíonn Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain cé is moite den dímheas agus an amúchadh atá san áireamh sa Ráiteas ar an Ioncam agus an gCaiteachas Caipitiúil.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreafaí an Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 21 Aibreán 2021

## **Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais**
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, L) | 15 | 2,052,108 | 1,490,595 |
| Amúchadh Cuntas an Chiste Caipitil | 15 | 1,240,474 | 1,006,855 |
| | | **3,292,582** | **2,497,450** |
| **Caiteachas** | | | |
| Daingneáin agus feistis | 12 | 15,343 | 15,128 |
| Trealamh ríomhaireachta | 12 | 1,448,811 | 1,395,717 |
| Caiteachas neamhchaipitil | 15 | 587,954 | 79,750 |
| Dímheas | 12 | 1,240,474 | 1,006,855 |
| | | **3,292,582** | **2,497,450** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **-** | **-** |
| (Easnamh)/Barrachas ar oscailt | | - | - |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **-** | **-** |

Cuimsíonn Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain cé is moite den dímheas agus an amúchadh atá san áireamh sa Ráiteas ar an Ioncam agus an gCaiteachas Caipitiúil.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 21 Aibreán 2021

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais
## Amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 12 | 2,791,480 | 2,567,845 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 1,221,454 | 1,405,944 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 2,073,259 | 1,215,308 |
| | | 3,294,713 | 2,621,252 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Iníoctha dlite laistigh de bhliain | 14 | (1,752,493) | (1,489,499) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,542,220** | **1,131,753** |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais** | | **4,333,700** | **3,699,598** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim | | 1,542,220 | 1,131,753 |
| Cuntas Caipitil | 15 | 2,791,480 | 2,567,845 |
| | | **4,333,700** | **3,699,598** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 21 Aibreán 2021

# Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin le Glan-Chistí Sreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas /(Easnamh) Oibriúcháin | 410,467 | (184,948) |
| Laghdú/(Méadú) ar earraí infhaighte | 184,490 | (36,833) |
| Méadú/(Laghdú) ar earraí iníoctha agus fhabhruithe | 262,994 | (103,765) |
| Ús a fuarthas | (124) | (99) |
| **Glan-Shreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **857,827** | **(325,645)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta | 1,464,154 | 1,410,845 |
| Caiteachas neamhchaipitiúil | 587,954 | 79,750 |
| Deontais chaipitiúla a fuarthas | (2,052,108) | (1,490,595) |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomh'i Infheistíochta** | **-** | **-** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús a fuarthas | 124 | 99 |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomh'í Maoinithe** | **124** | **99** |
| **Glan-mhéadú/(-laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | **857,951** | **(325,546)** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim, 1 Eanáir | 1,215,308 | 1,540,854 |
| **Agd Tirim agus Coibhéisí Agd Thirim, 31 Nollaig** | **2,073,259** | **1,215,308** |

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 21 Aibreán 2021

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 21 Aibreán 2021

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Cuntasaíochta

### 1. (a) Faisnéis Ghinearálta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartais suntasacha na cuntasaíochta a glacadh leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### 1. (b) Ráiteas na Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis an airgeadais de chuid an ÚFCS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir FRS102 (caighdeán tuairiscithe an airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn), arna mhodhnú le treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhlíonadh na dtreoracha ón Aire Sláinte, ní thugann an tÚFCS cuntas ar chostais teidlíochtaí an aoisliúntais ach de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach (l) agus (m)). Ní chomhlíonann an bunús cuntasaíochta seo an FRS102, a éilíonn go n-aithneofar na costais sin sa bhliain a thuilltear an teidlíocht.

### 1. (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear ráitis an airgeadais faoin modh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúla san fhoirm a cheadaíonn an tAire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí, de réir Alt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis an airgeadais de chuid an ÚFCS.

### 1. (d) Ioncam

(i) Deontais an Oireachtais

Léiríonn an méid a chuirtear i gcuntas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe na deontais iarbhír a fuarthas sna deontais chuntasaíochta i leith an chaiteachais chaipitiúil cheadaithe i gcuntas an Ioncaim agus an Chaiteachais Chaipitiúile ar bhonn na bhfabhraithe.

(ii) Ioncam bliantúil ó tháillí

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe na n-Ionad Ainmnithe do Dhaoine Aosta trí huaire gach bliain de réir Ionstraim Reachtúil 245 de 2009, Rialacháin an Achta Sláinte 2007 (Clárú na n-Ionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) 2009 agus Ionstraim Reachtúil 493 de 2013, an tAcht Sláinte 2007 (Clárú na n-Ionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) (Leasú) Rialachán 2013.

(iii) Iarratas chun táillí a chlárú nó a athrú

Aithnítear iarratais chun táillí a chlárú nó a athrú nuair a fhaightear an táille ábhartha, de réir Ionstraim Reachtúil 245 de Rialacháin 2009, an tAcht Sláinte 2007 (Clárú na n-Ionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) 2009 agus Ionstraim Reachtúil 366 de 2013, an tAcht Sláinte 2007 (Clárú na n-Ionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Daoine Fásta) faoi Mhíchumas) Rialachán 2013.

(iv) Deontais eile

Aithnítear deontais eile, mar dheontais arna maoiniú ag tionscadail an AE, ar bhonn na bhfabhraithe.

**1. (e) Sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear na sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh sa mhéid iníoctha i Ráiteas Staid an Airgeadais.

**1. (f) Infháltais**

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil ar leith í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise neamhchlaonta ann nach mbeidh an tÚFCS in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach bogadh sa tsoláthar d'fhiachais amhrasacha i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe.

Ní dhéantar fiachas táillí bliantúla a dhíscríobh ach ar bhonn mheasúnaithe bainistíochta ar dhóchúlacht neamhbhailithe agus ar chostas an bhailithe i gcoinne an fhéich atá gan íoc. Aithnítear na méideanna go léir le haghaidh fiachais a dhíscríobhtar i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe.

## Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 1. (g) Léas oibriúcháin

Aithnítear an chaiteachas ar chíosa faoi léasanna oibriúcháin i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear an chaiteachas ar bhonn na líne dhírigh thar thréimhse an léasa.

### 1. (h) Maoiniú caipitiúil

Maoinítear sócmhainní seasta an ÚFCS ó mheascán de dheontais chaipitiúla agus leithdháiltí ón ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir an dímheas na sócmhainní lena mbaineann. Tugtar cuntas ar na deontais chaipitiúla maidir leis an gcaiteachas ceadaithe i Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais Caipitiúil ar bhonn na bhfabhraithe. Gearrtar an chaiteachas arna íoc as maoiniú caipitiúil nach bhfuil mar thoradh air sócmhainn a chruthú ar Ráiteas an Ioncaim Caipitil agus an Chaiteachais Caipitiúil ar bhonn na bhfabhraithe.

### 1. (i) Maoin, bogearraí ríomhaireachta, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear maoin, bogearraí ríomhaireachta, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide an dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála maidir le lagaithe. Cuirtear an dímheas ar gach maoin, bogearra ríomhaireachta, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhann an costas, lúide an luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn na líne dhírigh thar a saolré úsáideach measta, mar a leanas:

- Ús léasaithe — Saol an léasa
- Troscán agus feistis — 20%
- Bogearraí agus trealamh ríomhaireachta — 33.33%
- Díscríobhtar bogearraí agus trealamh ríomhaireachta scamall-bhunaithe thar shaolré an chonartha

Déantar éadálacha sócmhainní, beag beann ar fhoinse na gcistí, a chaipitliú cé is moite de shócmhainní a mhaoinítear ó dheontais ioncaim (neamhchaipitiúil) a bhfuil luach faoi bhun na méideanna seo a leanas:

- Trealamh nó troscán agus feistis — - Níos lú ná €3,809
- Bogearraí ríomhaireachta nó trealamh TFC — - Níos lú ná €1,270

Sé atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a bhaint as, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a rabhthas ag súil léi ag deireadh a saolré úsáideach. Má tá fianaise neamhchlaonta ann go bhfuil lagú ar luach na sócmhainne, aithnítear caillteanas na lagaithe Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachas Caipitiúil agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe.

### 1. (j) Sócmhainní doláimhsithe

Siad na sócmhainní doláimhsithe ná na bogearraí a cheannaigh an tÚFCS. Déantar costais sheachtracha maidir le ceadúnú agus forbairt na mbogearraí a chaipitliú nuair is féidir á n-aithint mar bhogearraí le húsáid ar leith ag an ÚFCS agus go bhfuilfear ag súil go mbainfear tairbhí gnó astu do roinnt blianta amach anseo. Déantar costais taighde a dhíscríobh de réir mar a thabhaítear iad.

### 1. (k) Aoisliúntas

De réir Alt 27 den Acht Sláinte 2007, tá scéim aoisliúntais bunaithe ag an ÚFCS atá ceadaithe ag an Roinn Sláinte.

Is scéim aoisliúntais na sochair shainithe í an scéim do na fostaithe. Níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníoctha. Cuirtear ranníocaíochtaí na bhfostaithe atá páirteach scéim chun sochair i Ráitis an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe nuair a íoctar iad. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir leis na sochair atá iníoctha sna blianta amach anseo.

### 1. (l) Scéim phinsean aonair na seirbhíse poiblí

Tá gach iontrálaí nua san earnáil phoiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina bhall den scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí, ina n-íoctar gach asbaint pinsean an fhostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar na híocaíochtaí pinsin faoin scéim ar Ráiteas an Ioncaim agus an Chaiteachais agus Cúlchistí an Ioncaim Coinnithe nuair a íoctar iad. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir leis na sochair atá iníoctha sna blianta amach anseo.

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**1. (m) Breithiúnais agus meastacháin criticiúla na cuntasaíochta**

Éilíonn ullmhú ráitis an airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an ráitis ar staid an airgeadais agus ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh an ioncaim agus an chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, os rud é gur meastacháin iad, is féidir leis na torthaí dáiríre a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Bhí an éifeacht is suntasaí ag an mbreithiúnas seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear i ráitis an airgeadais:

**Dímheas agus luachanna iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an ÚFCS ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha a bhaineann leis na sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus ar luachanna iarmharacha na ndaingneáin agus na bhfeistis, agus tháinig sé ar an tuairim gur oiriúnach iad saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 2. Ioncam as Táillí Bliantúla agus Clárúcháin

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Bliantúla | 6,798,237 | 6,871,145 |
| Táillí Clárúcháin | 452,450 | 331,600 |
| | **7,250,687** | **7,202,745** |

### 3. Ioncam Eile

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ranníocaíochtaí an aoisliúntais | 459,039 | 460,821 |
| Deontais AE agus deontais eile | 38,546 | 39,625 |
| An Coimisiún Meabhar-Shláinte | 3,764 | 20,933 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus Comhionannas | - | 16,000 |
| An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh | 237,123 | - |
| An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú | 21,914 | 29,883 |
| Deontais ó Bhord Taighde na Sláinte | 451,318 | 532,729 |
| An Clár Náisiúnta um Thaithí an Chúraim | 330,000 | 350,000 |
| Ús a fuarthas | 124 | 99 |
| Ioncam ilghnéitheach | 60 | 60 |
| **Iomlán** | **1,541,888** | **1,450,150** |

### 4. Costais Foirne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 16,108,962 | 14,777,057 |
| Pinsin | 850,689 | 723,279 |
| Foireann gníomhaireachtaí | 1,225,227 | 1,368,745 |
| Táillí chomhaltaí an bhoird | 75,178 | 73,022 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa na bhfostóirí | 1,628,900 | 1,452,649 |
| **Iomlán** | **19,888,956** | **18,394,752** |

Baineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise de €509,387 (2019, €585,672) ó thuarastail na foirne agus cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Sláinte iad.

## 5. Luach saothair

### 5. (a) Sochair Iomlánaithe na bhFostaithe

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe | 16,108,962 | 14,777,057 |
| Teidlíocht saoire bhliantúil gan íoc | 220,889 | 126,742 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta | 1,628,900 | 1,452,649 |
| | **17,958,751** | **16,356,448** |

Ba é líon iomlán na foirne a bhí fostaithe, ar choibhéis lánaimseartha, ag deireadh na bliana ná 264 (2019, 252)

### 5. (b) Sochair ghearrthéarmacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bun-phá | 16,108,962 | 14,477,057 |
| | **16,108,962** | **14,477,057** |

### 5. (c) Príomhbhainisteoirí

Siad baill na hardbainistíochta ná an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Measúnú Teicneolaíocht na Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir na Rialála, an Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte, agus Príomhoifigeach Gníomhach an Oibriúcháin. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaí do na príomhbhainisteoirí:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Príomhfheidhmeannach | 160,524 | 157,031 |
| Príomhbhainisteoirí eile | 550,372 | 492,849 |
| | **710,896** | **649,880** |

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh. Tá an Is baill de scéim pinsin an ÚFCS iad an príomhfheidhmeannach agus na príomhbhainisteoirí eile agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin caighdeánach na seirbhíse poiblí.

D'aisíoc an ÚFCS €7,683 (2019, €38,185) leis na na príomhbhainisteoirí le haghaidh taistil, cothaithe agus costais eile a tabhaíodh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

Tá sonraí faoi na táillí a tuilleadh agus na caiteachais a aisíocadh le baill an Bhoird leagtha amach i Ráiteas an Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## 6. Sochair Gearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a rangú sna raonta seo a leanas:

| **Sochair na bhFostaithe** | **2020 Líon** | **2019 Líon** |
|---|---|---|
| €60,001 - €70,000 | 86 | 65 |
| €70,001 - €80,000 | 35 | 28 |
| €80,001 - €90,000 | 13 | 14 |
| €90,001 - €100,000 | 9 | 8 |
| €100,001 - €110,000 | 5 | 2 |
| €110,001 - €120,000 | 0 | 1 |
| €120,001 - €130,000 | 0 | 0 |
| €130,001 - €140,000 | 0 | 2 |
| €140,001 - €150,000 | 2 | 0 |
| €150,001 - €160,000 | 2 | 1 |

Ba é nialas iomlán na ranníocaíochtaí pinsin fostóra a íocadh i rith na bliana (2019, nialas). I gcás an nochtaithe seo, séard atá i sochair ghearrthéarmacha an fhostaí i ndáil le seirbhísí a tugadh dó le linn na tréimhse tuairiscithe ná tuarastal, liúntais ragoibre agus aon íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsíonn siad ÁSPC an fhostóra.

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 7. Meánlíon Foirne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Rialachán | 170 | 163 |
| Measúnú Teicneolaíocht na Sláinte | 14 | 14 |
| Faisnéis agus Caighdeáin na Sláinte | 26 | 23 |
| Foireann tacaíochta | 51 | 48 |
| | **261** | **248** |

Amhail an 31 Nollaig, bhí 264 bhall foirne ar choibhéis lánaimseartha fostaithe ag an ÚFCS (2019, 252).

### 8. Taisteal agus Cothú

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Intíre** | | |
| An Bord | 932 | 5,797 |
| Fostaithe | 413,218 | 809,728 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Fostaithe | 4,999 | 38,254 |
| | | |
| Seirbhísí gairmiúla seachtracha* | 3,086 | 10,682 |
| | **422,235** | **864,461** |

Cuimsíonn taisteal agus cothú de chuid an Bhoird an €592 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird (2019, €3,600). Baineann an t-iarmhéid €340 (2019, €2,197) le caiteachas a d'íoc an ÚFCS thar ceann chomhaltaí an Bhoird maidir le lóistín óstáin. Sa chás inar chuir an tÚFCS lóistín ar fáil, níor éiligh an comhalta aon chothú.

* Baineann an costas seo le costais taistil agus chothaithe a thabhaigh an tÚFCS mar chuid den chostas conarthach maidir le seirbhísí gairmiúla ar leith a fháil.

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 9. Táillí Gairmiúla

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Comhairleacht** | | |
| Comhairle Dlí | 207,425 | 164,468 |
| Seirbhísí gairmiúla agus comhairleacht an TFC | 229,978 | 357,449 |
| Forbairt na gcaighdeán agus measúnuithe teicneolaíocht na sláinte | 7,949 | 27,522 |
| Forbairt eagraíochtúil | 77,469 | 119,950 |
| Córas faisnéis na n-acmhainní daonna | 3,030 | (5,982) |
| Seirbhísí eastáit | 30,589 | - |
| Suirbhé ar an bhfoireann | - | 17,158 |
| Seirbhísí éascaithe agus cóitseála | 24,509 | 21,632 |
| Creidiúnúcháin sheachtracha | 3,176 | 3,229 |
| Seirbhísí tacaíochta na bpinsean | 8,926 | 7,893 |
| Seirbhísí soláthair | 5,218 | 8,358 |
| Athbhreithniú ar an suíomh Gréasáin | 10,164 | 13,776 |
| Ceardlann ar riosca agus rialachas an bhoird | (4,365) | 7,457 |
| Comhairleacht na n-Acmhainní Daonna | 3,354 | 33,302 |
| Comhairleacht rialachais agus straitéise | 54,029 | 44,814 |
| Eile | 1,784 | 2,156 |
| **Seirbhísí gairmiúla san iomlán** | **663,235** | **823,182** |

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 10. Costais tacaíochta

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Earcaíocht | 144,075 | 157,654 |
| Oiliúint agus forbairt na foirne | 353,972 | 251,743 |
| Ballraíocht chomhairleach agus síntiúis | 131,506 | 185,911 |
| Teileafón | 144,080 | 132,886 |
| Tacaíocht agus soláthairtí an TFC | 1,402,367 | 1,475,054 |
| Iniúchadh inmheánach | 78,551 | 56,725 |
| Iniúchadh seachtrach | 17,000 | 13,000 |
| Postas agus stáiseanóireacht | 75,882 | 96,731 |
| Monatóireacht ar na meáin cumarsáide | 7,890 | 11,002 |
| Cúireirí | 7,663 | 7,618 |
| Ús agus táillí íocaíochta prasa | 1,652 | 1,197 |
| Táillí bainc | 1,034 | 1,183 |
| **Iomlán** | **2,365,672** | **2,390,704** |

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 11. Costais Bhunaithe

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos | 1,342,149 | 1,215,415 |
| Muirir seirbhís an fhoirgnimh | 202,031 | 187,311 |
| Árachas | (1,147) | 6,165 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 278,502 | 60,036 |
| Cíos ar sheomra cruinnithe | 1,386 | 17,594 |
| Imeachtaí le geallshealbhóirí agus lónadóireacht | 15,306 | 45,734 |
| Solas agus teas | 129,729 | 129,409 |
| Glanadh agus bruscar | 155,522 | 127,230 |
| Slándáil | 129,852 | 160,490 |
| Coinneáil agus stóráil na dtaifead | 2,920 | 3,306 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 13,607 | 12,474 |
| **Iomlán** | **2,269,857** | **1,965,164** |

### 12. Sócmhainní seasta

| | Ús ar an léasacht | Daingneáin | Trealamh ríomhairea | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Iarmhéid, 1/1/2020 | 2,067,364 | 729,817 | 5,104,756 | 7,901,937 |
| Breiseanna | - | 15,343 | 1,448,811 | 1,464,154 |
| Diúscairtí | - | - | (72,552) | (72,552) |
| Costas nó luacháil, 31/12/2020 | 2,067,364 | 745,160 | 6,481,015 | 9,293,539 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid, 1/1/2020 | 1,109,816 | 657,017 | 3,567,259 | 5,334,092 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 109,126 | 22,734 | 1,108,614 | 1,240,474 |
| Carntha dímheas ar dhiúscairt | - | - | (72,507) | (72,507) |
| Dímheas carntha 31/12/2020 | 1,218,942 | 679,751 | 4,603,366 | 6,502,059 |
| **Glanluach leabhair, 31 Nollaig 2020** | **848,422** | **65,409** | **1,877,649** | **2,791,480** |
| **Glanluach leabhair, 31 Nollaig 2020** | **957,548** | **72,800** | **1,537,497** | **2,567,845** |

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 13. Infháltais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais na dtáillí bliantúla | 244 | 305 |
| Réamhíocaíochtaí | 581,631 | 727,376 |
| An Roinn Sláinte - Deontais Chaipitiúla infhaighte | 205,077 | 387,905 |
| Féichiúnaithe na dTionscadal | 390,944 | 233,753 |
| Infháltais an Phárolla | 19,524 | 25,140 |
| Infháltais Eile | 24,034 | 31,465 |
| | **1,221,454** | **1,405,944** |

### 14. Iníoctha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain)

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha | 65,251 | 59,006 |
| Ioncam réamhíoctha | 48,949 | 62,786 |
| Ioncam réamhíoctha ó thionscadail | 231,261 | 3,764 |
| Fabhruithe trádála | 642,785 | 763,432 |
| Asbhaintí párolla | 543,358 | 473,769 |
| Fabhrú pá saoire | 220,889 | 126,742 |
| | **1,752,493** | **1,489,499** |

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 15. Cuntas Capitiúil

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir | 2,567,845 | 2,163,855 |
| **Gluaiseacht le linn na tréimhse** | | |
| Caiteachas maidir le deontas an chláir caipitiúil agus an TFC | 2,052,108 | 1,490,595 |
| Caiteachas neamhchaipitiúil (Nóta 1) | (587,954) | (79,750) |
| Diúscairtí | (72,552) | (113,767) |
| Méid amúchta de réir an dímheasa don tréimhse | (1,240,474) | (1,006,855) |
| Dímheas carntha ar dhiúscairtí | 72,507 | 113,767 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **2,791,480** | **2,567,845** |

**Nóta 1** Baineann an caiteachas neamhchaipitiúil le caiteachas ar tháillí gairmiúla, nár chomhlíon míniú an FRS 102 i leith sócmhainne seasta.

### 16. Gealltanais Caipitiúla

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ar conradh le haghaidh | 100,262 | 349,170 |
| | **100,262** | **349,170** |

# Nótaí i leith Ráitis an Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 17. Gealltanais Léasaithe

Tá trí áitreabh lonnaithe ar léas ag an ÚFCS faoi láthair (Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh). I ngach cás déantar socrú an léasa idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Rinneadh an léas i leith Gheata na Cathrach, Machain, Corcaigh sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain agus míosa amháin. Sé €388,941 an cíos bliantúil atá le híoc. Mar thoradh ar na socruithe a rinneadh mar chuid den chlár díláraithe, íocann Oifig na nOibreacha Poiblí an cíos seo agus ní aisíoctar ón ÚFCS é.

Rinneadh an léas i leith Margadh na Feirme i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain. Sé an cíos bliantúil atá le híoc ná €1,172,774.

Rinneadh an léas i leith Bóthar Áth Cinn i nGaillimh an 1 Feabhra 2016 ar feadh téarma 10 mbliana. Sé €19,350 an cíos bliantúil atá le híoc.

### 18. Leasanna Comhaltaí an Bhoird

Tá na gnáis ann ag an Údarás chun déileáil le coimhlintí leasa, de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 19. Faomhadh Ráiteas an Airgeadais

D’fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar an 21 Aibreán 2021.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Tuaraisc bhliantúil maidir le nochtaithe cosanta

De réir alta 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 is mór gach comhlacht poiblí tuaraisc bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaithe cosanta a fhaightear le linn na bliana roimhe sin agus cad a rinneadh mar thoradh (má rinneadh). Ní cheart go n-aithneofaí éinne a rinne nochtadh cosanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Tá Príomhfheidhmeannach an ÚFCS a fhorordú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 7 (2) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, mar fhaighteoir iomchuí na nochtaithe ar éagóir ábhartha a bhaineann le gach ábhar maidir le caighdeáin sábháilteachta agus cúraim na ndaoine a fhaigheann seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta sna hearnálacha cúram na sláinte poiblí agus deonacha agus seirbhísí an chúraim shóisialta i gcás na hearnála cúram sláinte príobháideach, mar a fhoráiltear leis an Acht Sláinte 2007. Ní féidir déileáil le haon nochtadh dá leithéid ach ar bhealach atá comhsheasmhach le, agus oiriúnach do, ról, cearta agus dualgais reachtúla de chuid an UFCS.

Le linn na bliana 2020, rinneadh athbhreithniú iomlán ar phróiseas na nochtaithe cosanta agus cuireadh próiseas níos éifeachtaí i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a fháil. Áiríodh leis seo athbhreithniú ar mbheartas agus ar ghnás na Nochtaithe Cosanta, doiciméid threoracha a chur le chéile agus cursaí athoiliúint na foirne. Ina theannta sin, rinneamar uasdátú ar an bhfaisnéis ar ár suíomh Gréasáin ag leagan amach dóibh siúd, seachas fostaithe HIQA, conas nochtadh cosanta a dhéanamh dúinn, cén fhaisnéis is gá a chur isteach agus cad a dhéanann an ÚFCS nuair a fhaigheann sé nochtadh. Chuireamar an Treoir maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ar an ÚFCS le Le linn na bliana 2020, rinneadh athbhreithniú iomlán ar phróiseas na nochtaithe cosanta agus cuireadh próiseas níos éifeachtaí i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a fháil. Áiríodh leis seo athbhreithniú ar mbheartas agus ar ghnás na Nochtaithe Cosanta, doiciméid threoracha a chur le chéile agus cursaí athoiliúint na foirne. Ina theannta sin, rinneamar uasdátú ar an bhfaisnéis ar ár suíomh Gréasáin ag leagan amach dóibh siúd, seachas fostaithe HIQA, conas nochtadh cosanta a dhéanamh dúinn, cén fhaisnéis is gá a chur isteach agus cad a dhéanann an ÚFCS nuair a fhaigheann sé nochtadh. Chuireamar an Treoir maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ar an ÚFCS le cheile chomh maith agus tá sé seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin an ÚFCS anseo freisin.

Baineann an tuaraisc seo leis an tréimhse idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2020.

Sa bhliain 2020, fuarthas 17 nochtadh agus rinneadh iad a meas faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Rinneadh an fhaisnéis seo a logáil agus a mheasúnú in aghaidh an riosca agus úsáideadh í i ngach cás chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is iomchuí don ÚFCS mar rialtóir seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta agus i gcomhlíonadh a chuid dualgais faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Ní dhearna aon ball foirne nochtadh le linn na bliana 2020.

# Aguisín 2: **Cairt Seirbhíse**

Chuir an ÚFCS Cairt Seirbhíse le chéile chun faisnéis a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn i dteagmháil lenár seirbhísí maidir le leibhéal na seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil uainn. Leagtar amach sa Chairt ár ngealltanas chun teagmháil a dhéanamh lenár gcuid geallsealbhóirí de réir phrionsabail na seirbhíse a chur ar fáil ar ardchaighdeán do chustaiméirí agus do chliaint na seirbhíse poiblí. Chuireamar plean gníomhaíochta i leith na mblianta 2019-2021 le chéile freisin, a chuimsíonn spriocanna intomhaiste ar leith atá dírithe ar ghnéithe dár n-idirghníomhaíochtaí leo a fhorbairt agus a fheabhsú leo siúd a thagann i dteagmháil linn chun chríche ar bith.

D'fhoilsíomar tuairisc faoin dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm plean gníomhaíochta ár gCairt Seirbhíse le linn na bliana 2020 ar www.hiqa.ie.

## Aguisín 3: Tuaraisc um Shaoráil Faisnéise

Fuair an tÚFCS 107 iarratas um Shaoráil Faisnéise (SF) san iomlán sa bhliain 2020, dhá cheann acu á iompar ón mbliain 2019. Is ionann na figiúirí seo agus an méadú 41% ar líonn na iarratas um Shaoráil Faisnéise ar an UFCS i rith na bliana roimhe sin. Tá tuilleadh sonraí faoi na hiarratais seo ar fáil sna táblaí thíos.

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, thosaigh an tÚFCS ag foilsiú iarratais um Shaoráil Faisnéise neamhphearsanta, lena n-áirítear na cinntí agus na taifid a n-eisíodh faoi Shaoráil na Faisnéise sa bhliain 2020. Is féidir iad seo a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin an ÚFCS.

Uasdátadh an fhaisnéis phoiblí maidir le Saoráil na Faisnéise ar shuíomh Gréasáin an ÚFCS.

| 2020 Iarrtais ar SF | |
|---|---|
| Á n-iompar ó 2019 | 2 |
| Faighte 2020 | 107 |
| **Iomlán a láimheáladh** | **109** |
| Á gcur ar aghaidh go 2021 | 5 |
| **Dunta i 2020** | **104** |

| 2020 Aicmiú na Réiteach | |
|---|---|
| Bronnta | 12 |
| Cuid de bronnta | 52 |
| Diúltaithe | 10 |
| Aistrithe | 3 |
| Tarraingthe siar | 7 |
| Déileáilte lasmuigh den SF | 20 |

## Aguisín 4: Tomhaltas an fhuinnimh

Le 12 mhí anuas, lean an ÚFCS ag obair i dtreo na spriocanna a leag an Rialtas síos chun ár n-ídiú fuinnimh a laghdú 33% faoin mbliain 2020 agus sháraigh sé iad faoi dheireadh na bliana. Tháinig laghdú mór ar líon na foirne a bhí ag obair in oifigí de chuid an ÚFCS mar thoradh ar shrianta paindéime an COVID-19 agus chuir sé leis an laghdú ar ídiú an fhuinnimh. I gcomhar leis an Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ) agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), tá sábháil fuinnimh iomlán de 37.7% á baint amach ag an ÚFCS ar a bhliain bhunlíne 2010. Léiríonn é seo gealltanas an ÚFCS maidir lena lorg carbóin a laghdú agus le na chuidiú timpeallacht oibre níos inbhuanaithe a fhorbairt dá chuid chomhghleacaithe agus don phobal i gcoitinne. Leanfaimid orainn ag obair leis an ÚFIÉ agus leis an OOP chun na spriocanna nua atá leagtha síos ag an Rialtas a chomhlíonadh, siad sin laghdú fuinnimh 50% agus laghdú carbóin 30% faoin mbliain 2030.

Thug an ÚFCS faoi roinnt tionscadal chun a chuid aidhmeanna go dtí seo a bhaint amach agus chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh spáráil an fhuinnimh. Cé go léiríonn na figiúirí thuas na haidhmeanna san iomlán, táimid ag fanacht leis na sonraí bunlíne atá le húsáid i leith na spriocanna nua a soiléiriú. Má choinnítear leis na sonraí bunlíne reatha, táimid ar ár mbealach chun an cuspóir seo a bhaint amach. Má dhéantar na figiúirí bunlíne a athrú, áfach, déanfaidh an tÚFCS athmheasúnú ar a chuid pleananna chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

### ÚFCS Margadh na Feirme

| Ábhar | Leictreachas | Gás | Ioml |
|---|---|---|---|
| Bliain bunlíne (2010) | 513,114 | 608,769 | 1,121,883 |
| Sna 12 mhí roimhe sin | 308,461 | 360,064 | 668,525 |
| **% Difríocht** | **-39.9%** | **-40.9%** | **-40.4%** |

### ÚFCS Corcaigh

| Ábhar | Leictreachas | Gás | Ioml |
|---|---|---|---|
| Bliain bunlíne (2010) | 215,128 | 0 | 215,128 |
| Sna 12 mhí roimhe sin | 167,868 | 0 | 167,868 |
| **% Difríocht** | **-22.0%** | **0.0%** | **-22.0%** |

**Iomlán bunbhliana Corcaigh + Margadh na Feirme i gcoinne iomlán na 12 mhí anuas go dtí Nollaig 2020. Gan úsáid a bhaint as HDDCanna.**[19]

| Ábhar | Leictreachas | Gás | Ioml |
|---|---|---|---|
| Bliain bunlíne | 728,242 | 608,769 | 1,337,011 |
| Sna 12 mhí roimhe sin | 476,329 | 360,064 | 836,393 |
| **% Difríocht** | **-34.6%** | **-40.9%** | **-37.4%** |

19 Laethanta na gCéime Teasa Ceartaithe.

## Aguisín 5: **Bainistiú Gearán**

Cuireann an tÚFCS fáilte roimh bharúlacha, mholtaí agus ghearáin faoina chuid feidhmíochta agus a chuid iompair i leith a dhualgas agus a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Is féidir leis an aiseolas seo teacht ó sholáthraithe na seirbhíse, othair, chúramóirí, ghaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, ghníomhaireachtaí reachtúla agus ón bpobal i gcoitinne. Cuireann an tÚFCS fáilte roimh gach aiseolas agus measann sé go bhfuil sna gearáin ná deiseanna chun cleachtas agus gnáis a athbhreithniú agus chun réimsí le feabhsú a aithint. Is mian linn freisin gearáin a réiteach ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, agus bainimid Úsáid as cur chuige an réitigh luath i leith gach gearáin agus is féidir.

Le linn na bliana 2020, fuair an tÚFCS cúig ghearán, ar déileáladh leo go léir de réir ár mbeartais.

# Aguisín 6: An tAcht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Cuireann Alt 42 den Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, an riachtanas ar gach comhlacht poiblí dualgas na hearnála poiblí i leith cearta daonna a chosaint, an comhionannas a chur chun cinn agus deireadh a chur leis an idirdhealú. Comhlíonann an tÚFCS a chuid dualgas san earnáil phoiblí de réir an Achta; tá an eagraíocht uaillmhianach ina leith seo, áfach, agus ba mhaith léi tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a cur chuige maidir le cearta daonna.

Sa bhliain 2020, rinne an tÚFCS athbhreithniú ar an gcaoi a chuireann sé comhionannas chun cinn agus a chosnaíonn sé cearta daonna ina chuid ghníomhaíochtaí uile. Fuarthas amach go raibh na baill foirne go mór i bhfábhar chearta daonna i ngach réimse den eagraíocht. Tacaíonn an fhís de chuid an ÚFCS le cearta a chosaint agus comhionannas a chur chun cinn agus tá sé intuigthe ina chuid beartas agus gnásanna.

Tacaíonn feidhm na n-acmhainní daonna de chuid an ÚFCS le comhionannas na deise ina chuid phróisis earcaíochta, agus le creat inniúlachta a fhorbairt i leith deiseanna foghlama agus forbartha. Tá gnásanna córa i bhfeidhm aige agus cuireann sé an comhionannas chun cinn ina bheartas gearáin agus ina phróisis dínit ag an obair chomh maith lena bheartas comhionannais.

Aithneoidh an tÚFCS na 'saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta' ar leith le linn na bliana 2021. Nuair a bheidh a leithéid oibre déanta aige, cuirfidh an ÚFCS creat um chearta daonna agus an gcomhionannas le chéile agus cuirfear é seo i bhfeidhm ar gach próiseas a fhorbrófar agus ar a phlean corparáideach chomh maith.

Is gnéithe lárnaigh de chuid fheidhmeanna rialála an ÚFCS iad cosaint na gcearta agus an comhionannas a chur chun cinn. Sa bhliain 2021, méadóimid guth na n-aosach agus na leanaí a bhaineann úsáid as na seirbhísí faoi rialáil agus faoi mhonatóireacht agus cuirfimid tuilleadh faisnéise faoi chearta daonna ar fáil. Tá an tÚFCS ag moladh don Roinn Sláinte maidir le leasúcháin a dhéanamh ar an Acht Sláinte 2007 agus ar na rialacháin lena mbainean, rud a neartóidh cur chuige an Údaráis ina leith seo.

Bhíodh forbairt de chuid an ÚFCS ar chaighdeáin, mholtaí, threoir agus mheasúnuithe teicneolaíocht na sláinte bunaithe i gcónaí ar cheisteanna na gcearta daonna agus an chomhionannais. Feabhsóidh an dá fheidhm seo a gcuid próiseas freisin chun béim bhreise a chur ar phrionsabail na gcearta daonna.

Tabharfaidh an tÚFCS tuairisc ar na pleananna seo ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2021.

# Aguisín 7: **Comhdhálacha agus léachtaí**

Le linn na bliana 2020, chuir fostaithe an ÚFCS obair na heagraíochta i láthair ag roinnt comhdhálacha agus seimineár gréasáin agus thug siad léachtaí do mhic léinn. Ina measc bhí:

- Comhdháil Bhliantúil SPHeRE 2020, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.
- Léacht ar an Eolaíocht Feidhmithe don ghrúpa MSc maidir le Ceannaireacht ar Ardleibhéil i Scoil Altranais agus Cnáimhseachais an CRMÉ i mí Feabhra.
- Ceardlanna na hEolaíochta Feidhmithe do Líonra na hÉireann agus Thuaisceart Éireann ar an Eolaíocht Feidhmithe i mí Lúnasa.
- Máistir-Rang na Sonraí agus na r-Shláinte do Bhainisteoirí Altranais, sraith seimineár gréasáin, ar an 25 Iúil.
- Comhdháil Idirnáisiúnta *HealthInf* (Faisnéisíocht na Sláinte) i mí Feabhra.
- Léachtaí do MSc sa tSláinte Poiblí agus MSc sa tSláinte Dhigiteach de chuid COC agus dóibh siúd ag críochnú chláir PhD de chuid SPHeRE.
- Ócáid Máithreachais agus Cnáimhseachais Uile-Éireann.
- Seimineár gréasáin de chuid Sintéis na Fianaise Éireann: *Fianaise ar Bheartas: taithí an ÚFCS ar shintéis na fianaise le linn paindéim an COVID-19.*
- Seimineár gréasáin de chuid Sintéis na Fianaise Éireann: *Athbhreithnithe córasacha a úsáid sna Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta agus i Measúnú Teicneolaíocht na Sláinte in Éirinn.*
- Seimineár gréasáin de chuid *Guidelines International Network* (Líonra na dTreoirlínte Idirnáisiúnta: *MTS agus Treoirlínte: Cad is féidir linn a fhoghlaim óna chéile.*
- Comhdháil um Shábháilteacht Dóiteáin i Seirbhísí an Chúraim Sláinte.




*Foireann an ÚFCS ag Comhdháil SPHeRE ar an 25 Feabhra 2020. Ó chlé go deas: Linda Drummond, Orla Bruton, James Larkin, Michelle Williams, An Dr Kieran Walsh, Sarah Fitzgerald, Judy Gannon, An Dr Máirín Ryan, Paul Dunbar, Dr Éamon Ó Murchu agus Liam Marshall.*

# Aguisín 8: **Foilseacháin acadúla**

- Cardwell, K., Jordan, K., Byrne, P., Smith, S. M., Harrington, P., Ryan, M., agus O'Neill, M. *The effectiveness of non-contact thermal screening as a means of identifying cases of Covid-19: a rapid review of the evidence* (Éifeachtacht an scagtha theirmigh neamhtheagmhála mar bhealach chun cásanna de Covid-19 a aithint: athbhreithniú tapa ar an bhfianaise). Reviews in Medical Virology. 2020. e2192.
- Carty PG, McCarthy M, O'Neill SM, Harrington P, O'Neill M, Teljeur C, Smith SM, Ryan M. *Laboratory-based dried blood spot testing for hepatitis C: A protocol for systematic review and meta-analysis of diagnostic accuracy* (Tástáil saotharlainne-bhunaithe an spota fola triomaithe le haghaidh an heipitítis C: Prótacal maidir le hathbhreithniú córasach agus meiteashonrú ar an gcruinneas diagnóiseach). HRB Open Research. Deireadh Fómhair 2020. 3(78):78
- Comber L, O Murchu E, Drummond L, Carty PG, Walsh KA, De Gascun CF, Connolly MA, Smith SM, O'Neill M, Ryan M, Harrington P. *Airborne transmission of SARS-CoV-2 via aerosols* (Tarchur aeriompartha an SARS-CoV-2 trí aerasóil). Rev Med Virol. Deireadh Fómhair 2020. e2184. doi: 10.1002/rmv.2184
- Comber L, Walsh KA, Jordan K, O'Brien KK, Clyne B, Teljeur C, Drummond L, Carty PG, De Gascun CF, Smith SM, Harrington P, Ryan M, O'Neill M. *Alternative clinical specimens for the detection of SARS-CoV-2: A rapid review* (Eiseamail chliniciúla mhalartacha chun an SARS-CoV-2 a aimsiú: Athbhreithniú tapa). Rev Med Virol. Deireadh Fómhair 2020. doi: 10.1002/rmv.2185.
- Lehane E, Agreli H, O' Connor S, Hegarty J, Leahy Warren P, Bennett D, Blake C, Burke F, Corrigan M, Drennan J, Hayes M, Heffernan E, Horgan F, Lynch H, McVeigh J, Müller N, O'Keeffe E, O'Rourke N, O'Toole E, O'Tuathaigh C, Sahm L, Savage E. *Building capacity: getting evidence-based practice into healthcare professional curricula* (Acmhainn a thógáil: cleachtas bunaithe ar an bhfianaise a chur isteach i gcuraclaim na ngairmithe i gcúram na sláinte). BMJ Evidence based Medicine. Iúil 2020. Ar fáil ag: https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/32719051/
- McGrath N, Foley B, Hurley C, Ryan M and Flynn R. *A multi-method quality improvement approach to systematically improve and promote the quality of national health and social care information* (Cur chuige ilmhódach um fheabhsú na cáilíochta chun cáilíocht faisnéis na sláinte agus an chúraim shóisialta náisiúnta a fheabhsú agus a chur chun cinn go córasach). Health Information Management Journal. 2020. Ar fáil ag: https://journals.sagepub.com/doi/10.1177/1833358320926422

- Murchu E, Byrne P, Walsh KA, Carty PG, Connolly M, De Gascun C, Jordan K, Keoghan M, O'Brien KK, O'Neill M, Smith SM, Teljeur C, Ryan M, Harrington P. *Immune response following infection with SARS-CoV-2 and other coronaviruses: A rapid review* (Freagra imdhíonachta tar éis ionfhabhtaithe leis an SARS-CoV-2 agus le coronavíréis eile): Athbhreithniú tapa. Rev Med Virol. Meán Fómhair 2020. e2162. doi: 10.1002/rmv.2162.
- O'Dwyer V, Behan L, Weir L, Connolly D and Flynn R. (2020) *Translating national standards into practice: Supporting social care professionals* (Caighdeáin náisiúnta a aistriú go cleachtas: Tacú le gairmithe an chúraim shóisialta). Journal of Social Care: Iml. 3, Alt 1. Ar fáil ag: https://arrow.tudublin.ie/jsoc/vol3/ iss1/1
- Rohde, D., Ahern, S., Clyne, B., Comber, L., Spillane, S., Walsh, K.A., Carty, P.G., Drummond, L., Boland, T., Smith, S.M. agus Connolly, M.A. *Effectiveness of face masks worn in community settings at reducing the transmission of SARS-CoV-2: A rapid review* (Éifeachtacht caitheamh na maisc aghaidhe i suíomhanna pobail maidir le tarchur an SARS-CoV-2 a laghdú: Athbhreithniú tapa). HRB Open Research. 2020. 3(76), p.76.
- Teljeur C, Ryan M. *Supporting the public health response to COVID-19 in Ireland: the role of HIQA* (Ag tacú le freagairt na sláinte poiblí ar an gCOVID-19 in Éirinn: ról an ÚFCS). Irish Geography. 2020; 53(2): 145-149
- Walsh KA, Jordan K, Clyne B, Rohde D, Drummond L, Byrne P, Ahern S, Carty PG, O'Brien KK, O'Murchu E, O'Neill M, Smith SM, Ryan M, Harrington P. *SARS-CoV-2 detection, viral load and infectivity over the course of an infection* (Aimsiú an SARS-CoV-2, an ualach víreasach agus an ionfhabhtaíochas le linn an ionfhabhtaithe). J Infect. Meán Fómhair 2020. 81(3):357-371. doi: 10.1016/j.jinf.2020.06.067
- Walsh KA, Spillane S, Comber L, Cardwell K, Harrington P, Connell J, Teljeur C, Broderick N, de Gascun CF, Smith SM, Ryan M, O'Neill M. *The duration of infectiousness of individuals infected with SARS-CoV-2* (Tréimhse an ionfhabhtaíochais i ndaoine aonair atá ionfhabhtaithe leis an SARS-CoV-2). J Infect. Nollaig 2020. 81(6):847-856. doi: 10.1016/j.jinf.2020.10.009

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:**

An t-Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Cúirt Sheoirse,
Lána Sheoirse,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Guthán: +353 (0) 1 814 7400
R-phost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

**© An t-Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht 2021**